Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Na Chéad 5

## Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i bhFeidhm 2019





*Rhys, 4 bliana d'aois*

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Na Chéad 5

## Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i bhFeidhm 2019



# CLÁR ÁBHAR


## Brollaigh

Réamhrá an Taoisigh 7
Réamhrá an Aire 8
Brollach an BOBF Comhairle Chomhairleach Cathaoirleach 9

## Cúlra ar An Chéad 5

Achoimre ar Na Chéad 5 12
Na Chéad 5 Chéim Mhóra 15
Scéal na Luath-Óige 17
Ar Bhfís do Luath-Óige 21
Sracfhéachaint ar an Chéad 5 22

## Cur i bhFeidhm Na Chéad 5 in 2019 agus dul chun cinn ar gharspriocanna 2019

Réamhrá 24
Dul chun cinn foriomlán in 2019 agus ar gharspriocanna 2019 25
Dul chun cinn a rinneadh i dtreo spriocanna Na Chéad 5 26

## Dul chun cinn i measc spriocanna, chuspóirí agus bhloic thógála Na Chéad 5

Sprioc A Teaghlaigh agus Pobail Láidre agus Thacúla 29
Sprioc B Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach 37
Sprioc C Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe 46
Sprioc D Córas éifeachtach luath-óige 54





## Dul chun cinn Gharspriocanna 2019


Sprioc A Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla 66
Sprioc B Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach 84
Sprioc C Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe 119
Sprioc D Córas éifeachtach luath-óige 147


## Aguisín


Téarmaí Tagartha do Ghrúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 201


## Tagairtí



*Erin, 5 bliana d'aois*

# BROLLAIGH



# RÉAMHRÁ AN TAOISIGH

Fáiltím roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla 2019 ar Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 a leagann béim ar éachtaí suntasacha maidir le fís an Rialtais don luath-óige a bhaint amach.

Tréimhse ríthábhachtach i saol an linbh is ea an chéad chúig bliana agus tá sé thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt scileanna foghlama chomh maith le cumais shóisialta agus mhothúchánacha. Aithníonn an Clár Rialtais é seo. Léiríonn sé ár dtiomantas Straitéis Na Chéad 5 a chur i bhfeidhm trí luath-idirghabháil a neartú agus tacú le teaghlaigh trí sheirbhísí a bhfuil torthaí láidre acu do leanaí agus dá dteaghlaigh a leathnú.

Baineadh amach beagnach gach garsprioc sa phlean forfheidhmithe tosaigh trí obair daoine aonair, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí atá ag obair i gcomhar le chéile chun an tús is fearr sa saol a thabhairt do leanaí.

Fáiltím roimh na príomhéachtaí lena n-áirítear teidlíocht nua ar shaoire íoctha do thuismitheoirí agus teidlíochtaí breisithe ar shaoire neamhíoctha do thuismitheoirí; raon beart nua chun óigí níos sláintiúla a chur chun cinn; dul chun cinn maidir le hathchóirithe lárnacha ar chóras fhoghlaim agus chúram na luath-óige; obair bhunaidh chun tacaíochtaí tuismitheoireachta a chuíchóiriú agus a fheabhsú ar fud an Rialtais agus bearta nua chun dul i ngleic le bochtaineacht na luath-óige.

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh an tiomantas seo a chomhlíonadh, i bhfianaise na ndúshlán atá roimh leanaí óga agus a dteaghlaigh mar gheall ar Phaindéim Covid-19. Tuigim na hábhair imní atá ag tuismitheoirí agus na deacrachtaí atá ag go leor teaghlach ag an am seo. Ba mhaith liom tú a chinntiú go bhfuil an Rialtas ag faire amach ach go háirithe do na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag srianta ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar a dteaghlaigh agus leanfaimid orainn ag obair chomh crua agus is féidir linn chun tacú le gach teaghlach tríd an tréimhse dheacair seo.

Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun cur i bhfeidhm Straitéise Na Chéad 5 a chur chun cinn chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do leanaí in Éirinn.

**Micheál Martin** TD
AN TAOISEACH

# RÉAMHRÁ AN AIRE

Cúis áthais dom an chéad tuarascáil bhliantúil feidhmithe le haghaidh Na Chéad 5 a fhoilsiú, ár straitéis deich mbliana uile-Rialtais do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh.

Táim buíoch de na Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, na hEarnálacha Pobail agus Deonacha agus grúpaí eile as an díograis atá léirithe acu i ndáil le cur chun feidhme na Straitéise seo agus as a rannpháirtíocht fhiúntach sa phróiseas tuairiscithe trí nuashonruithe tráthúla agus mionsonraithe a sholáthar.

Gabhaim buíochas freisin le struchtúir chur chun feidhme Na Chéad 5; go háirithe Grúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 agus Cuibhreannas agus Comhairle Chomhairleach Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile a thacaigh le agus a chuir an plean uaillmhianach seo le haghaidh chúram na luath-óige chun cinn ón tús.

Bhí ár struchtúir cur chun feidhme agus ár gcur chuige maidir le monatóireacht agus tuairisciú sárluachmhar chun cur chun feidhme rathúil a chinntiú agus léargas a thabhairt ar an obair dhearfach atá ag tarlú ar fud an Rialtais agus na sochaí lena chinntiú go gcuireann leanaí an tús is fearr agus is féidir leis an saol.

Léirítear i gCéad Thuarascáil Feidhmithe Na Chéad 5 go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta in 2019 chun an méid seo a leanas a chinntiú:

- tá óige shláintiúil ag leanaí a thosaíonn sa tréimhse réamhbhreithe,
- caitheann leanaí am lena dtuismitheoirí, go háirithe sa chéad bhliain, i dtimpeallachtaí baile atá cothaitheach agus spraíúil, áit a bhfreastalaítear ar riachtanais ábhartha;
- bíonn eispéiris fhoghlaim na luath-óige ar ardchaighdeán ag leanaí; agus
- tacaítear le leanaí aistriú chuig agus trí fhoghlaim na luath-óige agus ar aghaidh chuig an mbunscoil.

Athdhearbhaíodh i gClár an Rialtais tiomantas do chur chun feidhme iomlán Na Chéad 5 agus cinntítear go bhfuil leanaí ag croílár ár gcuid oibre. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh againn. Tríd an Straitéis agus Clár an Rialtais, athróimid seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí agus dá dteaghlaigh ionas gur féidir le leanaí barr a gcumais a bhaint amach.

**Roderic O'Gorman** TD
AN tAIRE LEANAÍ COMHIONNAIS, MÍCHUMAIS, LÁPHAÍRTÍOCHTA AGUS OÍGE

# BROLLACH AN BOBF COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH CATHAOIRLEACH

Is ionann Na Chéad 5 agus an tionscnaimh beartais is tábhachtaí do leanaí óga le glúin anuas agus leagfaidh feidhmiú an tionscnaimh an bhonnsraith le haghaidh torthaí níos fearr do gach leanbh. Tá spriocanna uaillmhianacha sonraithe in Na Chéad 5 le haghaidh forbairt seirbhísí do leanaí agus teaghlaigh agus cumhdaítear gach gné d'fhorbairt linbh ann. Is ionann an Tuarascáil Feidhmithe Mionsonraithe seo a chur i dtoll a chéile agus céim thábhachtach i rianú agus i dtomhas na ngarspriocanna atá sonraithe sa Straitéis. Chomh maith leis sin, is fianaise é ar thiomantas do chuntasacht agus do thrédhearcacht agus is eiseamláir do straitéisí eile atá ann.

Gné shuntasach eile is ea go bhfuil scóip thras-rannach luaite leis an Tuarascáil Feidhmithe seo agus cabhraíonn sé lena chinntiú nach mbeidh tiomantais luathbhlianta neamhchomhtháite.  Chomh maith leis sin, tuigeann an Chomhairle, ainneoin na ndúshlán a bhaineann le COVID-19, gur éirigh leis an Rialtas Tuarascáil Feidhmithe a chur i dtoll a chéile, cé gur cuireadh moill bheag ar an obair.

Gan dóthain acmhainní, d'fhéadfadh go mbeadh Straitéisí thíos leis mar thoradh ar bhearna feidhmithe. Díol suntais, dá réir sin, is ea gur bhunaigh an Rialtas Oifig Feidhmithe Na Chéad 5 agus gur cuireadh bailchríoch ar na pleananna a bhaineann leis sin in 2019. Chomh fada is a bhaineann le tiomantais shonracha in Na Chéad 5, díol suntais is ea gur éirigh leis an Rialtas déileáil le teidlíochtaí leathnaithe a bhain le saoire le pá agus gan phá. Chomh maith leis sin, bhunaigh an Rialtas Aonad um Thacaíocht Tuismitheoireachta a bheidh freagrach as samhail náisiúnta de sheirbhísí tacaíochta tuismitheoireachta a fhorbairt.  Chomh fada is a bhaineann le cúrsaí cothaithe, fáiltíonn an Chomhairle roimh fhoilsiú Treoirlínte maidir le Bia Sláintiúil do leanaí idir 1-5 bliana d'aois agus tá tús curtha leis an obair a bhaineann le Caighdeáin Chothaithe a fhorbairt do Shuíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige. Díol suntais chomh maith is ea go bhfuarthas maoiniú i gCáinaisnéis 2020 chun clár béilí a reáchtáil ar bhonn píolótach i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus clár béile te i scoileanna.

Laistigh de na tiomantais a bhaineann le sláinte, tá aird tarraingthe ag an gComhairle ar rolladh amach leanúnach www.mychild.ie, forbairt tacaíochtaí do bheathú cíche, agus forbairt dhá mhodúl ríomhfhoghlama meabhairshláinte agus forbairt Chaighdeáin Bhabaí-Oiriúnacha HSE.

Amach anseo, d'fháilteodh an Chomhairle roimh thuilleadh dul chun cinn ar fhorbairt foireann oibre atá dírithe ar shláinte leanaí. In 2019, bhunaigh an Roinn Sláinte Grúpa Stiúrtha agus is den tábhacht é go dtugtar tús áite don obair seo. Tiomantas nua ba ea é seo faoi Na Chéad 5 agus braithfidh rath na Straitéise ar fhorbairt na seirbhíse seo.

Maidir leis na tiomantais a bhaineann le foghlaim na luath-óige, fáiltíonn an Chomhairle roimh an raon tionscnamh ar cuireadh tús leis in 2019. Mar shampla, ceapadh Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí agus foireann d'Oifigigh Forbartha Feighlíochta Leanaí chun tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí. Lena chois sin, cuireadh tús leis an obair ar Phlean Forbartha don Lucht Saothair d'Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus ar Shamhail Chistithe a fhorbairt. Leagfaidh an dá thionscnamh an bhonnsraith d'fhorbairt clár náisiúnta nua do sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige tráth ar tharraing COVID-19 aird ar an ngá atá le samhail phoiblí níos inbhuanaithe soláthair a fhorbairt. I bhfianaise an naisc dhoshéanta atá idir cáilíochtaí na foirne agus caighdeán, tá an Chomhairle ag súil le foilsiú thuarascáil eatramhach Ghrúpa Stiúrtha Phlean Forbartha an Lucht Saothair. Is fiú a lua freisin, go bhfuil spéis ar leith ag an gComhairle in, agus go mbeidh dlúthmhonatóireacht á déanamh ag an gComhairle ar phleanannna an Rialtais gníomhaireacht luathbhlianta nua a bhunú, Cúram Leanaí Éireann (Childcare Ireland), sprioc a bhfuil sé beartaithe í a chomhlíonadh roimh dheireadh 2021.

Tá ról speisialta ag foghlaim agus cúram na luath-óige i ndéileáil le bochtaineacht agus a chinntiú go mbaineann gach leanbh barr a c(h)umais amach. Tá an Chomhairle ag díriú go háirithe ar an tiomantas atá sonraithe in Na Chéad 5 samhail fhoghlaim agus chúram na luath-óige a fhorbairt do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste. Tá dlús á chur faoin obair seo anois faoi threoir an Ghrúpa Saineolaithe a bhfuil sé de chúram air samhail chistithe nua a fhorbairt don earnáil. Molann an Chomhairle tús áite a thabhairt don tiomantas seo ó tharla go mbeidh Ráthaíocht i dTaobh Leanaí an AE á seoladh gan mhoill, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh san Eoraip atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ar raon seirbhísí sóisialta lena n-áirítear Oideachas agus Cúram na Luath-Óige saor in aisce.

**Tanya Ward**
AN BOBF COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH CATHAOIRLEACH

# CÚLRA AR AN CHÉAD 5



# ACHOIMRE AR NA CHÉAD 5


## Fis Spriocanna Prionsabail Agus An Creat Gniomhaiochta

### Fís

Léireofar luach ar luathbhlianta gach naíonáin agus linbh óig mar thréimhse ríthábhachtach agus ar leith ar cheart taitneamh a bhaint aisti. Cabhrófar le teaghlaigh agus cuirfear ar a gcumas naíonáin agus leanaí óga a chothú agus tacú lena bhforbairt, agus cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sé. Beidh ar chumas iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cur lena bhfoghlaim, forbairt, sláinte agus folláine. Cabhróidh comhthéacsanna pobail le naíonáin agus leanaí óga chun an tairbhe is mó a bhaint dá luathbhlianta agus a lánchumas a bhaint amach.

### Spriocanna

- Sprioc A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla
- Sprioc B: Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach
- Sprioc C: Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe
- Sprioc D: Seirbhísí agus tacaíochtaí a oibríonn níos fearr i gcóras éifeachtach luath-óige




*Anna, 5 bliana d'aois*

## Prionsabail

Baintear na prionsabail atá mar bhonn agus taca faoi An Chéad 5 ó Right from the Start.

- Tréimhse thábhachtach agus ar leith í an luathóige sa saol nach mór a chothú, meas agus a léiriú uirthi agus nach mór tacú léi ina ceart féin.
- Imríonn caidreamh agus idirghníomhú le páirtithe eile, agus na timpeallachtaí ina dtiteann siad amach, ról lárnach i gcáilíocht eispéiris leanaí sa luath-óige.
- Ba cheart go mbeadh seirbhísí agus tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do leanaí agus a dteaghlaigh a bheith ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana do chách, agus ba cheart dóibh a aithint go dteastóidh tacaíocht bhreise ó roinnt leanaí agus teaghlach i gcomhthráth.
- Teastaíonn ó sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar go ndéanann gach duine a oibríonn le leanaí agus teaghlaigh cumarsáid agus comhoibriú lena chéile agus le leanaí agus teaghlaigh in atmaisféar cóimheasa agus comhchuspóra/comhpháirtíochta.
- Caithfidh an tsochaí luach a léiriú ar agus tacú le tuismitheoirí, caomhnóirí, teaghlaigh agus gach duine a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt leanaí óga chun cinn.
- Ba cheart go mbeadh beartais rialtais a bhaineann le leanaí a bheith curtha ar an eolas ag fianaise, trí chaighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais agus ag cearta leanaí.



*Alanna, 5 bliana d'aois*

## Creat gníomhaíochta

Soláthrófar na ceithre Sprioc trí naoi gCuspóir chomhcheangailte (faoi Spriocanna A, B agus C) agus cúig Bhloc Tógála (faoi Sprioc D). Leagtar Gníomhartha Straitéiseacha amach faoi gach Cuspóir agus Bloc Tógála. Sonraítear gníomhartha ar leith atá le cur chun cinn i gcaitheamh na chéad trí bliana sa tábla Gníomhartha anuas ar na príomhranna Rialtais a shainaithnítear do gach gníomh. Seo an creat gníomhaíochta d'fhad An Chéad 5 agus leagann sé an bonn faoi mhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm.

Mar Straitéis bheo ina ndéantar athbhreithniú ionsuite i ndiaidh trí bliana, bíonn súil leis go gcuirfear gníomhartha ar leith leis lena soláthar idir an meántéarma agus an fadtéarma de réir mar a chuirtear cur i bhfeidhm chun cinn. Áireofar le cur i bhfeidhm clár An Chéad 5 agus clár Taighde agus Meastóireachta An Chéad 5.

Fiosróidh clár Trialacha An Chéad 5 tionscnaimh nuálacha chun éifeachtacht a thástáil i gcomhthéacs Éireannach, agus inbhuanaitheacht a dheimhniú do chur i bhfeidhm ar fud na tíre. Tacóidh clár Taighde agus Meastóireachta

An Chéad 5 leis na trialacha seo, agus cuirfidh sé leis an tuiscint atá ar shaol leanaí óga agus a dteaghlaigh agus na seirbhísí agus tacaíochtaí a dhéanfaidh an difear is mó dóibh.



*Ethan, 4 bliana d'aois*

# NA CHÉAD 5 CHÉIM MHÓRA

## 1 Teacht ar réimse níos fairsinge de roghanna do thuismitheoirí chun cothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt

Chun tacú le leanaí níos mó ama a chaitheamh lena dtuismitheoirí, go háirithe sa chéad bhliain, leagtar amach i Na Chéad 5 pleananna chun teidlíocht níos faide ar shaoire le pá agus gan phá a chur ar fáil d'aithreacha agus do mháithreacha araon. Gabhfaidh réimse beart leis seo chun socruithe oibre solúbtha níos fearr a thacaíonn le teaghlaigh a fhorbairt.

## 2 Samhail nua de thacaíocht tuistithe

Déanfaidh Na Chéad 5 na tacaíochtaí reatha tuistithe a chuíchóiriú agus a fheabhsú i measc réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Cuirfear faisnéis agus treoir inrochtana ardchaighdeáin ar fáil do thuismitheoirí chun iompar sláintiúil a chur chun cinn, luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe a éascú agus na coinníollacha a chruthú chun ceangail láidre idir tuismitheoirí agus leanaí a chruthú agus a chothú. Ina theannta sin, cuirfear contanam seirbhísí tuistithe ar fáil - idir seirbhísí uilíocha agus spriocdhírithe - cláir thuistithe ardchaighdeáin ina measc. Bhunaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige anois) Aonad Tuistithe nua chun an obair thábhachtach seo a stiúradh.

## 3 Forbairtí nua ar shláinte leanaí

Príomhghníomhaíocht chun fís inbhainte amach a dhéanamh de Na Chéad 5 a bheidh i lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt, a bheidh dírithe i dtosach ar cheantair ina bhfuil ard-dlús daonra agus míbhuntáiste. Leagtar amach sa Straitéis bearta nua chun iompar dearfach sláinte agus meabhairshláinte naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chur chun cinn. Ina theannta sin, sainaithnítear bearta chun barr breise feabhais a chur ar an gClár Náisiúnta Óige Sláintiúla. Tá an Oifig Éire Shláintiúil sa Roinn Sláinte ag stiúradh baint amach na mbeart seo i gcomhar le príomhranna agus príomhghníomhaireachtaí eile rialtais.

## 4 Athchóiriú córais Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC)

Cuireann Na Chéad 5 leis na forbairtí an-suntasacha a rinneadh ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige (agus cúram leanaí ar aois scoile) le blianta beaga anuas agus féachann sé le feabhas breise a chur ar inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht. I measc na mbeart, tá: an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a thabhairt isteach agus a fheabhsú go leanúnach, druidim de réir a chéile i dtreo lucht saothair fhoghlaim agus chúram na luath-óige gairmiúil atá faoi stiúir céimithe, rialacháin agus tacaíochtaí a shíneadh chun gach feighlí leanaí agus seirbhís cúraim leanaí ar aois scoile a chuimsiú, agus samhail nua chistithe a thabhairt isteach do ELC agus SAC. Faoin tsamhail seo, tacófar le fostóirí chun coinníollacha oibre níos fabhraí a sholáthar a dhéanfaidh an fhoireann a mhealladh agus a choimeád. Buntacóidh struchtúr treisithe rialachais ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil leis na hathchóirithe seo.

## 5 Pacáiste beart chun dul i ngleic le bochtaineacht luath-óige

Sainaithnítear in Na Chéad 5 bearta nua a rachaidh i ngleic le bochtaineacht sa luath-óige. Ina measc seo, tá teacht níos fairsinge ar ELC saor in aisce agus fóirdheonaithe, síneadh a chur leis na Scéimeanna Teasa agus Folláine agus Tithe Níos Teo, Cláir Chócaireachta Pobail agus clár béilí a thabhairt isteach chuig roinnt suíomhanna ELC. Anuas air sin, cruthófar deiseanna breise chun an bhearna a laghdú idir na leanaí is mó a bhfuil buntáiste acu agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste trí shamhail de chineál DEIS a thabhairt isteach do shuíomhanna ELC.



*Ciara, 4 bliana d'aois*

# SCÉAL NA LUATH-ÓIGE

## Fís

Léireofar luach ar luathbhlianta gach naíonáin agus linbh óig mar thréimhse ríthábhachtach agus ar leith ar cheart taitneamh a bhaint aisti. Cabhrófar le teaghlaigh agus cuirfear ar a gcumas naíonáin agus leanaí óga a chothú agus tacú lena bhforbairt, agus cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sé. Beidh ar chumas iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cur lena bhfoghlaim, forbairt, sláinte agus folláine. Cabhróidh comhthéacsanna pobail le naíonáin agus leanaí óga chun an tairbhe is mó a bhaint dá luathbhlianta agus a lánchumas a bhaint amach.

Léiríonn leathanaigh tosaigh Straitéis Na Chéad 5 an fhís is fearr don luath-óige. An fhís seo a bhaint amach is í aidhm Na Chéad 5.

Tá sé bunaithe ar na caibidlí is tábhachtaí i saol leanaí óga: sláinte mhaith sa luath-óige a thosaíonn le linn toirchis, am a chaitheamh le tuismitheoirí i dtimpeallacht chothaitheach agus spraíúil bhaile, áit a bhfreastalaítear ar riachtanais ábhartha, luathfhoghlaim agus cúram ardchaighdeáin súgradhbhunaithe, aistriú dearfach chuig an mbunscoil, agus comhthéacs tacúil cuimsitheach níos fairsinge sa phobal i gcoitinne ina dtiteann na luathbhlianta amach.

Cinntíonn córas luath-óige a fheidhmíonn go maith go dtugtar tacaíocht uasta i ngach ceann de na limistéir seo do naíonáin agus leanaí óga.

Leagtar amach sa Straitéis An Chéad 5 conas córas tacaíochtaí agus seirbhísí comhtháite trasearnála agus ardchaighdeáin a fhorbairt – córas éifeachtach luath-óige[1] – a chabhróidh le gach naíonán agus leanbh óg in Éirinn chun eispéiris dhearfacha luatha a bheith acu. Mínítear sa Straitéis an fáth ar cheart an córas seo a fhorbairt, an chuma ba cheart a bheith uirthi agus, ar an rud is tábhachtaí, na gníomhartha riachtanacha.



Déantar breithniú ar an teaghlach ar fud An Chéad 5 nuair a chuirtear a ról ríthábhachtach san áireamh maidir le tacú le heispéiris dhearfacha do leanaí óga.

Tá an t-aistear luathbhlianta spreagúil agus tábhachtach. Cinntímis gurb iontach an scéal é do gach leanbh.

## Luathóige shláintiúil ag tosú ón toircheas



Tosaíonn an fhoghlaim roimh bhreith. Imríonn an méid a thiteann amach i rith toirchis, agus roimh ghiniúint, tionchar ar fhorbairt linbh[2, 3]. Is féidir le seiceálacha luatha sláinte fadhbanna a shainaithint sula bhforbraíonn siad. Is féidir leis an saghas ceart seirbhísí ag an am ceart an oiread sin difríochta a dhéanamh[4,5].

Tacóidh córas n éifeachtach luath-óige le tuismitheoirí chun ullmhúchán maith a dhéanamh do thoircheas, teacht ar chúram ardchaighdeáin réamhbhreithe, roghanna sláintiúla a dhéanamh i rith toirchis agus eispéiris dhearfacha bhreithe a bheith acu. Ciallaíonn seo acmhainní faisnéis ardchaighdeáin a chur ar fáil, agus barr feabhais a chur ar sheirbhísí sláinte, teagmháil bhreise ina measc le máithreacha atá ag súil le leanbh, cúram sármhaith máithreachais a chinntiú[6].

Le linn luathmhíonna agus luathbhlianta linbh, leanfaidh córas éifeachtach luath-óige ag tacú le tuismitheoirí chun ceangail láidre a chruthú, meabhairshláinte dhearfach a chothú, agus roghanna sláintiúla a dhéanamh, agus athbhreithnithe sláinte linbh, vacsaínithe agus scagthástáil a sholáthar ar bhonn uilíoch. Sainaithneofar leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu a luaithe agus is féidir, agus gheobhaidh siad an tacaíocht chuí[7,8].

## Am a chaitheamh le tuismitheoirí, go háirithe sa chéad bhliain i dtimpeallacht chothaitheach agus spraíúil bhaile, ina bhfreastalaítear ar riachtanais ábhartha leanaí

Is iad an caidreamh idir an tuismitheoir agus an leanbh, caidreamh idirthuismitheora, agus an timpeallacht bhaile[9] an bhunchloch faoi fhorbairt luath-óige[10] Baineann tábhacht ar leith leis an gcéim roimh bhreithlá trí bliana linbh chun an inchinn a fhás. Is é bainne cíche an fhoinse is fearr do chothú do naíonán[11]. Baineann naíonáin an tairbhe is mó as aird aonair a fháil ó chúramóir grámhar agus freagrúil agus cuireann seo ar a gcumas ceangail láidre a chruthú. I gcaitheamh agus i ndiaidh na míonna ríthábhachtacha seo, tá caidreamh teaghlaigh,[12,13] agus súgartha agus taiscéaladh a chothú i gceartlár fhorbairt linbh[14].



Bíonn impleachtaí ollmhóra ag cúinsí fostaíochta tuismitheoirí - cé acu má oibríonn nó mura n-oibríonn siad lasmuigh den bhaile, cathain a oibríonn siad agus cé mhéid a thuilleann siad i dtaobh leanaí[15], ní dá laghad mar gheall ar an luach a léiríonn leanaí óga agus tuismitheoirí araon ar am a chaitheamh le chéile mar theaghlachn[16].

Cuirfidh córas éifeachtach luath-óige ar chumas aithreacha agus máithreacha cúram a thabhairt do leanaí i rith a gcéad bhliana trí theidlíochtaí saoire thuismitheoireachta níos flaithiúla. Tacóidh sé le máithreacha chun tús a chur le, agus leanúint le, cothú cíche agus a chur ar chumas tuismitheoirí forbairt linbh, cothú agus sábháilteacht a thuiscint agus tacú leis agus luathfhoghlaim agus súgradh a chur chun cinn. Tacóidh idirghabháil níos déine le teaghlaigh leochaileacha chun dúshláin ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha a shárú[17].

Cuirfidh córas éifeachtach luath-óige roghanna ar fáil do thuismitheoirí faoi chothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt. Ciallaíonn sin rochtain ar shocruithe a thacaíonn le teaghlaigh a sholáthraíonn tacaíocht do chothromaíocht oibre is saoil, agus a chinntiú gur leor ioncam ón obair chun tacú le teaghlach, agus cur leis, nuair is gá, chun go mbíonn dóthain acmhainní ag teaghlaigh agus go bhfreastalaítear ar riachtanais ábhartha leanaí. Ciallaíonn sé, chomh maith, luathfhoghlaim agus cúram, de shaghsanna éagsúla, a bheith inacmhainne agus ar ardchaighdeán chun gur rogha inmharthana do thuismitheoirí é rannpháirtíocht i bhfostaíocht, cé acu go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, agus muinín a bheith acu go bhfuil cúram maith á thabhairt dá leanaí[18].

## Eispéiris ardchaighdeáin shúgradhbhunaithe Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC)



Caitheann go leor leanaí óga go leor dá lá agus cúram á thabhairt dóibh ag daoine nach a dtuismitheoirí iad. Is féidir cúram neamhthuismitheora a sholáthar trí mheascán de dhaoine muinteartha nach bhfuil gaol gar leo agus LFC bunaithe sa bhaile nó in ionad. Príomhchinntitheach i dtaobh cáilíochta iad na daoine aonair a bhíonn bainteach i bhfoghlaim agus cúram a sholáthar agus, chun go mbeidh leanaí faoi bhláth, caithfidh gur féidir leo na saghsanna caidrimh a chothú agus timpeallachtaí a chruthú atá mar shaintréith d'eispéiris dhearfacha. Tá LFC ardchaighdeáin an-luachmhar do leanaí a bhfuil dúshláin rompu sa bhaile.

Cinnteoidh córas éifeachtach luath-óige go mbíonn ar chumas acu siúd a thugann cúram do leanaí óga chun tacú le forbairt luath-óige. I gcás cúraim ag teaghlach, cairde agus comharsana, ciallaíonn seo faisnéis, acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil níos fairsinge sa phobal áitiúil. I dtaobh soláthar níos foirmiúla agus a n-íoctar as, ciallaíonn seo lucht saothair atá cáilithe go cuí agus ar a léirítear luach, creat curaclaim a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cuntasacht as cloí le caighdeáin cháilíochta agus rialacháin[19], go háirithe i dtaobh LFC a fhóirdheonaítear go poiblí.



## Aistrithe dearfacha chuig an mbunscoil

Aistriú mór is ea an t-aistriú chuig bunoideachas i saol leanaí óga. Is féidir le haistriú réidh a chinntiú go gcuireann leanaí tús dearfach leis an scoil. Tosca tábhachtacha iad an aois a thosaíonn leanbh an scoil, struchtúr na timpeallachta foghlama agus na tacaíochtaí a chuireann tuismitheoirí agus múinteoirí ar fáil[20].

Déanfaidh córas éifeachtach luath-óige an scoil a thosú níos rathúla trí chumarsáid níos mó a chumasú idir suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, bunscoileanna agus tuismitheoirí, go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu; foghlaim níos súgradhbhunaithe agus dírithe ar an leanbh i luathbhlianta na bunscoile; go mbíonn ar chumas bunscoileanna freastal ar leanaí óga trí mhéideanna ranga níos lú; níos mó ama agus spáis le súgradh, agus stíleanna idirghníomhacha múinteoireachta[21].

## Comhthéacsanna tacúla pobail

Is é an Pobal ina gcónaíonn naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh an cúlra d'fhorbairt i gcaitheamh na luathbhlianta agus déanann se eispéiris laethúla a mhúnlú[22].


Cinnteoidh córas éifeachtach luath-óige go mbíonn pobail cuimsitheach, agus go mbíonn áiteanna iontu le súgradh agus foghlaim, go mbíonn deiseanna iontu do thuismitheoirí agus leanaí óga chun casadh lena chéile, agus go mbíonn tacaíochtaí agus seirbhísí cuimsitheacha ann a chothaíonn luathfhorbairt agus a fhreagraíonn do riachtanais bhreise, agus a lorgaíonn go réamhghníomhach chun gach leanbh agus tuismitheoir a spreagadh chun gnímh[23].

Ciallaíonn seo spás pobail poiblí a dheartar agus aird ar naíonáin agus leanaí óga, tacaíocht do ghrúpaí tuismitheoirí agus lapadán agus áiteanna eile inar féidir le teaghlaigh óga casadh lena chéile, chomh maith le seirbhísí comhtháite ina mbíonn comhfhriotal ag an lucht saothair laistigh de na seirbhísí sláinte, LFC, bunoideachais agus tacaíochta teaghlaigh agus ina n-oibríonn siad as lámh a chéile[24].



*Katelyn, 3 bliana d'aois*

# ÁR BHFÍS do LUATH-ÓIGE



# SRACFHÉACHAINT AR Na Chéad 5

## A — Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

| Spriocanna | Cuspóirí | Gníomhartha Straitéiseacha | | |
|---|---|---|---|---|
| A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla | 1. Cothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt | 1.1 Cúram do leanaí a éascú ag tuismitheoirí sa bhaile go háirithe i rith na chéad bhliana | 1.2 Barr feabhais a chur ar theacht ar oibriú a thacaíonn le teaghlaigh lena ligean do leanaí níos mó ama a chaitheamh le tuismitheoirí | |
| | 2. Faisnéis, seirbhísí agus tacaíochtaí do thuismitheoirí | 2.1 Faisnéis, acmhainní agus feachtais a chomhordú do thuismitheoirí | 2.2 Samhail shrathach de thacaíocht tuistithe | |
| | 3. Acmhainní praiticiúla agus ábhartha | 3.1 Bearta a chur chun cinn chun ioncam teaghlaigh a uasmhéadú agus díriú ar leith ar bhochtaineacht in aois an pháiste | 3.2 Tacú le cóiríocht oiriúnach a fhorbairt do theaghlaigh le leanaí | 3.3 Pobail a thacaíonn le leanaí a dhearadh agus a fhorbairt |

## B — Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

| Spriocanna | Cuspóirí | Gníomhartha Straitéiseacha | | |
|---|---|---|---|---|
| B: Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach | 4. Iompar dearfach sláinte | 4.1 Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh | 4.2 Tacaíochtaí iompar sláinte a chomhtháthú isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí agus i bpobail | 4.3 Sábháilteacht leanaí a chur chun cinn agus cosc a chur naíonáin agus leanaí óga a ghortú go neamhbheartaithe |
| | 5. Seirbhísí sláinte ardchaighdeáin | 5.1 An Clár Náisiúnta Óige Sláintiúla a fhorbairt chun freastal níos fearr ar riachtanais naíonán agus leanaí óga | 5.2 Feabhas a chur ar theacht ar chúram teiripeach agus leighis do naíonáin agus leanaí óga | |
| | 6. Meabhairshláinte dhearfach | 6.1 Feabhas a chur ar shaincheisteanna meabhairshláinte a shainaithint go luath do naíonáin agus leanaí óga | 6.2 Feabhas a chur ar theacht ar thacaíochtaí meabhairshláinte, a chomhtháthaítear isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí | |

## C — Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe

| Spriocanna | Cuspóirí | Gníomhartha Straitéiseacha | | |
|---|---|---|---|---|
| C: Luathfhoghlaim dhearfach shúgradhbhunaithe | 7. Timpeallacht dhearfach foghlama baile | 7.1 Tacú le tuismitheoirí chun timpeallachtaí spraíúla foghlama baile a sholáthar do naíonáin agus leanaí óga | 7.2 Tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i luathfhoghlaim leanaí in LFC agus ar scoil | 7.3 Patrúin rollaithe agus rannpháirtíochta dhearfacha in LFC agus ar scoil a chinntiú |
| | 8. Teacht ar LFC inacmhainne ardchaighdeáin | 8.1 LFC ardchaighdeáin a dhéanamh níos inacmhainne | 8.2 An fháil a bhíonn ar LFC ardchaighdeáin a fhóirdheonaítear go poiblí a shíneadh | 8.3 A chinntiú go gcuireann LFC ardchaighdeáin rannpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht chun cinn |
| | 9. Aistrithe lena dtacaítear | 9.1 Bearta chun faisnéis a mhalartú chun tacú le haistrithe leanaí | 9.2 Leanúnachas a mhéadú idir LFC agus suíomhanna bunscoile | 9.3 Foghlaim do leanaí a chothú fad a aistríonn siad ó LFC chuig an mbunscoil |

## D — Seirbhísí agus tacaíochtaí a oibríonn níos fearr i gcóras éifeachtach luath-óige

### Bloc Tógála 1: Ceannaireacht, rialachas, comhoibriú

**Gníomhartha Straitéiseacha**

- 1.A Cur i bhfeidhm agus rialachas
- 1.B Ceannaireacht chóras luath-óige
- 1.C Tionscadail chomhoibritheacha

### Bloc Tógála 2: Rialáil, cigireacht, dearbhú cáilíochta

**Gníomhartha Straitéiseacha**

- 2.A A Caighdeáin a fhorbairt, a bharrfheabhsú agus a chur i bhfeidhm
- 2.B Rialáil agus cigireacht a athchóiriú

### Bloc Tógála 3: Lucht saothair oilte agus inbhuanaithe

**Gníomhartha Straitéiseacha**

- 3.A Riachtanais foirne a shainaithint agus dul i ngleic leo
- 3.B Feabhas a chur ar oiliúint agus FGL tosaigh don fhoireann luath-óige go léir
- 3.C LFC a ghairmiúlú; tacú le fostóirí chun lucht saothair ardchaighdeáin a mhealladh agus a choimeád

### Bloc Tógála 4: Taighde, sonraí, monatóireacht agus meastóireacht

**Gníomhartha Straitéiseacha**

- 4.A Tacú le taighde luath-óige
- 4.B Sonraí riaracháin agus torthaí a fhorbairt
- 4.C Monatóireacht dhaingean a dhéanamh ar fud an Rialtais

### Bloc Tógála 5: Infheistíocht straitéiseach

**Gníomhartha Straitéiseacha**

- 5.A A Níos mó cistiú poiblí
- 5.B Meicníochtaí d'infheistíocht straitéiseach
- 5.C Bearta chun dul chun cinn a rianú

# CUR I BHFEIDHM NA CHÉAD 5 IN 2019 AGUS DUL CHUN CINN AR GHARSPRIOCANNA 2019



# RÉAMHRÁ

Foilsíodh Na Chéad 5 (First 5), straitéis 10 mbliana uile-Rialtais uile-shochaí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh i Samhain 2018 agus comhlíonann sé príomhghníomh i dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (BOBF): an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga, (2014-2020).

Díríonn Na Chéad 5 ar an tréimhse luath-óige, ón tréimhse réamhbhreithe go haois a cúig, agus glacann sé le cur chuige ceangailte trasrialtais i leith tacú le naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh i rith na luathbhlianta ríthábhachtacha seo.

Sainaithnítear sa Straitéis breis agus 150 gníomh tosaigh i measc Ranna Rialtais a dhéanfar a thabhairt chun cinn go substainteach sa chéim thosaigh um chur i bhfeidhm ó 2019 go 2021.

Cumhdaítear sa Phlean um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5, a foilsíodh i mBealtaine 2019, an chéad chéim seo de chur i bhfeidhm. Sainaithnítear ann príomh-gharspriocanna do gach gníomh i rith 2019, 2020 agus 2021 anuas ar an bpríomh-aschur don ghníomh atá le baint amach faoin mbliain 2021. Sainaithníodh 305 garsprioc don bhliain 2019.

Déantar athbhreithniú i dTuarascáil ar Chur i bhFeidhm Bliantúil Na Chéad 5 ar dhul chun cinn a rinneadh in 2019 agus maidir le garspriocanna seo 2019.

Dírítear sa Tuarascáil ar phríomhéachtaí, ar an iomlán, agus déantar cur síos inti ar an dul chun cinn a rinneadh i measc spriocanna, cuspóirí straitéiseacha agus bloic thógála Na Chéad 5. Cuirtear nuashonrú mionsonraithe ar dhul chun cinn a rinneadh ar gach garsprioc aonair i láthair freisin.

Mar gheall gur foilsíodh Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm Bliantúil Na Chéad 5 i mBealtaine 2019, níor bhliain iomlán féilire a bhí sa chéad bhliain de chur i bhfeidhm.



*Leon, 4 bliana d'aois*

# DUL CHUN CINN FORIOMLÁN IN 2019 AGUS AR GHARSPRIOCANNA 2019

Ar an iomlán, baineadh 209 de na 305 garsprioc, ar an iomlán, don bhliain 2019 amach faoi dheireadh 2019 – arb ionann sin agus ráta críochnaithe 69%.

Mar gheall ar COVID-19, cuireadh moill ar fhoilsiú na Tuarascála ar Chur i bhFeidhm Bliantúil Na Chéad 5 (2019). Chuir an mhoill seo an deis ar fáil chun an dul chun cinn atá á dhéanamh ar gharspriocanna 2019 a nuashonrú. Léirigh seo tiomantas soiléir agus leanúnach do chur i bhfeidhm i rith 2020.

Meastar go mbainfear 905 de gharspriocanna uile 2019 amach faoi dheireadh 2020. Is ionann an leibhéal seo de dhul chun cinn i measc gach cinn de cheithre sprioc Na Chéad 5 (féach thíos).

| | Garspriocanna 2019 | Críochnaithe in 2019 | Críochnaithe i Ráithe 2 2020 | Le Críochnú i Ráithe 4 2020 | Ní chríochnófar iad in 2020 | Ráta críochnaithe ag deireadh 2019 | Ráta críochnaithe ag deireadh 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sprioc A | 45 | 31 | 3 | 8 | 3 | 69% | 93% |
| Sprioc B | 94 | 63 | 5 | 17 | 9 | 67% | 90% |
| Sprioc C | 63 | 41 | 1 | 15 | 6 | 65% | 90% |
| Sprioc D | 103 | 74 | 1 | 17 | 11 | 72% | 89% |
| Na Chéad 5 | **305** | **209** | **10** | **57** | **29** | **69%** | **90%** |

Ar chuspóirí cuntasachta, déanfar garspriocanna 2019 nach gcuirtear i bhfeidhm a choimeád agus déanfar monatóireacht orthu i dtaobh cur i bhfeidhm i rith 2020 mar chuid de Thuarascáil ar Chur i bhFeidhm Bliantúil 2020.

Cuirfear san áireamh sa mhonatóireacht a dhéanfar ar chur i bhfeidhm ó 2020 ar aghaidh freisin athruithe a tháinig le déanaí ar úinéireacht phríomh-gharspriocanna mar gheall gur aistríodh feidhmeanna agus gur bunaíodh Ranna Rialtais nua ó cruthaíodh an Rialtas nua.

Déantar tuairisciú don fhoilseachán reatha seo ar na Ranna Rialtais agus ar úinéireacht phríomh-gharspriocanna i measc na Ranna seo in 2019.

# DUL CHUN CINN A RINNEADH I DTREO SPRIOCANNA NA CHÉAD 5

**Tá trí sprioc in Na Chéad 5. Leagtar amach an dul chun cinn déanta leis na spriocanna seo in 2019 thíos.**

## SPRIOC 1
### Saoire Tuismitheora Íoctha

Tacófar le tuismitheoirí faoi 2028 chun aire a thabhairt dá naíonáin sa bhaile don chéad bhliain iomlán trí mheascán de scéimeanna íoctha saoire theaghlaigh. Faoin mbliain 2021, beidh teidlíocht aonair ag gach duine de na tuismitheoirí do sheacht seachtaine de shaoire tuismitheoireachta íoctha a ghlacadh agus is féidir é a ghlacadh sna blianta is luaithe d'óige a linbh, a d'fhéadfadh a chur ar chumas leanaí tairbhe a bhaint as cúram tuismitheora breise 14 seachtaine ina gcéad bhliain.

**Dul chun cinn:** Bronntar teidlíocht aonair san Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora 2019 do dhá sheachtain saoire tuismitheora íoctha. Cuireadh leis an teidlíocht seo i gCáinaisnéis 2021 (i.e. teidlíocht aonair do trí seachtaine saoire tuismitheora íoctha sa bhreis).



*Holly, 4 bliana d'aois*

# SPRIOC 2

## Lucht saothair fhoghlaim agus chúram na luath-óige faoi stiúir céimithe

Faoin mbliain 2028, beidh cáilíocht íosta bainte amach ag gach feighlí leanaí rialaithe, beidh cáilíocht íosta bainte amach ag gach foireann rialaithe cúraim leanaí ar aois scoile; agus beidh lucht saothair fhoghlaim agus chúram na luath-óige faoi stiúir céimithe ann, agus beidh cáilíocht chuí ar leibhéal céime bainte amach ag ar a laghad 50% den fhoireann a oibríonn go díreach le leanaí i suíomhanna ionadbhunaithe fhoghlaim agus chúram na luath-óige (agus leagfar sprioc eatramhach 30% amach atá le baint amach faoin mbliain 2021).

**Dul chun cinn:** In 2019, bhí cáilíocht chuí ar leibhéal céime bainte amach ag 25% den fhoireann a bhí ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna ionadbhunaithe fhoghlaim agus chúram na luath-óige, sin méadú 3% ar chéatadán 2018 (i.e. 22%).

*NÓTA: Déanfar cinntí maidir leis na riachtanais cháilíochta a bhainfear le feighlíocht leanaí agus cúram leanaí ar aois scoile faoi dheireadh 2020, i gcomhthéacs fhorbairt an Phlean Fhorbartha don Lucht Saothair.*

# SPRIOC 3

## Méadú faoi dhó ar infheistíocht phoiblí i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile

Déanfar an leibhéal d'infheistíocht phoiblí i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile a dhúbailt, ar a laghad, faoin mbliain 2028 (i.e. €485m infheistíochta poiblí sa bhreis).

**Dul chun cinn:** I gCáinaisnéis 2019, leithdháileadh €89m sa bhreis ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar chúram leanaí ar aois scoile - sin níos mó ná 18% den sprioc infheistíochta poiblí. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i gCáinaisnéis 2020 (i.e. leithdháileadh €64m sa bhreis nó 31% carnach den sprioc infheistíochta poiblí).

# DUL CHUN CINN I MEASC SPRIOCANNA, CHUSPÓIRÍ AGUS BHLOIC THÓGÁLA NA CHÉAD 5



# SPRIOC A
# TEAGHLAIGH AGUS POBAIL LÁIDRE AGUS THACÚLA

## Cuspóir 1

Cabhrófar le tuismitheoirí chun cothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt lena chur le forbairt optamach linbh agus a oirfidh is mó do chúinsí a dteaghlaigh.

## Cuspóir 2

Bainfidh tuismitheoirí tairbhe ó fhaisnéis agus seirbhísí ardchaighdeáin, bunaithe ar láidreachtaí agus seirbhísí ar ghnéithe éagsúla de thuistiú chun tacú le forbairt linbh agus caidreamh dearfach teaghlaigh feadh cantanam riachtanais.


## Cuspóir 3

Tacófar le teaghlaigh agus pobail chun an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticiúla a sholáthar do leanaí chun forbairt dhearfach a spreagadh sna luathbhlianta.



*Layla, 4 bliana d'aois*

# SPRIOC A GARSPRIOCANNA 2019



# CUSPÓIR 1

**Cabhrófar le tuismitheoirí chun cothromaíocht a bhaint amach idir oibriú agus cúram a thabhairt lena chur le forbairt optamach linbh agus is mó a oirfidh do chúinsí a dteaghlaigh.**

Tugadh teidlíochtaí breise isteach do shaoire íoctha agus neamhíoctha d'aithreacha agus do mháithreacha araon in 2019. Bronntar teidlíocht nua reachtúil san Acht um Shaoire agus Sochar Tuismitheora do shaoire thuismitheora íoctha, is é sin, saoire thuismitheora dhá sheachtain do thuismitheoirí linbh a rugadh nó a uchtaíodh i ndiaidh an 1 Samhain 2019. Tá seo ar fáil do thuismitheoirí fostaithe agus féinfhostaithe agus is féidir é a fháil i rith chéad bhliain de shaol an linbh. Íoctar Sochar Tuismitheora €245 sa tseachtain le tuismitheoirí a cháilíonn don tsaoire seo agus a bhfuil an líon riachtanach ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh íoctha acu. Meastar go n-íoctar an sochar le 60,000 tuismitheoir gach bliain, ar chostas tuartha €32 milliún.

Cuireadh tús le saoire thuismitheoireachta neamhíoctha bhreise ocht seachtaine a thabhairt isteach de réir a chéile in 2019, agus tháinig méadú air aníos ó 18 go 22 seachtain oibre i Meán Fómhair 2019. Déantar foráil dó seo san Acht Shaoire Thuismitheoireachta (Leasú), 2019, a athraíonn aois uasta an linbh freisin dá bhfuil a dtuismitheoir i dteideal saoire thuismitheoireachta neamhíoctha a fháil ó ocht go 12 bhliain.

Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar fhorálacha ábhartha an Achta um Chosaint Máithreachais (Leasú), 2004 ag féachaint le síneadh a chur leis an teidlíocht reatha do shosanna íoctha cothaithe cíche/lachta nó laghdú íoctha ar uaireanta oibre do mháithreacha a dhéanann cothú cíche sa lucht saothair anuas ó 26 go 104 seachtain (2 bhliain) i ndiaidh go saolaítear an naíonán. Cheadaigh an Rialtas Cinn forálacha a shíneann an tréimhse ina mbeadh fostaithe i dteideal sosanna cothaithe cíche a ghlacadh nó laghdú íoctha a fháil ar uaireanta oibre in 2019 agus cuireadh tús le hobair ar na forálacha seo a dhréachtú lena gcur san áireamh laistigh de Bhille cuí luath. D'éascódh an síneadh, faoi mar a bheartaítear, máithreacha atá ag oibriú chun cothú cíche a dhéanamh go dtí go mbaineann a leanaí dhá bhliain d'aois amach ar aon dul le moltaí ó FSS, UNICEF agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (an EDS).

Rinneadh iarrachtaí chun teacht níos fearr a chur ar fáil ar oibriú solúbtha a thacaíonn le teaghlaigh freisin. Comhpháirtíocht idir na Ranna Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí atá i gceist leis na tionscnaimh seo. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Roinn cheannais maidir leis an gcomhairliúchán maidir le hoibriú solúbtha agus le treoirlínte a fhorbairt agus tá ceannas á ghlacadh ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le treoirlínte cianoibrithe a fhorbairt. Seoladh an Comhairliúchán Oibre Solúbtha i Nollaig 2019 le dearcthaí a lorg ó fhostóirí, fostaithe, ceardchumainn agus an pobal i gcoitinne maidir leis na saghsanna socruithe oibre solúbtha atá i bhfeidhm faoi láthair agus na hathruithe ba mhaith leo go ndéanfar. Mar gheall go bhfuil torthaí an tsuirbhé curtha ó mhaith ag an méadú ar oibriú as baile mar gheall ar bhearta scartha shóisialta COVID-19, tá breithniú á dhéanamh ar thabhairt faoi shuirbhé leantach. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé le treoirlínte a fhorbairt maidir le hoibriú solúbtha.

Bhí moilleanna ar phleananna chun tabhairt faoi scóipeáil tosaigh ar chóras chun fostóirí a thacaíonn le teaghlaigh a aithint.



*Niamh, 5 bliana d'aois*

# CUSPÓIR 2

**Eolas agus seirbhísí ardchaighdeáin fianaisebhunaithe a bhaineann le gnéithe éagsúla de thuistiú chun tacú le forbairt linbh agus caidreamh dearfach teaghlaigh.**

Bhunaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Leanaí Aonad nua Beartas Tacaíochta Tuistithe ag deireadh 2018 chun treoir bheartais agus gníomhaíocht a chomhordú a bhaineann le tacaíocht tuistithe. Chuir an tAonad tús in 2019 le comhoibriú agus idirchaidreamh le réimse fairsing Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí, chun feasacht a mhúscailt ar ról an Aonaid agus chun tuiscint a fháil ar sheirbhísí tacaíochta tuistithe a fhorbairt, a chistiú agus a sholáthar.

Áiríodh leis an obair faoinar tugadh in 2019 chun gealltanais tacaíochta tuistithe Na Chéad 5 a chur chun cinn comhaontú ar an gcur chuige chun samhail náisiúnta seirbhísí tacaíochta tuistithe a fhorbairt, agus plean um chur i bhfeidhm a fhorbairt agus a thosú do gach gníomh. Rinneadh athbhreithnithe meara ar mheicníochtaí éifeachtacha soláthair eolais do thuismitheoirí agus cuir chuige idirnáisiúnta i leith beartas tacaíochta tuistithe a choimisiúnú chun eolas a sholáthar d'ardán eolais a fhorbairt do thuismitheoirí agus chun samhail náisiúnta seirbhísí tacaíochta tuistithe a fhorbairt.



*Ceardlann Tacaíochta Thuismitheoireachta – Ceardlann Tras-Rialtais agus Tras-Ghníomhaireachta.*

Anuas air seo, aistríodh Clár ABC go rathúil go dtí Tusla, agus forbraíodh treoir nua don chlár chun tacú lena fhorbairt amach anseo mar chuid de Chlár Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (CCTT) níos fairsinge.

Cé gur cuireadh moill ar thionscnaimh phíolótacha na mboscaí babaí agus na málaí leabhar, ullmhaíodh páipéir chúlra maidir leis na tionscnaimh seo in 2019. Bunófar an Grúpa Maoirseachta roimh dheireadh 2020 chun an clár píolótach seo a thabhairt chun cinn. Ceann de na chéad tascanna a mbeidh ar an nGrúpa seo tabhairt faoi ná scóip an tionscadail seo a thabhairt chun críche agus comhaontú a dhéanamh ar phlean mionsonraithe tionscadail. Áireofar leis na pPríomhbhreithnithe tosaigh ceantar tíreolaíoch an chláir phíolótaigh, comhaontú ar an uainiú optamach (réamhbhreithe nó iarbhreithe), agus don mhodh a scaipfear an bosca babaí agus na rudaí is dóchúil a bheidh ann. Ceapfar taighdeoir chun maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpaí fócais agus/nó comhairliúcháin le tuismitheoirí nua agus atá ag súil le leanbh chun eolas a chur ar fáil do shainaithint na n-earraí a chuirfear san áireamh. I ndiaidh na céime tosaigh scóipeála, ar cheart go gcuirfear i gcrích é faoi dheireadh Ráithe 1 2021, déanfaidh an Grúpa Maoirseachta maoirseacht ar phróiseas soláthair iomaíoch chun fortháirgeoirí oiriúnacha a cheapadh chun a) na boscaí babaí a fhorbairt agus a dháileadh agus b) tabhairt faoi mheastóireacht iomlán ar an gclár píolótach.

*Jamie, 5 bliana d'aois*



# CUSPÓIR 3

**Tacófar le teaghlaigh agus pobail chun an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticiúla a sholáthar do leanaí chun forbairt dhearfach a spreagadh sna luathbhlianta.**

Tá roinnt beart, idir bhearta spriocdhírithe nó ar a ndéantar tástáil mhaoine (e.g. Íocaíocht Teaghlaigh Oibre) agus bhearta uilíocha (sochar linbh, cúram DG saor in aisce do leanaí faoi 6 bliana d'aois, Clár saor in aisce Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (Clár ECCE) i bhfeidhm cheana féin chun tacú le hioncam teaghlaigh agus chun dul i ngleic le bochtaineacht in aois an pháiste. Gealltar in Na Chéad 5 chun cur le bearta reatha. Leagtar amach thíos dul chun cinn sonrach faoi chuspóir 3 agus garspriocanna 2019:

Athbhreithniú ar agus foilsiú an Chreidmheasa Cánach do Chúramóirí Baile agus an méadú €100 ar luach an Chreidmheasa Cánach do Chúramóirí Baile i mBuiséad 2020.

An Scéim Tithe Níos Teo 2019 a thabhairt isteach – méadú tagtha ar bhun-leithdháileadh an bhuiséid aníos ó €24 milliún go €39.8 milliún agus tús a chur leis an gcomhairliúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil chíosa. Mar gheall ar roinnt saincheisteanna, Brexit agus an RGCS san áireamh, bhí roinnt moilleanna ar chlár píolótach na Scéime Teasa agus Folláine.

Tacaíodh le breis agus 28,000 teaghlach lena riachtanais tithíochta in 2019 i measc na gClár Soláthair Tithíochta Sóisialta go léir de chuid Éire a Atógáil, arb ionann sin agus 103% den sprioc bhliantúil, agus cuireadh breis agus 10,000 teach sóisialta ar fáil freisin. Anuas air sin, bhí 32 mol teaghlaigh ag oibriú go náisiúnta faoi dheireadh 2019 agus cuireadh tús le breis agus 720 aonad cóiríocht teaghlaigh agus cuireadh tús le Creat na gCaighdeán Náisiúnta Cáilíochta chun seirbhísí do dhaoine gan dídean a chur i bhfeidhm in Iúil 2019.

Rinne Sainghrúpa tuairisciú in Iúil freisin ar chóiríocht shonrach don Lucht Siúil a sholáthar, lenar áiríodh breis agus 30 moladh.

Rinneadh caighdeáin do chóiríocht a chuirtear ar tairiscint do dhaoine sa phróiseas cosanta a thabhairt chun críche, a thugann an chéad tús áite do riachtanais mhothúchánacha agus leasa leanaí agus teaghlach. Áirítear leis seo na purláin fhisiciúla agus deiseanna do bheatha an teaghlaigh a théann chun sochair fhorbairt an linbh.



*Zoe ag léamh i Leabharlann na gCloch Rince.*

Chomhaontaigh an Grúpa Stiúrtha náisiúnta An Ceart chun Léitheoireachta (Right to Read) ar bhearta chun síneadh a chur le tacaíocht struchtúrach leabharlainne agus tá spásanna oiriúnacha agus mealltacha á soláthar ag dhá thionscadal nua leabharlainne (Sráid Chaoimhín agus Baile Átha Í) do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh (agus tá cúig leabharlann eile á dtógáil faoi láthair i gCluain Dolcáin Thuaidh, Port Laoise, Meathas Troim, Inis agus Cill Mhantáin). Rinne an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe cistiú €800,000 a leithdháileadh freisin chun saoráidí agus acmhainní céadfacha a sholáthar i leabharlanna poiblí. Rachaidh seo chun sochair go leor leanaí a dteastaíonn an tseirbhís seo uathu.

*Robyn, 5 bliana d'aois*



# SPRIOC B
# SLÁINTE FHISICIÚIL AGUS MEABHAIRSHLÁINTE OPTAMACH

## Cuspóir 4

Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun tabhairt faoi iompar sláinte dearfaí agus é a chur chun cinn i measc naíonán agus leanaí óga, ag tosú ón tréimhse réamhghiniúna.

## Cuspóir 5

Bíonn teacht ag naíonáin agus leanaí óga ar phríomhsheirbhísí, seirbhísí coisctheacha agus sainseirbhísí cúram sláinte atá sábháilte, tráthúil, ar ardchaighdeáin, fianaisebhunaithe agus comhtháite, ag tosú ón toircheas.


## Cuspóir 6

Tacófar le naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh chun taitneamh a bhaint as meabhairshláinte dhearfach.



*Zoe, 5 bliana d'aois*

# SPRIOC B GARSPRIOCANNA 2019



# CUSPÓIR 4

**Tacófar le Tuismitheoirí, Teaghlaigh agus Pobail chun tabhairt faoi iompar sláinte dearfaí agus é a chur chun cinn i measc naíonán agus leanaí óga, ag tosú ón tréimhse réamhghiniúna.**

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar ghealltanais 2019 chun iompar dearfach sláinte a chur chun cinn. I measc roinnt de na príomhéachtaí, bhí:

- www.mychild.ie a fhorbairt agus a thabhairt isteach go leanúnach.
- Réimse fairsing tacaíochtaí cothaithe cíche a fhorbairt, cláir oiliúna, leabhráin tuismitheora, 'Cothú Cíche: Tús Maith sa Saol' (Breastfeeding Good Start in Life), Beartas Náisiúnta Cothaithe Naíonáin agus sainchomhairleoirí nua lachta a cheapadh ina measc.
- Forbairt agus comhairliúchán a dhéanamh ar dhréacht-Chaighdeáin FSS a Thacaíonn le Naíonáin.
- Treoirlínte maidir le Bia sláintiúil do Leanaí 1-4 Bliana d'Aois a ullmhú (a foilsíodh in 2020) agus dul chun cinn ar bun chun Caighdeáin Chothaithe do shuíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige a fhorbairt.
- An Clár Bia Sláintiúil a Réitítear go hÉasca (Healthy Food Made Easy) a athbhreithniú agus a nuashonrú.
- Smile agus Sláinte, an Beartas Náisiúnta Sláinte Béil, a fhoilsiú faoina bhfuil an pacáiste uilíoch sláinte fiaclóireachta do leanaí faoi shé bliana d'aois á thabhairt isteach.
- An Plean Náisiúnta um Chosc ar Ailse Chraicinn a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm i dtosach inar sainaithníodh naíonáin agus leanaí óga mar ghrúpa a dtugtar tús áite dó.
- Treoirlínte náisiúnta a fhoilsiú ar 'Cothú i rith Toirchis' a fhoilsiú, lenar áiríodh treoirlínte maidir le forlíonadh aigéid fhólaigh.
- Leanúint le feachtas START, agus díriú ar leith ar bhianna deasa agus ar ghníomhaíocht choirp do leanaí óga.
- Clár píolótach de Chlár Tús Cliste (Smart Start) Éire Shláintiúil a fhorbairt do leanaí faoi 3 bliana d'aois.

Gealltar in Na Chéad 5 do chlár Trialacha Na Chéad 5 a thabhairt isteach. Fiosróidh an clár seo tionscnaimh nuálacha, déanfaidh sé a n-éifeachtacht a thástáil i gcomhthéacsanna ar leith, agus deimhneoidh sé oiriúnacht chun an clár a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Mar chuid den chlár seo, d'fhorbair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Chomhairle Náisiúnta Déiríochta, na Cigireachtaí in Tusla, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na Coistí Cúraim Leanaí samhail shaincheaptha in 2019 don Scéim Bainne Scoile agus riachtanais ar leith leanaí agus suíomhanna á gcur san áireamh. Roghnaíodh 12 shuíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige, ar an iomlán, i gCill Chainnigh agus Ceatharlach in 2019 chun páirt a ghlacadh i gclár píolótach trí seachtaine in 2020. Forbraíodh acmhainní oideachais don chlár píolótach freisin. Leagtar béim sna hacmhainní seo ar na tairbhí a bhaineann le táirgí déiríochta mar chuid de chothú agus stíl mhaireachtála a thacaíonn le cnámha agus fiacla.

Fuarthas cistiú freisin chun triail phíolótach a bhaint as clár béilí i Suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus as clár béilí teo i scoileanna i mBuiséad 2020. Anuas air sin, bhain Rothaíocht Éireann triail phíolótach as scileanna rothaíochta a thabhairt isteach i measc fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus aoisghrúpaí naíonán sóisearach/sinsearach.




*Ursula O'Dwyer, an Roinn Sláinte agus Cathaoirleach de na chéad Treoirlínte Náisiúnta um Itheachán Sláintiúil riamh do leanaí 1-4 bliana d'aois (National Healthy Eating Guidelines for 1 to 4 Year Olds) ag seoladh na Treoirlínte i nDeireadh Fómhair 2020, in éineacht le (ó chlé go deas): Frank Feighan TD, Aire Stáit do Shláinte Phoiblí agus Folláine, Roderic O'Gorman TD, Aire Leanaí agus Stephen Donnelly TD, Aire Sláinte. Pic. Robbie Reynolds.*

# CUSPÓIR 5

**Bíonn teacht ag naíonáin agus leanaí óga ar phríomhsheirbhísí, seirbhísí coisctheacha agus sainseirbhísí cúraim sláinte atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, fianaisebhunaithe agus comhtháite.**

Forbraíodh agus tugadh réimse tacaíochtaí isteach in 2019 chun an glacadh le vacsaíní a mhéadú sa luath-óige (i.e. Comhaontas Vacsaíní a bhunú, triail phíolótach a bhaint as ríomhphoist a sheoladh a bhí dírithe ar thuismitheoirí gach naíonáin díreach sula raibh gach coinne Imdhíonta Aois an Pháiste Bunscoile (PCI) le bheith acu, gníomhaíocht mhéadaithe sna meáin shóisialta maidir le PCI) agus ríomhfhoghlaim tosaigh d'altraí imdhíonta arna forbairt chun feabhas a chur ar mhuinín maidir le vacsaíní a chur chun cinn) agus i rith toirchis (i.e. triail phíolótach a bhaint as ríomhphoist a sheoladh a bhí dírithe ar mhná torracha i rith shéasúir an fhliú agus ábhair a fhorbairt do chnáimhseacha agus DGanna chun vacsaíní a chur chun cinn do mhná torracha).

Forbraíodh agus tugadh réimse cláir nua ríomhfhoghlama isteach freisin faoi Chlár Nurture – Sláinte agus Folláine Naíonán, a bhuaigh gradam (féach an fíor thíos).

1. Tacú le Cothú Cíche
2. Dúshláin maidir le cothú cíche
3. Sábháilteacht Leanaí Laistigh agus Lasmuigh den Bhaile
4. Sábháilteacht Leanaí ar an bhfeirm, sa chlinic agus sa phobal
5. Scagthástáil Spotaí Fola ar Leanaí Nuabhreithe
6. Monatóireacht ar Fhás
7. Cothú - Ailléirgí a aithint agus a bhainistiú sa phobal
8. Cothú - Roimh ghiniúint agus i rith toirchis
9. Cothú - Cothú foirmle
10. Cothú - Bianna teaghlaigh a thabhairt isteach
11. Cothú - dúshláin a bhaineann le beathú i measc naíonáin 0-12 mhí
12. Cothú - Lapadáin a Bheathú
13. Cothú - Meáchan Sláintiúil Leanaí
14. An Chuairt Tosaigh a Thabhairt (72 Uair) Measúnú ar Shláinte Linbh
15. An Measúnú ar Shláinte Linbh 3 mhí a dhéanamh
16. An Measúnú ar Shláinte Linbh 9-11 mhí a dhéanamh
17. An Measúnú ar Shláinte Linbh 21-24 / 46-48 mí a dhéanamh

Leanadh leis an Straitéis Náisiúnta Máithreachais a chur i bhfeidhm in 2019 agus rinneadh dul chun cinn ann freisin ar an tSamhail Phéidiatrach Chúraim a thabhairt isteach, go háirithe na Conairí Cúraim faoi Thacaíocht; gairmithe cúraim sláinte breise a earcú; líonraí máithreachais a fhorbairt go leanúnach; fóraim bhainistíochta teagmhas tromchúiseach a fhorbairt do sheirbhísí máithreachais. Leanfaidh obair ar aghaidh i gcaitheamh a saolré chun an Straitéis Náisiúnta Máithreachais a chur i bhfeidhm (deireadh 2026).

Cuireadh tús san Ionad Cúraim Othar Seachtrach agus Práinne (OPDUCC) ag Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, le seirbhísí a sholáthar in 2019. Forbairt thábhachtach sa phlean le haghaidh seirbhísí leanaí é oscailt na seirbhísí. Tá glantairbhí cruthaithe aige cheana féin d'othair óga agus dá dteaghlaigh trí chúram tapa, áisiúil, ardchaighdeáin a sholáthar níos gaire dá dtithe. Tá sainfhoireann phéidiatrach ag oibriú i Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ) ag Ospidéal Uí Chonghaile i mBaile Bhlainséir, altraí, dochtúirí, gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ina measc. Tá earcaíocht ar siúl le haghaidh sainfhoireann bhreise. Idir an tráth a osclaíodh na seirbhísí agus tráth luath i bhFeabhra 2020, tá 4,304 leanbh tagtha i láthair ag an Ionad Cúraim Práinne ag Ospidéal Uí Chonghaile.  Ní theastaíonn coinne ó othair agus is féidir le teacht i láthair cé acu má bhíonn nó mura mbíonn litir atreoraithe acu óna DG. As na 4,304 othar seo, bhí beagnach leath díobh (2,127) idir náid bliain d'aois agus cúig bliana d'aois. Scaoileadh 95% de leanaí abhaile i ndiaidh gur thug siad cuairt ar an ionad cúraim práinne, agus níor aistríodh ach líon beag leanaí chun fiosrú breise a dhéanamh orthu agus cóireáil bhreise a chur orthu chuig na hospidéil leanaí.

Tá trí speisialtacht sna clinicí nua othar seachtrach; Péidiatraic Ghinearálta, Ortaipéidic Thráma (clinicí briste) agus Aonad Measúnaithe agus Teiripe um Dhrochúsáid Ghnéasach Leanaí. Rinneadh 1,853 freastal faoi stiúir Sainchomhairleora i measc othair sheachtracha idir Iúil 2019 agus tráth luath i bhFeabhra 2020.



*Leanaí i gceann de Chlinicí nua na nOthar Seachtrach in Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir.*



*Othair i mbun a gcuid gnóthaí san Aonad Cúraim Práinne, Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir.*

Rinneadh dul chun cinn maith ar athchumrú seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas. I measc na bpríomhéachtaí, bhí an próiseas earcaíochta a chríochnú i measc na mbainisteoirí eile d'Fhoirne an Líonra Míchumais, 100 post nua teiripe agus Buan-Nós Imeachta Oibriúcháin nua chun Measúnú a dhéanamh ar Riachtanais.

Cuireadh moill ar an athbhreithniú ar an Scéim Cúraim Máithreachais agus Naíonán in 2019. Mar gheall ar COVID-19 agus ath-imlonnú leanúnach bhaill foirne Institiúid Náisiúnta um Shláinte agus Fheidhmíocht Bhan (NIWHP) go dtí sruthanna oibre COVID-19, ní fhéadfadh seo dul chun cinn a dhéanamh in 2020.



*Roisin, 5 bliana d'aois*

# CUSPÓIR 6

**Baineann naíonáin, leanaí óga agus a dtuismitheoirí taitneamh as meabhairshláinte dhearfach.**

Cuireadh teachtaireachtaí meabhairshláinte naíonán san áireamh i bhfeachtas eolais poiblí mar chuid d'fheachtas foriomlán www.mychild.ie in 2019. Cuireadh teachtaireachtaí meabhairshláinte naíonán san áireamh freisin in acmhainní nua a forbraíodh d'altraí sláinte poiblí agus do dhochtúirí míochaine phobail.



*Ó chlé go deas: An Dochtúir Stephanie O'Keeffe, Stiúrthóir Náisiúnta HSE, Pleanáil Straitéiseach agus Tarfhoirmiú; Paul Reid, Príomhfheidhmeannach HSE, Sorcha Nic Mhathúna agus a leanbh mic Fiach (1 mhí) agus Carmel Brennan, Clárbhainisteoir, an Clár Náisiúnta um Óige Shláintiúil, HSE. Tógadh an pictiúr nuair a sheoladh an suíomh gréasáin mychild.ie de chuid an HSE agus na leabhair do thuismitheoirí My Pregnancy agus My Child, Iúil 2019. Chuaigh an HSE i bpáirt le Daonchairdis Atlantaigh (Atlantic Philanthropies), an Fhondúireacht Katherine Howard (Katherine Howard Foundation, KHF) agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (CES) tríd an Clár Cothaithe (Nurture Programme) agus an Clár Náisiúnta um Óige Shláintiúil, chun mychild.ie agus na leabhair My Pregnancy agus My Child a fhorbairt.*

Mar chuid den ghealltanas chun an uirlis chaighdeánaithe scagthástála a thabhairt isteach le haghaidh forbairt shóisialta-mhothúchánach – An Ceistneoir faoi Aoiseanna agus Céimeanna (ASQ) – i measc na leanaí óga go léir ag an tseiceáil forbartha dhá bhliain, rinneadh Cúrsa Oiliúna don Oiliúnóir atá creidiúnaithe ag Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (BACÉ) a fhorbairt agus a sholáthar agus chríochnaigh breis agus 1,300 ball foirne Cúraim Phríomhúil FSS an clár Ríomhfhoghlama atá creidiúnaithe ag BACÉ.

Forbraíodh dhá mhodúil ríomhfhoghlama meabhairshláinte naíonán agus tá siad le seoladh faoi dheireadh 2020. Tá mar chuspóir ag an gcéad mhodúl a chur ar chumas na foirne cúraim sláinte tacú le tuismitheoirí agus cúramóirí chun caidreamh sláinte a chruthú lena naíonán agus lapadán chun sláinte agus folláine fhoriomlán a chur chun cinn i rith a saolré. Tá mar chuspóir ag an dara modúl tús eolais a thabhairt d'fhoireann chúraim sláinte ar na straitéisí éagsúla meabhairshláinte naíonán is féidir leo a úsáid chun tacú leis an gcaidreamh idir an tuismitheoir agus an naíonán.

Sheol Seirbhísí Meabhairshláinte FSS na Treoirlínte Leasaithe maidir le Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) in 2019 agus cuireadh seisiúin mhúscailte feasachta ar siúl agus rinneadh iad a scaipeadh go forleathan ina dhiaidh sin.

Cuireadh an tSamhail Náisiúnta Chúraim Sainseirbhísí Meabhairshláinte Imbhreithe chun cinn trí fhoirne moil a earcú.

Bhunaigh Meabhairshláinte FSS, ag oibriú as lámh leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, an Líne Eolais YourMentalHealth i Samhain 2019. Tá Meabhairshláinte FSS ag oibriú as lámh faoi láthair le comhpháirtithe chun seirbhís éisteachta gníomhaí téacsbhunaithe 24/7 a fhorbairt, agus chun triail phíolótach a bhaint as réitigh eile dhigiteacha a bhaineann le ríomh-mheabhairshláinte, comhairleoireacht ar líne, teiripe iompraíochta chognaíoch, agus teilishíciatracht.

Rinne an Roinn Sláinte dul chun cinn ar An Fhís a Roinnt – Beartas Meabhairshláinte do Chách, an fhís a tháinig in ionad 'Fís d'Athrú', a fhorbairt. Foilsíodh é seo ó shin.

Chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna tús le plé in 2019 ar shamhail chostáilte Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais d'fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Titfidh plé breise scóipeála amach in 2020/2021 agus forbrófar prótacal le haghaidh tacaíochtaí eatramhacha ríthábhachtacha teagmhais.



*Abbie, 5 bliana d'aois*

# SPRIOC C LUATHFHOGHLAIM DHEARFACH SHÚGRADHBHUNAITHE

## Cuspóir 7

Tacaítear le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun timpeallacht chothaitheach agus spreagthach a sholáthar do luathfhoghlaim leanaí, ag tosú ó bhreith.

## Cuspóir 8

Bíonn teacht ag leanaí ar LFC shábháilte, ardchaighdeáin, atá cuí i dtaobh cúrsaí forbartha de agus comhtháite, a léiríonn éagsúlacht an riachtanais.


## Cuspóir 9

Tacaítear le leanaí ina n-aistrithe chuig (agus laistigh de) suíomhanna LFC agus ar aghaidh chuig an scolaíocht chun gur féidir leo teacht i dtír go hiomlán ar a gcéad chéim eile foghlama.



*Faye, 3 bliana d'aois*

# SPRIOC C
# GARSPRIOCANNA 2019



# CUSPSÓIR 7

**Tacaítear le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun timpeallacht chothaitheach agus spreagthach a sholáthar do luathfhoghlaim leanaí, ag tosú ó bhreith.**

Anuas ar obair a tugadh chun cinn faoi Chuspóir 2 (i.e. tionscnaimh phíolótacha na samhla tacaíochtaí tuistithe agus boscaí babaí agus málaí leabhar), cuireadh bearta eile chun cinn chun tacú le tuismitheoirí timpeallacht chothaitheach agus spreagthach a sholáthar do luathfhoghlaim leanaí, baint níos mó tuismitheora a spreagadh sa luathfhoghlaim agus chun dul i mbun beart a spreagfaidh rollú agus rannpháirtíocht dhearfach i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige.

Leithdháileadh €250,000 i measc 414 iarratas rathúil ar Thionscnamh an Deontais do Thuismitheoirí agus Lapadáin.

Chun ullmhú do sheoladh na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SCLN), tugadh faoi fheachtas eolais ilghnéitheach in 2019 lena chinntiú go raibh tuismitheoirí ar an eolas ar na tacaíochtaí atá ar fáil faoin Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta. Úsáideadh feachtas fógraíochta mórscála a d'úsáid meáin dhigiteacha, raidió, meáin lasmuigh agus físeán i gcomhthráth le heolas a dáileadh go forleathan ar sholáthraithe, Oifigí an Rialtais, leabharlanna. Eagraíodh 200 seisiún eolais, ceardlanna agus seastáin rannpháirtíocht an phobail sa bhreis air sin go háitiúil ar fud na tíre. Áiríodh leis seo grúpaí ar deacair teagmháil a dhéanamh leo agus Grúpa Máithreacha agus Lapadán.

Forbraíodh áireamhán idirghníomhach táillí agus seoladh é lena chinntiú go raibh tuismitheoirí ar an eolas ar an méid ba cheart súil a bheith acu lena íoc as foghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile ina gceantar.

Críochnaíodh anailís ar an mBunachar Daltaí ar Líne in 2019 chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghlacadh leis an gclár uilíoch réamhscoile agus rinneadh réamhobair maidir le riachtanais agus sonraíocht don mheastóireacht ar Chlár COLÓ.

Tugadh an Bille Oideachais (Leas) (Leasú) trí phróiseas reachtaíochta an tSeanaid agus táthar ag feitheamh faoi láthair ar é a thabhairt tríd an Dáil.

# CUSPSÓIR 8

**Bíonn teacht ag naíonáin agus leanaí óga ar LFC (agus cúram leanaí ar aois scoile) atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, fianaisebhunaithe agus comhtháite, ina léirítear éagsúlacht an riachtanais.**

Osclaíodh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí d'iarratais ar líne i Samhain 2019 (agus fógraíodh feabhsúcháin ar an Scéim seo mar chuid de Bhuiséad 2020. Cuireadh socruithe urraíochta faoin Scéim seo i bhfeidhm freisin do leanaí agus teaghlaigh a bhfuil leochaileacht ar leith acu. Bhí 3,646 soláthraí, ar an iomlán, tar éis clárú don Scéim agus seoladh 15,000 iarratas ar aghaidh go rathúil a bhain le breis agus 20,000 leanbh faoi dheireadh 2019.




*Leanaí ag súgradh agus i mbun spraoi ag seoladh na Scéime Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS) sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i Márta 2019.*

Sholáthair an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe nó AIM - an tsamhail tacaíochta do leanaí faoi mhíchumas chun teacht ar chlár COLÓ agus páirt bhríoch a ghlacadh ann - breis agus 8,000 tacaíocht spriocdhírithe do 5,560 leanbh i measc 2,397 suíomh i gclárbhliain 2018/19. Anuas air seo, baineadh triail phíolótach as tacaíocht altranais agus cúnamh cúraim sláinte do leanaí a bhfuil riachtanais chasta chúraim sláinte acu faoi AIM i suíomhanna príomhshrutha fhoghlaim agus chúram na luath-óige; seoladh cúrsa nua um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach - Ríomhfhoghlaim um Próiseáil Chéadfach (SPEL) agus chríochnaigh breis agus 400 cleachtóir an cúrsa faoi dheireadh 2019. Bhain 877 cleachtóir réamhscoile breise a gcáilíocht amach ón gclár ardoideachais Ceannaireacht d'Ionchuimsiú (LINC), a chuireann oiliúint ar Chomhordaitheoirí Ionchuimsithe i suíomhanna LFC.

Aistríodh an Tionscadal Taispeána Teiripe Ion-Fhoghlaim agus Ion-Chúram na Luath-Óige agus Ion-Scoile, faoi stiúir na Roinne Oideachais agus Scileanna, i gcomhoibriú leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Sláinte isteach go dtí an dara bliain iomlán mar thionscadal píolótach i Meán Fómhair 2019.  Tionscadal píolótach é an tionscadal i gceantar réigiúnach sainithe, agus tá páirt á glacadh ag 75 suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige.

Foilsíodh na Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige i Meitheamh 2019. Céim thábhachtach iad na treoirlínte chun gach seirbhís fhoghlaim agus chúram na luath-óige a chur ar fáil do gach leanbh.  Cuireann an foilseachán seo treoir ar ionaid a athchóiriú agus a thógáil d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn.



*Pictiúr as na Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch i gcomhair suíomhanna ELC.*

Sholáthair Clár Caipitil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2019 €6 milliún chun 1,321 áit nua do leanaí idir 0 agus 3 bliana d'aois; 3,123 áit nua cúraim leanaí ar aois scoile; agus 31 tionscadal cothabhála agus deisithe bhunriachtanaigh a chruthú.

Tháinig Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Seirbhísí Aoise Scoile a Chlárú), 2018 i bhfeidhm i bhFeabhra 2019 a cheadaigh seirbhísí cúraim leanaí ar aois scoile chun clárú le Tusla agus chun páirt a ghlacadh ina dhiaidh sin sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Críochnaíodh comhairliúchán poiblí ar dhréacht-treoirlínte cáilíochta agus rialacháin chuimsitheacha freisin.

Foilsíodh Dréachtphlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí ina leagtar bearta gearrthéarmach, meántéarmacha, agus fadtéarmacha amach maidir le rialáil feighlithe leanaí agus tacú leo ar bhonn céimnithe sna deich mbliana amach romhainn, i Lúnasa 2019 ar mhaithe le comhairliúchán poiblí. Thit comhairliúchán forleathan amach i Ráithe 4 2019. Coimisiúnaíodh tuarascáil chun breithniú a dhéanamh ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin. Críochnaíodh an tuarascáil seo i mí na Nollag 2019. Ceapadh Comhordaitheoir Feighlíochta Leanaí Náisiúnta agus foireann Oifigigh Forbartha Feighlíochta Leanaí réigiúnacha chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús freisin le hobair chun samhail de chineál DEIS d'fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile a fhorbairt, a chruthóidh deiseanna breise chun an bhearna a laghdú i measc leanaí faoi mhíbhuntáiste. Tá an obair seo á tabhairt chun cinn ag an Sainghrúpa a tionóladh chun samhail chistithe nua a fhorbairt don earnáil (féach Bloc Tógála 5). Anuas air sin, tugadh réimse beart isteach lena chinntiú go mbíonn teacht ag leanaí i gceantair Ghaeltachta ar sholáthar fhoghlaim agus chúram na luath-óige trí mheán na Gaeilge.



*Maria, 4 bliana d'aois*

# CUSPSÓIR 9

**Tacófar le leanaí ina n-aistrithe chuig (agus trí) suíomhanna LFC agus ar aghaidh chuig an mbunscoil.**

Cuireadh moill in 2019 ar dhul chun cinn ar shamhail nua náisiúnta de thacaíochtaí aistrithe, ach rinneadh dul chun cinn suntasach, áfach, i measc gnéithe maidir leis an tsamhail seo de thacaíochtaí aistrithe (thíos). Lena chois sin, seoladh feachtas aistrithe – Ullmhaímis ('Let's Get Ready') – in 2020 chun tacú le leanaí filleadh ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar an scoil i ndiaidh gur dúnadh iad mar gheall ar COVID-19. Cuirfidh acmhainní a forbraíodh mar chuid den fheachtas an-rathúil seo eolas ar fáil don tsamhail amach anseo.


Lean an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (an CNCM) leis an obair chun an curaclam bunscoile a athfhorbairt agus a athbhreithniú in 2019 agus thug an Chigireacht Luathbhlianta sa Roinn Oideachais agus Scileanna réamhobair chun cinn chun triail a bhaint as an tSamhail Chigireachta Luathbhlianta a úsáid, agus díriú ar aistrithe, in aonaid an Túis Luaith (Early Start) i mbunscoileanna.

Lean obair ar aghaidh freisin i rith 2019 maidir leis an gclár Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) atá dírithe ar dhul i ngleic le riachtanais oideachais leanaí ó phobail faoi mhíbhuntáiste. Áiríodh leis seo samhail sainaitheanta DEIS agus an Ciste Sármhaitheasa Scoile a chuíchóiriú agus Creat Monatóireacht agus Meastóireachta a fhorbairt do DEIS. D'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Ciorclán 0016/2019 freisin, ina leagtar béim ar ról an Chomhordaitheora Teagmhála Baile agus Scoile chun tacú le haistrithe idir foghlaim agus cúram na luath-óige agus an timpeallacht fhoirmiúil scoile agus thacaigh na Seirbhísí Leasa Oideachais (SLO) faoi Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) le clár aistrithe luathbhlianta 'Uaillmhian d'Aistrithe' ('Ambition for Transitions') a fhorbairt.

D'fhreastail breis agus 500 tuismitheoir ar sheisiúin aistrithe ó réamhscoil go bunscoil Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí in 2019 ar scála náisiúnta, a rinne an freastal sa bhliain 2018 a dhúbailt.

Cheadaigh an Rialtas triail a bhaint as Samhail Ionchuimsithe Scoile nua i bhFeabhra 2019 do scoilbhliain 2019/20. Is éard atá i gceist leis an gclár píolótach, ar cuireadh tús leis i 75 scoil i Meán Fómhair 2019:

- triail píolótach a bhunú as samhail nua seirbhíse do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise chúraim acu ina mbíonn baint ag 75 scoil rannpháirteach sa limistéar Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (ECSP 7) maidir le scoilbhliain 2019/20.
- Foireann Tacaíochta Réigiúnach an CNOS a bhunú, ar bhonn píolótach, sa limistéar Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (ECSP 7), áit a bhfuil an clár píolótach ar bun, chun speisialtóirí a chur san áireamh i ndisciplíní ábhartha (Teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí saothair, cleachtóirí iompair), chun eolas a chur ar fáil do FGL agus dea-chleachtas i scoileanna sa cheantar sin;
- Clár Náisiúnta Oiliúna a fhorbairt do CRSanna agus é a thabhairt isteach ar bhonn píolótach;
- seirbhís altranais a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais leighis chasta acu i scoileanna cur leis an soláthar reatha altranais lena dtacaíonn FSS; agus
- triail a bhaint as samhail oibriúcháin nua fheidhmiúil an CNOS chun bunú Seirbhís Tacaíochta an CNOS agus foirne réigiúnacha a chur san áireamh níos mó, agus chun tacaíochtaí a chomhtháthú níos mó chun triail phíolótach a bhaint as an tsamhail nua.



*Alex, 4 bliana d'aois*

# SPRIOC D CÓRAS ÉIFEACHTACH LUATH-ÓIGE

## Bloc Tógála 1

An Cheannaireacht tiomnaithe, an rialachas láidir, an comhoibriú dearfach agus rannpháirtíocht ghníomhach ailínithe timpeall comhfhís do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

## Bloc Tógála 2

Réimeas rialaithe láidir, réimeas cigireachta láidir agus réimeas ráthaithe caighdeáin láidir chun caighdeáin a fhorfheidhmiú agus iad a ardú, leis.

## Bloc Tógála 3

Fórsa oibre a bheith ann a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu, atá gairmiúil agus inbhuanaithe, a dtugtar tacaíocht dóibh agus a n-aithnítear an luach atá iontu, agus lena léirítear an éagsúlacht a bhíonn idir leanaí, páistí óga agus teaghlaigh.

## Bloc Tógála 4


Infreastruchtúr náisiúnta láidir don taighde agus do na sonraí a úsáidtear chun cur leis an bpolasaí agus leis an gcleachtas ar aon dul leis an gclár monatóireachta agus measúnaithe atá ag leanúint ar aghaidh.

## Bloc Tógála 5

Maoiniú poiblí breise a dhéantar a infheistiú go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dtuismitheoirí.



# SPRIOC D
# GARSPRIOCANNA 2019



# BLOC TÓGÁLA 1

**Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach, atá ailínithe timpeall ar fhís chomhroinnte do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh.**

I ndiaidh gur seoladh Na Chéad 5 i Samhain 2018, foilsíodh Plean um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 i mBealtaine 2019. Cumhdaítear ann seo an chéad chéim de Na Chéad 5 a chur i bhfeidhm agus sainaithnítear príomh-gharspriocanna ann do gach gníomh i rith 2019, 2020 agus 2021 anuas ar an bpríomh-aschur don ghníomh atá le baint amach faoin mbliain 2021.

Cuireadh roinnt de na bloic thógála bhunriachtanacha i bhfeidhm chun Na Chéad 5 a chur i bhfeidhm go rathúil freisin. Bunaíodh an Oifig um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 agus forbraíodh Plean Cumarsáide agus Plean Taighde agus Meastóireachta don straitéis. Tionóladh Grúpa Idir-Roinne Na Chéad 5 freisin (féach an Aguisín chun teacht ar na Téarmaí Tagartha) agus chas siad lena chéile dhá uair.

Rinne Oifig um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 idirchaidreamh leis na struchtúir um chur i bhfeidhm Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (BOBF) trí bheith mar bhall den Chuibhreannas BOBF agus trí chuir i láthair a dhéanamh don Ghrúpa Comhairleach BOBF.

Rinneadh dul chun cinn níos fairsinge maidir le gealltanais 2019 chun ceannaireacht agus rialachas a neartú i measc an chórais luath-óige. Anuas ar an Aonad Beartas Tacaíochta Tuistithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, rinneadh comhaontú ar Chomh-Mheabhrán Tuisceana idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an beartas, an cleachtas agus an obair um chur i bhfeidhm a ailíniú a bhaineann le foghlaim agus cúram na luath-óige. Rinneadh roinnt ceapachán na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige le Bord na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Bord agus Comhairle na Luath-Óige agus na Bunscolaíochta agus rinneadh pleanáil tosaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras oibriúcháin d'fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile a thabhairt chun cinn agus tá obair bhreise ar bun.

Cé gur cuireadh moill ar chomhoibriú in 2019, rinneadh dul chun cinn air seo in 2020.

# BLOC TÓGÁLA 2

**Córas daingean rialála, cigireachta agus dearbhaithe cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus a ardú.**

Foilsíodh na Caighdeáin Náisiúnta um Oideachas Réamhbhreithe in Éirinn i Márta 2020. Forbraíodh clár oiliúna freisin d'oideachasóirí réamhbhreithe agus soláthrófar é in 2020.

Rinneadh dul chun cinn áirithe freisin ar an ngealltanas chun treoir agus tacaíocht a fhorbairt le haghaidh Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IATanna) chun soláthar an chláir IAT a fheabhsú agus a chomhdhlúthú.

Leanadh le maoirseacht a dhéanamh ar Chigireacht Luathbhlianta Tusla in 2019 cé go raibh dúshláin mhóra roimpi, grinnscrúdú san áireamh a rinne na meáin agus an tOireachtas ar sháruithe líomhnaithe ar chomhlíonadh na rialála ag seirbhísí agus seirbhísí réamhscoile ar líomhnaíodh go ndearna siad athchlárú. I ndiaidh craolacháin de chuid RTÉ Investigates, chuir an tAire tús le próiseas chun cumhachtaí breise a bhronnadh ar Chigireacht Luathbhlianta Tusla.

Thug Cigireacht Luathbhlianta Tusla faoi 2,308 cigireacht i rith 2019 ar sheirbhísí luathbhlianta, agus baineadh ceithre sheirbhís ón gclár seirbhísí luathbhlianta mar gheall nár chomhlíon siad na Rialacháin go seasmhach. Tá achomharc á dhéanamh faoi láthair ag sé sheirbhís sa bhreis ar an bhfógra a eisíodh dóibh go mbainfear ón gclár iad. Léiríonn díchlárúcháin agus ionchúisimh an cur chuige daingean atá á ghlacadh ag Tusla maidir le dul i mbun gnímh nuair a aimsíonn sé neamhchomhlíonadh.

Tugadh faoi thriail phíolótach a bhaint as cigireachtaí bunaithe ar Chreat Rialála Cáilíochta (CRC) go luath in 2019. I ndiaidh gur na trialach rathúla píolótaí, chuir Tusla tús le cigireachtaí CCR-bhunaithe a thabhairt isteach go déanach in 2019 agus leanfaidh sé leis an bhformáid seo a thabhairt isteach in 2020. D'fhorbair Tusla clár ríomhfhoghlama CRC, a bheidh ar fáil do gach soláthraí agus a bhfoireann ar láithreán gréasáin Tusla ó 2020 ar aghaidh.

Lean Cigireacht an ROS in 2019 ag tabhairt faoi chigireachtaí a bhí dírithe ar oideachas ar sheirbhísí COLÓ thar ceann an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ar aon dul le gealltanas in Na Chéad 5, thit obair ullmhúcháin amach in 2019 ar chigireachtaí a bhí dírithe ar oideachas a shíneadh agus iad a dhéanamh ar sholáthar a dhéantar do leanaí ar gach aois (0-6) i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige.

Rinne an Grúpa um Ailíniú Oibríochtaí agus Córas (an GAOC), a thugann gníomhaireachtaí le chéile a dhéanann cigireacht agus monatóireacht ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige, obair a chur chun cinn in 2019 chun creat féinmheasúnaithe a fhorbairt le haghaidh shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige a thiocfadh in ionad an Chláir reatha um Dhearbhú Cáilíochta (CDC) Síolta. Ceadóidh é seo do sholáthraithe measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin feadh an speictrim cháilíochta, ó chomhlíonadh go sármhaitheas.

Foilsíodh critéir agus treoirlínte nua le haghaidh chúrsaí leibhéal 7 agus 8 i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige in Aibreán 2019. Tugadh faoi athbhreithniú freisin ar cháilíochtaí Leibhéal 5 agus 6. Chuir an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige comhthús leis an mBord Comhairleach Cáilíochtaí (an BCC) i Ráithe 2 2020 ar bhonn neamhreachtúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chláir Chéime Oideachais Ghairmiúil thosaigh (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) don Earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige.

Forbraíodh samhail mheantóireachta leasaithe in 2019 agus bunaíodh Oifig um Chur i bhFeidhm Síolta Aistear Náisiúnta (SAN) chun soláthar an tionscnaimh a bhainistiú agus a lárú. Déanann an SAN maoirseacht ar obair breis agus 80 meantóir Síolta Aistear i measc réimse eagraíochtaí a chuireann tacaíochtaí oiliúna agus meantóireachta ar fáil do chleachtóirí fhoghlaim agus chúram na luath-óige.

Tugadh an Clár FGL nua a faomhadh go náisiúnta, "Aistear agus Súgradh" isteach in 2019, agus cuireadh an oiliúint ar fáil do thart ar 120 suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige.



*Rebecca, 3 bliana d'aois*

# BLOC TÓGÁLA 3

**Lucht saothair gairmiúil atá oilte go cuí agus inbhuanaithe a dtacaítear leis agus a léirítear meas air agus ina léirítear éagsúlacht naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach.**

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2019 i measc an lucht saothair luath-óige go léir. I measc na mbuaicphointí ba mhó, bhunaigh an Roinn Sláinte Grúpa Stiúrtha chun tús a chur le hobair ar lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí - ceann de na gealltanais mhóra in Na Chéad 5. Díreoidh an lucht saothair tiomnaithe i dtosach ar cheantair ard-dlúis daonra agus faoi mhíbhuntáiste. Forbraíodh Plean um Chur i bhFeidhm an Lucht Saothair 2019-2021 le haghaidh Tusla agus thionóil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Grúpa Oideachais Oibre Sóisialta in Eanáir 2019 chun soláthar céimithe oibre sóisialta a fhiosrú.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha i mBealtaine 2019 chun tús a chur le hobair ar Phlean Forbartha Lucht Saothair d'Earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile. Beidh mar chuspóir ag an bPlean próifíl ghairmeacha beatha san earnáil a ardú, próifílí róil, conairí gairme, riachtanais cháilíochtaí, agus meicníochtaí gaolmhara beartais a bhunú san áireamh, anuas ar dheiseanna forbartha ceannaireachta. Caithfear súil sa Phlean freisin ar conas is féidir lucht saothair ina bhfuil cothromaíocht agus éagsúlacht inscne níos fearr a bhaint amach san earnáil. Baineann comhoibriú dlúth leis an bPlean Forbartha Lucht Saothair idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Le próiseas comhairliúcháin láidir a chinntiú, cruthaíodh Grúpa Páirtithe Leasmhara ina raibh ionadaithe ó áiteanna ar fud na hearnála chun oibriú i gcomhar leis an nGrúpa Stiúrtha. Chas an dá ghrúpa lena chéile roinnt uaireanta in 2019, agus thacaigh siad le pleanáil le haghaidh comhairliúchán forleathan leis an lucht saothair.

Bhronn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 481 dámhachtain sparánachta trí Chiste na bhFoghlaimeoirí 2019, ar chéimithe cláir chéime ar liosta cáilíochtaí aitheanta an RLGÓ. Mar chuid den tionscnamh níos fairsinge chun tacú le cáilíocht i bhfeighlíocht leanaí, fairsingíodh Ciste na bhFoghlaimeoirí chun tacú le feighlithe leanaí cláraithe a bhain riachtanais rialála amach le haghaidh cáilíochtaí. Meastar go rachaidh an glacadh le sparánachtaí feighlíochta i méid le himeacht ama ar aon dul le Ciste na bhFoghlaimeoirí 2019, a lean ag tacú le tionscnaimh FGL, oiliúint Hanen agus Lámh (mar chuid de AIM) san áireamh. Cuireadh cistiú ar fáil chun tacú le hoiliúint ar Fhreagairt Garchabhrach (FGC) a thabhairt isteach atá creidiúnaithe ag an gComhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil (an CÉRO) a bhfuil ceanglas rialála le déanamh de in 2021. Taighde a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na meicníochta píolótaí cistithe le haghaidh rannpháirtíochta in FGL. Lean Seirbhís Forbartha Cáilíochta Tús Níos Fearr (tionscnamh an RLGÓ a chuireann Pobal ar siúl) le clár meantóireachta a sholáthar le haghaidh sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Síneadh ról forbartha cáilíochta Tús Níos Fearr in 2019 trí chlár FGL Aistear agus Súgradh a thabhairt isteach, a sholáthair speisialtóirí luathbhlianta Tús Níos Fearr agus a chomhordaigh an tAonad nua Foghlama agus Forbartha laistigh de Tús Níos Fearr.

# BLOC TÓGÁLA 4

**Bonneagar náisiúnta láidir le haghaidh taighde agus sonraí a úsáidtear chun beartas agus cleachtas a chur ar an eolas, anuas ar chlár leanúnach monatóireachta agus meastóireachta.**

Aithnítear in Na Chéad 5 lárnacht an taighde agus na sonraí sa chóras luath-óige. Cuireann bonneagar láidir náisiúnta le haghaidh taighde agus sonraí, tomhas fadaimseartha san áireamh, feabhas ar an tuiscint ar an méid óna n-eascraíonn torthaí maithe do leanaí agus conas is féidir tacú le teaghlaigh. Anuas ar Phlean Taighde agus Meastóireachta Na Chéad 5 ar tagraíodh dó níos luaithe, rinneadh dul chun cinn suntasach in 2019 ar ghealltanais ar leith faoi Bhloc Tógála 4.

Rinne an Roinn 'Ag Fás Aníos in Éirinn: an Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí' (GUI) a bhainistiú agus a thabhairt chun cinn. I measc na n-éachtaí suntasacha in 2019, bhí síneadh a chur leis an gconradh reatha le haghaidh GUI leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ITES) go dtí deireadh 2022 agus comhaontú an Rialtais a bhaint amach ar thodhchaí inbhuanaithe fhadtéarmach a sholáthar le haghaidh GUI trí é a aistriú chuig an Phríomh-Oifig Staidrimh (an POS) ó 2023 ar aghaidh. Bunaíodh struchtúr rialachais tríphháirteach ina bhfuil ionadaíocht á déanamh ón Roinn, an POS agus an ITES, chun an t-aistriú seo a phleanáil. Mar chuid den phleanáil seo, tá breithniú á dhéanamh ar achoimre dhearaidh don chéad chéim eile agus ar luach chohórt nua breithe.

Seoladh What Works in Iúil 2019 le láithreán gréasáin agus an Mol Sonraí agus Eolais Torthaí do Leanaí ar líne. Tionscnamh é What Works atá faoi stiúir na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, a gcuirtear cistiú ar fáil dó ó Chuntais Dhíomhaoine, chun tacú le haistriú i dtreo seirbhísí coiscthe agus luath-idirghabhála atá bunaithe ar fhianaise do leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh.

Sheol an tAire Fís Chomhroinnte an CSLDÓ, na Chéad Chéimeanna eile 2019–2024 ina leagtar amach ardán maidir le forbairt bhreise agus fís do Choistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓanna) sna chéad chúig bliana eile amach romhainn.

Foilsíodh Spotsolas Staitistiúil #3, Réiteach an tSaoil Oibre agus Teaghlaigh i mí na Nollag 2019 agus tá sé ar fáil ó www.gov.ie agus cuireadh rannpháirtíocht leis an POS agus le páirtithe leasmhara chun cinn.

In 2019, d'iarr an ECFE ar thíortha páirt a ghlacadh i dtionscadal QBR, a lorgaíonn chun beartais a thuiscint ar féidir leo feabhas a chur ar cháilíocht phróisis, go háirithe beartais forbartha an lucht saothair. Ag an tráth céanna chuir an Coimisiún Eorpach (an CE) tacaíocht ar fáil do thíortha a thugann faoi Athbhreithniú Beartais iomlán Oideachas agus Chúram na Luath-Óige (OCLÓ). Chomhaontaigh Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, chun páirt a ghlacadh.

Rinneadh córais riaracháin a fhorbairt nó a fheabhsú freisin. Tugadh Taifead Sláinte Leictreonach Ghínéiceolaíochta an Chórais Bhainistíochta Cliniciúla Máthartha agus Nuabhreithe (MN-CMS) isteach i gceithre shuíomh bheo in 2019 de réir na sprice. Fuarthas faomhadh ón Aonad Maoirseachta Rialtais Dhigitigh (an AMRD) chun obair a dhéanamh ar an gCóras Faisnéise Imdhíonta Náisiúnta. Rinneadh feabhsúcháin bhreise ar an gCóras Faisnéise um Chúram Leanaí Náisiúnta, agus tá súil leis garspriocanna 2019, ar cuireadh moill orthu, a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2020.

Cuireadh moill ar obair ar roinnt tionscadail sonraí, táscairí forlíontacha a shainaithint ina measc, ach is gealltanais de chuid Na Chéad 5 iad go fóill.



*Aimee, 5 bliana d'aois*

# BLOC TÓGÁLA 5

**Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh.**

Rinne cistiú a fuarthas i mBuiséad 2020 soláthar do réimse beart a imreoidh tionchar dearfach ar bhochtaineacht leanaí. Áiríodh leo seo méadú ar thairseacha Íocaíochta Teaghlaigh Oibre, méadú ar an neamhaird tuillimh do thuismitheoirí oibre aonair a bhfuil Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora nó Íocaíocht Chuardaitheora Poist (Aistriú) á fáil acu, cistiú do chlár píolótach béilí teo ar scoil agus clár píolótach béilí i suíomhanna LFC. Rinne Buiséad 2020 €94 milliún sa bhreis a leithdháileadh ar Tusla, seirbhísí cúraim leanaí agus don ógra agus tháinig méadú 3.4% ar an leithdháileadh don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Rinneadh infheistíocht bhreise €63.5 milliún le haghaidh LFC agus CLAS i mBuiséad 2020 – a chuir go mór le sprioc infheistíochta Na Chéad 5 agus an gealltanas chun infheistíocht in LFC agus CLAS a dhúbailt, ar a laghad, faoin mbliain 2028. Thacaigh an infheistíocht bhreise seo leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (an SNCL) a chur i bhfeidhm, an méadú san áireamh ar uaireanta an chloig íosta agus uasta an SNCL ó Mheán Fómhair 2020 (ó 20 go 25 agus ó 40 go 45 uair an chloig, faoi seach) agus réimse bearta eile.

Bunaíodh Sainghrúpa chun samhail nua chistithe a fhorbairt do LFC agus CLAS i Meán Fómhair 2019. Thit cruinniú tionscnaimh an tSainghrúpa amach i nDeireadh Fómhair 2019. Déantar cathaoirleacht neamhspleách ar an Sainghrúpa agus tá ann saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, chomh maith le saineolaithe beartais ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá ar an Sainghrúpa scrúdú a dhéanamh ar an tsamhail reatha chistithe, a héifeachtacht chun seirbhísí ardchaighdeáin, inacmhainne, inbhuanaithe, inrochtana, LFC agus CLAS in earnáil inbhuanaithe, agus breithniú a dhéanamh ar conas is féidir acmhainní breise a sholáthar don earnáil chun na cuspóirí seo a bhaint amach agus leas á bhaint as cleachtas idirnáisiúnta sa limistéar seo.

Ceapadh Comhpháirtí Taighde, Frontier Economics, go déanach in 2019 chun roinnt páipéir oibre a chur le chéile chun tacú le hobair an tSainghrúpa.

Beartaítear go leanfar le Sainghrúpa nua don tsamhail chistithe a fhorbairt go dtí 2021 agus cuirfear moltaí an Ghrúpa faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus faoi bhráid an Rialtais i ndeireadh na dála. Tá an cháipéisíocht a bhaineann le cruinniú gach Sainghrúpa ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscadail: www.first5fundingmodel.gov.ie



*Baill de shainghrúpa um an tSamhail Chistithe na Chéad 5 sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leis an t-Iar-Aire Katherine Zappone, Rúnaí Cúnta Bernie McNally agus an Dochtúir Anne-Marie Brooks.*

Trí infheistíocht chaipitil, críochnaíodh oibreacha tógála Chéim A maidir le hospidéal Leanaí nua, agus cuireadh tús le hoibreacha tógála Chéim B. Críochnaíodh an tIonad Cúraim Othar Seachtrach agus Práinne (an ICOSP) ag Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, agus cuireadh tús le seirbhísí a sholáthar in Iúil 2019. Bhí 129 ionad á n-oibriú faoin gClár Tógála Cúraim Phríomhúil ag deireadh 2019 agus bhí 18 n-ionad sa bhreis sceidealaithe lena n-oscailt níos déanaí in 2020.




*An tIonad nua Cúraim Othar Seachtrach do Leanaí, Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir.*



*Layla, 4 bliana d'aois*

# DUL CHUN CINN GHARSPRIOCANNA 2019



# SPRIOC A
# TEAGHLAIGH AGUS POBAIL LÁIDRE AGUS THACÚLA



# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 1

## Cuideofar le tuismitheoirí cothromaíocht oibre is cúraim a bhaint amach is fearr a oireann dá gcúinsí teaghlaigh agus a chuireann le forbairt optamach an linbh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **1.1**<br>**Máithreacha agus aithreacha a éascú chun cúram a thabhairt dá leanbh sa bhaile i rith a gcéad bhliana.** | A.1.1.1.<br>Bunófar scéim nua Saoire Thuismitheoireachta íoctha a bheidh ar fáil don bheirt tuismitheoirí agus beidh sé ag feidhmiú faoi 2019. Tar éis di a bheith curtha i mbun, beidh de chuspóir ag an scéim nua Saoire Thuismitheoireachta dul i méid go hincriminteach i gcaitheamh na Straitéise chun go dtacófar le tuismitheoirí in Éirinn faoi 2028 chun aire a thabhairt dá naíonáin sa bhaile don chéad bhliain iomlán trí mheascán de scéimeanna íoctha saoire theaghlaigh. Faoin mbliain 2021, beidh teidlíocht aonair an duine ag tuismitheoirí do sheacht seachtaine de shaoire thuismitheoireachta íoctha ar féidir í a ghlacadh sna blianta is luaithe d'óige a linbh, a d'fhéadfadh a chur ar chumas leanaí tairbhe a bhaint as cúram tuismitheora breise 14 seachtaine ina gcéad bhliain. I gcaitheamh na mblianta eile den Straitéis, fad a bhíonn fáil ar acmhainní, déanfar an scéim Saoire Thuismitheoireachta íoctha a shíneadh níos mó. A luaithe a bhunaítear an scéim nua, déanfar breithniú ar athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna Saoire/Sochar Máithreachais agus Atharthachta, go háirithe maidir le rátaí íocaíochta agus riachtanais cháilitheachta. B'fhéidir go mbeidh iarrachtaí breise ag teastáil chun glacadh le teidlíochtaí saoire, chomh maith. | Comh-Cheannasaithe: An RDCC agus an RGFCS | Tá reachtaíocht le cur chun cinn agus le hachtú lena cheadú don scéim tosú. | X | | | | Tá an tAcht um Shaoire agus Shochar do Thuismitheoirí 2019 achtaithe agus tá tús curtha leis. |
| | | | Tá scéim chomhfhreagrach le dearadh, cur i bhfeidhm agus le hoibriú ag an RGFCS lena cheadú do thuismitheoirí saoire thuismitheoireachta íoctha a ghlacadh. | X | | | | Tugann an tAcht um Shaoire agus Shochar do Thuismitheoirí 2019, teidlíocht reachtúil nua do thuismitheoirí ar shaoire thuismitheoireachta, is é sin le rá, dhá sheachtain saoire le pá in aghaidh an tuismitheora le haghaidh tuismitheoirí de leanbh a shaolaítear nó a uchtáltar ar nó tar éis 1 Samhain 2019. Tá sé ar fáil do thuisitheoirí atá fostaithe nó tuismitheoirí féinfhostaithe a bhfuil an líon riachtanach ranníocaíochtaí árachais shóisialta acu, agus is féidir é a thógáil le linn céad bliana an linbh. Gheobhaidh tuismitheoirí a cháilíonn don saoire seo Sochar Tuismitheora de €245 in aghaidh na seachtaine. Meastar go bhfaighidh 60,000 tuismitheoir an sochar gach bliain, ar chostas réamh-mheasta de €32 milliún. |
| | | | Teidlíocht aonair a thabhairt isteach do shaoire thuismitheoireachta íoctha dhá sheachtain (a mhéid le ceithre seachtaine, ar an iomlán, in aghaidh an linbh). | X | | | | Tugann an tAcht um Shaoire agus Shochar do Thuismitheoirí 2019, teidlíocht reachtúil nua do thuismitheoirí ar shaoire thuismitheoireachta, is é sin le rá, dhá sheachtain saoire le pá in aghaidh an tuismitheora le haghaidh tuismitheoirí de leanbh a shaolaítear nó a uchtáltar ar nó tar éis 1 Samhain 2019. Tá sé ar fáil do thuisitheoirí atá fostaithe nó tuismitheoirí féinfhostaithe a bhfuil an líon riachtanach ranníocaíochtaí árachais shóisialta acu, agus is féidir é a thógáil le linn céad bliana an linbh. Gheobhaidh tuismitheoirí a cháilíonn don saoire seo Sochar Tuismitheora de €245 in aghaidh na seachtaine. Meastar go bhfaighidh 60,000 tuismitheoir an sochar gach bliain, ar chostas réamh-mheasta de €32 milliún.<br><br>Rinneadh dlí Eorpach den Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil ar 1 Lúnasa 2019 agus ní mór í a thrasuí i dlí náisiúnta na mBallstát faoi 23 Lúnasa 2022. Tar éis an trasuímh, beidh teidlíocht aonair seacht seachtain de shaoire thuismitheoireachta in aghaidh an tuismitheora tugtha isteach ag Éire faoi 2022, agus méadófar é seo go dtí naoi seachtain in aghaidh an tuismitheora faoi 2024. Nuair a chomhlíonfar an gealltanas seo, beidh Éire ag soláthar saoire thuismitheora le pá a chlúdóidh suas go dtí 44 seachtain sa chéad bhliain de shaol linbh. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 1

## Cuideofar le tuismitheoirí cothromaíocht oibre is cúraim a bhaint amach is fearr a oireann dá gcúinsí teaghlaigh agus a chuireann le forbairt optamach an linbh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **1.2**<br>**Barr feabhais a chur ar fheacht ar oibriú solúbtha a fhacaíonn le teaghlaigh.** | A.1.2.1.<br>Tabhairt faoi athbhreithniú ar fhorálacha ábhartha an Achta um Chosaint Máithreachais (Leasú), 2004 maidir leis an tsaincheist lena mbaineann an teidlíocht reatha a shíneadh do shosanna íoctha cothaithe cíche/lachta nó laghdú íoctha ar uaireanta oibre do mháithreacha a dhéanann cothú cíche sa lucht saothair anuas ó 26 go 104 seachtain i ndiaidh go saolaítear an naíonán chun meascán de chothú cíche agus oibriú a éascú ar aon dul le moladh an EDS chun leanúint le cothú cíche, anuas ar bhianna comhlántacha atá cothaitheach agus sábháilte a dhóthain, go dtí go mbaineann leanaí dhá bhliain d'aois amach. | Ceannasaí: An RDCC | Tograí a fhorbairt do na bearta reachtaíochta a theastaíonn chun an fhoráil seo a thabhairt isteach tríd an mBille um Shaoire agus Sochar Tuismitheoireachta. | X | | | | Tá Ceann Teidil na bhfórálacha, a chuireann leis an tréimhse ina mbeadh fostaithe i dteideal sosanna do bheathú cíche nó laghdú in uaireanta oibre íoctha, ó 26 go dtí 104 seachtain faofa ag an Rialtas agus tá tús curtha leis na fórálacha seo a dhréachtú chun iad a áiriú laistigh de Bhille cuí. |
| | | | Tá breithniú le déanamh ar an athbhreithniú ar fhorálacha reatha i gcomhthéacs an iniúchta réamhreachtaíochta don Bhille. | | | X | | Braitheann an dul chun cinn ar an fhóráil seo a chur isteach i gclár reachtaíochta an Rialtais. |
| | A.1.2.2.<br>An fhoráil a shíneadh do shaoire thuismitheoireachta neamhíoctha ó 18 go 26 seachtain agus uasteorainn aoise an linbh a leasú dár féidir an tsaoire a ghlacadh ó 8 go 12 a chuireann solúbthacht níos fearr ar fáil do thuismitheoirí. | Ceannasaí: An RDCC | Síneadh an teidlíocht reatha do shaoire thuismitheoireachta neamhíoctha ó 18 go 22 seachtain agus méadaíodh uasteorainn aoise an linbh dár féidir an tsaoire a ghlacadh ó 8 go 12. | X | | | | Fógraíodh in 2019 go dtabharfaí isteach ar bhonn céimnithe 8 seachtain breise de shaoire thuismitheora gan phá. Méadaíodh an saoire thuismitheora gan phá ó 18 go dtí 22 seachtain oibre i Meán Fómhair 2019. Tá fóráil san Acht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2019 maidir leis seo, agus athraítear san Acht freisin uasaois linbh a bhfuil a thuismitheoir i dteideal ar shaoire thuismitheora gan phá ó 8 go dtí 12 bliain. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 1

## Cuideofar le tuismitheoirí cothromaíocht oibre is cúraim a bhaint amach is fearr a oireann dá gcúinsí teaghlaigh agus a chuireann le forbairt optamach an linbh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **1.2**<br>**Barr feabhais a chur ar fheacht ar oibriú solúbtha a fhacaíonn le teaghlaigh.** | A.1.2.3.<br>Tabhairt faoi athbhreithniú ar bheartais reatha reachtúla agus neamhreachtúla agus taighde ar a n-éifeachtacht i dtaobh tacú le hoibriú a thacaíonn le teaghlaigh agus atá solúbtha do thuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu. Ar bhunús thorthaí an athbhreithnithe agus an taighde, treoir agus uirlisí a fhorbairt lena chur ar chumas fostóirí níos mó roghanna oibre a thacaíonn le teaghlaigh a chur ar tairiscint, chun go gcuireann reachtaíocht, cultúr agus cleachtas fostaíochta, i gcaitheamh na Straitéise, ar chumas tuismitheoirí oibriú a chur i gcothromaíocht le cúram a thabhairt, agus comhionannas inscne á chur chun cinn i gcomhthráth. | Ceannasaí:<br>An RDCC<br><br>Comhpháirtithe:<br>An RGFN,<br>An RLGÓ, An RGFCS | Cur chuige beartais a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil lena n-áirítear scrúdú ar dhea-chleachtas i mBallstáit eile an AE. | | | X | | Déanfar é seo i gcomhtheacs an athbhreithnithe ar aighneachtaí a fhaightear mar chuid den phróiseas comhairliúcháin poiblí. |
| | | | Tabhairt faoin obair ullmhúcháin do chomhairliúchán náisiúnta ar roghanna oibre solúbtha a shíneadh do gach fostaí. | X | | | | Seoladh an Comhairliúchán Fleisc-ama ar 11 Nollaig 2019 chun tuairimí a lorg ó fhostóirí, ó fhostaithe, ó cheardchumainn agus on bpobal i gcoitinne ar na socruithe maidir le fleisc-ama atá i bhfeidhm faoi láthair agus na hathruithe ar mhaith leo a fheiceáil. |
| | | | Cuireadh tús leis an ullmhú chun forálacha a thrasuíomh i dTreoir an AE maidir le Cothromaíocht Saoil is Oibre (CSO) a bheidh ag teacht aníos, maidir le teidlíocht tuismitheoirí ina measc chun socruithe solúbtha oibre a iarraidh. | X | | | | Obair ullmhúcháin tosaithe ag RCC agus RGFCS. Leanfar leis an obair seo in 2020. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 1

## Cuideofar le tuismitheoirí cothromaíocht oibre is cúraim a bhaint amach is fearr a oireann dá gcúinsí teaghlaigh agus a chuireann le forbairt optamach an linbh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **1.2**<br>**Barr feabhais a chur ar fheacht ar oibriú solúbtha a fhacaíonn le teaghlaigh.** | A.1.2.4.<br>Ag cur le samhail nuálach Athena Swan san earnáil ardoideachais agus le taithí ó thíortha eile, córas a fhorbairt chun fostóirí a thacaíonn le teaghlaigh a aithint, ar aon dul le réamhobair atá ar bun le breithniú a dhéanamh ar indéantacht agus tairbhí “marc Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe” don ghnó. | Ceannasaí:<br>An RDCC<br><br>Comhpháirtí:<br>An RGFN | Scóipeáil tosaigh a dhéanamh ar thionscadal féideartha, fad atá forbairtí ar an marc Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe á ndéanamh. | | | | X | Gníomh 118 de NSWG (féidearthacht agus buntáistí “marc Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe” don ghnó). Ní dócha go gcuirfear críoch leis in 2020. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 2

## Bainfidh tuismitheoirí leas as eolas agus as seirbhísí ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise maidir le gnéithe éagsúla den tuismitheoireacht chun tacú le forbairt an linbh agus le dea-chaidrimh teaghlaigh ar leanúntas riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.1** **Comhoibriú a stiúradh ar fud na Ranna Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit chun acmhainní faisnéise a fhorbairt, a dhearadh agus a scaipeadh chun tacú le tuistiú.** | A.2.1.1. Acmhainní faisnéise faoi thuistiú a chomhdhlúthú agus a threisiú isteach in ardán aonair comhtháiteach, le faisnéis chomhsheasmhach, ardchaighdeáin agus inrochtana a chinntiú agus acmhainní faisnéise a fhorbairt atá mealltach, ardchaighdeáin agus éasca le húsáid, ag cur leis an tsraith acmhainní reatha. | Ceannasaí: An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe: Gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais ábhartha | Acmhainní faisnéise faoi thuistiú á gcistiú ag an Stát sainaitheanta. | X | | | | Acmhainní eolais do thuismitheoirí stát-chistithe aitheanta agus taifeadta. |
| | | | Idirchaidreamh le soláthraithe agus tuismitheoirí tosaithe. | X | | | | Bhuail an tAonad Polasaí um Thacaíocht Thuismitheora le chéile agus tá comhoibriú déanta acu le réimse leathan de pháirtithe leasmhara. |
| | | | Páipéir chúlra ullmhaithe. | X | | | | Tá páipéar roghanna dréachtaithe don ardán ar líne. |
| | A.2.1.2. Feachtas faisnéise náisiúnta poiblí ar thuistiú dearfach a stiúradh. Ba cheart go n- áireofaí leis an bhfeachtas ar líne agus aslíne teachtaireachtaí agus moltaí praiticiúla do thuismitheoirí agus na hacmhainní agus seirbhísí faisnéise atá ar fáil a chur in iúl. | Ceannasaí: An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí: Seirbhís Faisnéise an Rialtais | Comhaontú déanta ar sceideal na bhfeachtas (féach gníomh C.7.1.1). | | | X | | Comhaontófar sceideal feachtais mar aon le spriocanna feachtais agus scóip i R4 2020. |
| | | | Páipéir chúlra Chéim 1 ullmhaithe. | X | | | | Críoch curtha le paipéir thaighde achroimre ar thuismitheoirí agus ar thuismitheoireacht. |
| | | | Athbhreithnithe fianaise Chéim 1 críochnaithe. | | X | | | Cuireadh críoch le hathbhreithniú gasta ar mheicníochtaí éifeachtacha maidir le heolas a sheachadadh do thuismitheoirí i R2 2020. |
| | | | Ceardlann cumarsáide curtha ar bun. | X | | | | Reáchtáladh ceardlann chumarsáide le ranna agus le gníomhaireachtaí leasmhara. |
| | | | Comhaontú déanta ar chuspóirí agus scóip feachtais. | | | X | | Tabharfar tús áite do spriocanna feachtais agus scóip i R4 2020. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 2

## Bainfidh tuismitheoirí leas as eolas agus as seirbhísí ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise maidir le gnéithe éagsúla den tuismitheoireacht chun tacú le forbairt an linbh agus le dea-chaidrimh teaghlaigh ar leanúntas riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.1**<br>**Comhoibriú a stiúradh ar fud na Ranna Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit chun acmhainní faisnéise a fhorbairt, a dhearadh agus a scaipeadh chun tacú le tuistiú.** | A.2.1.3.<br>Triail phíolótach a bhaint as tionscnaimh Bhoscaí Naíonáin agus Málaí Leabhar a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le tuistiú agus díriú ar dhlúthchaidreamh a chothú idir an tuismitheoir agus an naíonán, faisnéis ar fhorbairt naíonáin agus luathfhoghlaim agus sábháilteacht naíonáin a chur chun cinn. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Le deimhniú nuair a bhunófar an Grúpa Maoir-seachta | Grúpaí Maoirseachta a bhunú. | | | X | | Tosaíodh ar pháipéir chúlra maidir leis na boscaí linbh agus na málaí leabhair in 2019.<br><br>Búnófar an Grúpa Maoirseachta in 2020 chun an píolóta seo a chur chun cinn.<br><br>Beidh sé mar thasc tosaigh den Ghrúpa seo, scóip an tionscadail seo a thabhairt chun críche agus plean tionscadail mionsonraithe a chomhaontú. Áireofar mar thosaíochtaí, ceantar tíreolaíoch na scéime píolótaí a aithint, comhaontú maidir leis an am is fearr chun na boscaí linbh dháileadh amach (réamhbhreithe nó iarbhreithe), cén cainéal a úsáidfear agus an ábhar a bheidh sa bhosca. Ceapfar taighdeoir chun maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpaí fócais agus/nó ar sheisiúin chomhairliúcháin le tuismitheoirí nua agus tuismitheoirí atá ag súil le leanbh, chun eolas a fháil maidir le hábhar na mboscaí.<br><br>I ndiaidh na céad céime scóipe seo, ar chóir di a bheith críochnaithe faoi dheireadh R1 2021, déanfaidh an Grúpa Maoirseachta maoirseacht ar phróiseas soláthair iomaíoch chun forthairgeoirí cuí a cheapadh chun a) na boscaí linbh a fhorbairt agus a dháileadh amach agus b) measúnú iomlán a dhéanamh ar an scéim phíolótach. |
| | | | Comhpháirtí a shainaithint chun an clár píolótach a stiúradh. | | | | X | |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 2

## Bainfidh tuismitheoirí leas as eolas agus as seirbhísí ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise maidir le gnéithe éagsúla den tuismitheoireacht chun tacú le forbairt an linbh agus le dea-chaidrimh teaghlaigh ar leanúntas riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.2**<br>**Samhail shrathach seirbhísí tuistithe a fhorbairt a thógtar ar bhonn soláthair uilíoch, agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do thuismitheoirí ar aon dul lena leibhéal riachtanais ar bhonn céimnitheach.** | A.2.2.1.<br>Samhail náisiúnta de sheirbhísí tuistithe a fhorbairt, ó sholáthar spriocdhírithe uilíoch, a chuimsíonn príomhchéimeanna d'fhorbairt an linbh, agus tuismitheoirí agus leanaí á gcur san áireamh i réimse comhthéacsanna agus caidreamh tuistithe. Bunófar seirbhísí uilíocha tuistithe faoin tsamhail ar dhá phríomhbhonn:<br>• breisfhorbairt a dhéanamh ar Chlár Náisiúnta Óige Sláintiúla FSS i dtaobh seirbhísí a sholáthar do thuismitheoirí agus naíonáin (ón tréimhse réamhbhreithe go trí bliana d'aois), agus<br>• seirbhísí LFC a fhorbairt mar mheicníocht soláthair chun tacaíochtaí a sholáthar do thuismitheoirí. Déanfar é seo a phleanáil agus cuirfear acmhainn ar fáil dó trí shamhail agus clár píolótach leasaithe cistithe.<br>Lena chois seo, agus ag cur leis an gclár cuairte baile Altra Sláinte Pobail (ASP) reatha, déanfar comhaontú ar chur chuige i leith seirbhísí cuartaíochta baile, i measc contanam riachtanais, agus aird ar fhianaise Éireannach ar thionscnaimh choiscthe agus luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Tusla, FSS agus an earnáil dheonach | Coimisiúnú déanta ar an staidéar ar pheirspictíocht agus riachtanais tacaíochta tuismitheoirí. | | X | | | Tugadh an próiseas tairisceana don chéad chéim den staidéar chun críche i R2 2020. |
| | | | Páipéir chúlra ullmhaithe, athbhreithniú ina measc ar thacaíochtaí tuistithe reatha. | X | | | | Rinneadh suirbhé ar líne ar thuismitheoirí. Tá páipéar, a leagann amach an cúlra agus an cur chuige molta maidir le múnla náisiúnta seirbhísí tuismitheora a fhorbairt, curtha faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta. |
| | | | Athbhreithnithe fianaise críochnaithe. | | X | | | Críochnaíodh athbhreithniú gasta ar pholasaí agus cleachtadh idirnáisiúnta um thacaíocht do thuismitheoirí i R2 2020. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 2

## Bainfidh tuismitheoirí leas as eolas agus as seirbhísí ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise maidir le gnéithe éagsúla den tuismitheoireacht chun tacú le forbairt an linbh agus le dea-chaidrimh teaghlaigh ar leanúntas riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.2**<br>**Samhail shrathach seirbhísí tuistithe a fhorbairt a thógtar ar bhonn soláthair uilíoch, agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do thuismitheoirí ar aon dul lena leibhéal riachtanais ar bhonn céimnitheach.** | A.2.2.2.<br>Clár Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh Tusla a chothabháil trí infheistíocht leanúnach. | Ceannasaí: Tusla<br><br>Comhpháirtí: An RLGÓ | Comhaontú déanta ar Phlean Oibríochtúil Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (CCTT) Tusla. | | | | X | D'fhéadfadh an Plean Oibríochtúil PPFS agus an clár foriomlán a bheith faoi réir athraithe, ailínithe leis an gclár um athrú struchtúrtha de chuid Tusla. Mar sin féin, Tá aschur an Phlean Gnó 2020 do PPFS agus an plean cláir foriomlán a ghabhann leis do 2020, ag teacht le spriocanna agus le cuspóir an dréachtphlean oibríochtúil, agus táthar ag súil gur seo mar a bheidh in 2021 mura tharlaíonn coigeartú oibríochtúil suntasach ar fud na gníomhaireachta de bharr an chláir athraithe struchtúrtha. |
| | | | An Clár Aois an Pháiste Cheantarbhunaithe (APCB) comhtháite isteach san CCTT. | X | | | | Aistríodh an Clár ABC faoi mhaoirseacht Tusla i Meán Fómhair 2018. Tá an clár nua lonnaithe faoin gClár PPFS agus tá sé á bhainistiú faoin gClár sin, ach is tionscadal faoi leith é le buiséad imfhálaithe le haghaidh na 12 suíomh ABC. |
| | A.2.2.3.<br>Leanúint le Clár um Chlaochlú Tusla a chur i bhfeidhm atá dírithe thorthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus teaghlaigh leochaileacha. Nuair a bhíonn beartais agus cleachtas á bhforbairt, tabharfaidh Tusla aird ar an Straitéis seo, na sreafaí oibre a bhaineann le cosaint agus leas leanaí, agus leochaileacht ar leith na n-aoisghrúpaí atá cumhdaithe ag an Straitéis. | Ceannasaí: Tusla | Leanúint le Comharthaí Sábháilteachta a chur i bhfeidhm. | X | | | | Tá an dul chun chinn ag dul ar aghaidh agus tá 3 cinn de na 5 bliain curtha i bhfeidhm. |
| | | | Sainaithníonn oiliúint um Chosaint Leanaí leochaileacht ar leith naíonán agus leanaí óga. | X | | | | Aithníodh an leochaileacht faoi leith a bhaineann le leanaí tar éis dian-imeachtaí foghlama ar bhonn cleachtadh. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.1** **Ag cur leis an mbonneagar reatha tacaíochtaí, tionscnaimh a athbhreithniú agus a fhorbairt chun ioncaim theaghlaigh ina bhfuil leanaí óga a uasmhéadú, agus díriú ar leith ar leanaí i mbaol bochtaineachta.** | A.3.1.1. Tabhairt faoi thaighde agus anailís ar an scéim Creidmheas Cánach do Chúramóirí Baile, ar aon dul leis na Treoirlínte maidir le Caiteachas Cánach. Áireofar leis seo scrúdú a dhéanamh ar thairbhithe na scéime agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhíonn sé éifeachtach ag tacú le teaghlaigh oibre a thugann aire do leanaí óga sa bhaile. | Ceannasaí: An RA | Scóipeáil a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe. Réamh-idirchaidreamh a dhéanamh leis na Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha. | X | | | | Críochnaíodh an tuarascáil seo mar chuid de Bhuiséad 2020 i nDeireadh Fómhair 2019. |

# SPRIOC A

**Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla**

# CUSPÓIR 3

**Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.**

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.1**<br>**Ag cur leis an mbonneagar reatha tacaíochtaí, tionscnaimh a athbhreithniú agus a fhorbairt chun ioncaim theaghlaigh ina bhfuil leanaí óga a uasmhéadú, agus díriú ar leith ar leanaí i mbaol bochtaineachta.** | A.3.1.2.<br>Athbhreithniú a thosú agus a chur chun cinn ar éifeachtacht agus inrochtaineacht socruithe chun íocaíochtaí cothabhála a aisghabháil a dhéanann tuismitheoirí neamhchónaithe, scrúdú ina measc ar shocruithe i ndlínsí eile lena dheimhniú na féidearthachtaí chun an próiseas aisghabhála cothabhála a dhéanamh níos éasca ar thuismitheoirí, feabhas a chur ar na torthaí do leanaí agus an gá a laghdú a mhéid agus is féidir atá le himeachtaí cúirte chun cothabháil a aisghabháil. Athbhreithniú le tosú laistigh de dhá bhliain i ndiaidh go bhfoilsítear an Straitéis. | Ceannasaí: An RDCC | Scóipeáil a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe. | X | | | | Chuir an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí Meabhrán don Rialtas isteach ar 14 Eanáir 2020 ag iarraidh ar an Rialtas go dtabharfaidís dá n-aire go mbunófaí Grúpa Athbhreithnithe um Chothabháil Leanaí chun tuarascáil a ullmhú faoi dheireadh 2020 ar shaincheisteanna áirithe a bhaineann le cothabháil leanaí, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh an bhfuil cás ann chun gníomhaireacht um chothabháil leanaí a bhunú in Éirinn. Thacaigh an tAire Cirt agus Comhionannais le bunú an Ghrúpa Athbhreithnithe molta agus tá ainmní curtha ar fáil aici a shuífidh sa Ghrúpa Athbhreithnithe thar ceann na Roinne Cirt agus Comhionannais. |
| | | | Réamh-idirchaidreamh a dhéanamh leis na Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha. | X | | | | |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.1**<br>**Ag cur leis an mbonneagar reatha tacaíochtaí, tionscnaimh a athbhreithniú agus a fhorbairt chun ioncaim theaghlaigh ina bhfuil leanaí óga a uasmhéadú, agus díriú ar leith ar leanaí i mbaol bochtaineachta.** | A.3.1.3.<br>Scéimeanna a fhorbairt chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh; leanúint ag díriú ar leanaí óga ar a bhfuil riochtaí riospráide nuair a dhéantar breithniú ar an scéim Teasa agus Folláine a shíneadh, a mheasúnú agus a phríomhshruthú, más féidir, agus bealaí a fhiosrú chun tairbhí na Scéime Tithe Níos Teo a chur ar fáil do níos mó teaghlach ina bhfuil leanaí óga atá i mbaol bochtaineacht fuinnimh, an earnáil chíosa ina measc. | Ceannasaí: An RCGAT | Scéimeanna le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh a chistítear le €34m. | X | | | | Ba é an buiséad a leithdháileadh do 2019 don Scéim um Thithe Níos Teo ná €24 milliún. Tar éis athbhreithnithe chaipitil lár-bliana, áfach, méadaíodh an buiséad go dtí €39.8 milliún do 2019.<br><br>Bhí buiséad de €8.7 milliún do 2019 ag an Scéim Phíolótach um Theas agus Fholláine. |
| | | | Úsáid le baint as torthaí tosaigh an chláir phíolótaigh Teasa agus Folláine chun eolas a chur ar fáil do thabhairt isteach na scéime amach anseo, agus le cabhrú lena dheimhniú an gcruthaíonn sé tairbhí do leanaí níos óige. | | | X | | Tá moill shuntasach i gceist leis an ngé taighde den scéim, atá á déanamh ag an Scoil Sláinteachais agus Leighis Thróipiceaí i Londain, lena n-áirítear impleachtaí ag eascairt ó RCSG agus Breatimeacht maidir le sonraí a roinnt le taighdeoirí. An ghéarchéim COVID-19 ba chúis leis an moill is deareanaí, a raibh mar thoradh uirthi ná gur athlonnaíodh foireann FSS go sealadach ón scéim agus nach raibh rochtain ag taighdeoirí i Scoil Sláinteachais agus Leighis Thróipiceaí i Londain ar a líonra cosanta. Tá gach iarracht á déanamh, áfach, an taighde a chur chun cinn, anois go bhfuil na srianta á scaoileadh agus táthar ag súil le tuarascáil eatramhach faoi R4 2020. |
| | | | Comhairliúchán ar bheartas le dul i ngleic le héifeachtúlacht fuinnimh san earnáil chíosa le foilsiú, anailís déanta ar na freagairtí agus moladh i dtaobh dréachtbheartais curtha in iúl don Aire. | | | X | | Seoladh páipéar comhairliúcháin ar 6 Nollaig 2019. Anailís déanta ar aighneachtaí comhairliúcháin agus achoimre déanta orthu. Tá an t-ullmhúchán ar an ndréachthuarascáil maidir le torthaí don Sainghrúpa Comhairleach beagnach críochnaithe. Táthar ag súil go ndéanfaidh an Sainghrúpa Comhairleach athbhreithniú ar na torthaí agus go ndéanfaidh sé cinneadh ar na chéad chéimeanna eile i R3 2020. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.1**<br>**Ag cur leis an mbonneagar reatha tacaíochtaí, tionscnaimh a athbhreithniú agus a fhorbairt chun ioncaim theaghlaigh ina bhfuil leanaí óga a uasmhéadú, agus díriú ar leith ar leanaí i mbaol bochtaineachta.** | A.3.1.3.<br>Scéimeanna a fhorbairt chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh; leanúint ag díriú ar leanaí óga ar a bhfuil riochtaí riospráide nuair a dhéantar breithniú ar an scéim Teasa agus Folláine a shíneadh, a mheasúnú agus a phríomhshruthú, más féidir, agus bealaí a fhiosrú chun tairbhí na Scéime Tithe Níos Teo a chur ar fáil do níos mó teaghlach ina bhfuil leanaí óga atá i mbaol bochtaineacht fuinnimh, an earnáil chíosa ina measc. | Ceannasaí: An RCGAT | An Plean deiridh Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ina sonraítear bearta atá le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh in Éirinn. | X | | | | Cuireadh an Plean um Fhuinneamh Náisiúnta agus an Aeráid faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar 4 Lúnasa 2020. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.2**<br>**Tacú le cóiríocht oiriúnach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach.** | A.3.2.1.<br>Ar aon dul le na beartais a dtugtar cuntas orthu in Éire a Atógáil, Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le tithíocht agus easpa dídine, réimse gníomhartha a chur i bhfeidhm le soláthar méadaithe a chinntiú de thithe sóisialta, inacmhainne agus príobháideacha chun go gcuirtear cóiríocht oiriúnach ar fáil do leanaí agus a dteaghlaigh. | Ceannasaí:<br>An RTPRÁ | 27,000 réiteach tithíochta sóisialta le soláthar. | X | | | | Fuair os cionn 28,000 teaghlach tacaíocht lena gcuid riachtanas tithíochta in 2019 thar gach Clár Seachadta Tithíochta Sóisialta de chuid an chláir Atógáil Éireann, 103% den sprioc bliantúil do 2019, agus áirítear leis sin níos mó ná 10,000 teach sóisialta a seachadaíodh. |
| | A.3.2.2.<br>Provide increased accommodation facilities appropriate for families experiencing homelessness and ensure that the appropriate supports are provided to these families to support them being re-homed in suitable homes within the shortest possible timeframe and having regard to their individual requirements and circumstances. | Ceannasaí:<br>An RTPRÁ | Moil bhreise teaghlaigh a sholáthar i mBaile Átha Cliath agus i bpríomhionaid uirbeacha eile. | X | | | | Tá an obair seo ag dul ar aghaidh. Ag deireadh 2019, bhí 32 mol ag obair go náisiúnta, agus bhí 720 aonad cóiríochta teaghlaigh á dtairiscint i gceantair uirbeacha.<br><br>Tosóidh áiseanna eile ag feidhmiú le linn 2020, agus cuirfear sonraí ar fáil de réir mar a thugann na húdaráis thithíochta na tionscadail chun críche. |
| | | | Tosú leis an CCNC a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe chun seirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar. | X | | | | Tosaíodh ar NQSF a chur i bhfeidhm ar 1 Iúil 2019, atá á dhéanamh ar bhonn náisiúnta thar tréimhse 12 mí. Tá an Roinn agus Coiste Gnó do Dhaoine gan Dídean i Réigiún Bhaile Átha Cliath ag taú leis na húdaráis áitiúla sa chéim feidhmithe, agus áirítear leis seo oiliúint a sholáthar. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.2**<br>**Tacú le cóiríocht oiriúnach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach.** | A.3.2.3.<br>I ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin, caighdeáin a fhoilsiú do chóiríocht a chuirtear ar tairiscint do dhaoine sa phróiseas cosanta lena chinntiú go bhfuil seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthraítear do dhaoine a chónaíonn sa saghas seo cóiríochta, naíonáin, leanaí óga agus a dtuismitheoirí ina measc, ar ardchaighdeán, cuí, sábháilte agus éifeachtach. | Ceannasaí:<br>An RDCC | Caighdeáin tugtha chun críche. | X | | | | Comhaontaíodh caighdeáin agus foilsíodh iad. Cuireadh riachtanais mhothúcháin agus fholláine leanaí agus teaghlach i dtús áite le linn na gcomhráite. Áiríodh leis seo an timpeallacht fhisiciúil agus deiseanna don teaghlach a bhfuil tionchar dearfach acu ar fhorbairt leanaí. |
| | | | Leanúint leis an tsamhail um maireachtáil neamhspleách a thabhairt isteach mar chuid de chlár soláthair ar fud na tíre. | X | | | | Scaipeadh na Caighdeáin go forleathan agus scrúdaíodh ábhar na gCaighdeán nuair a bhí tairiscint á déanamh do réadmhaoin nua. |
| | | | Grúpa oibre um chur i bhfeidhm a chruthú. | | | X | | Tá comhordú ag dul ar aghaidh maidir le próiseas fiosrúcháin neamhspleách a chur i bhfeidhm. Níl críoch curtha fós ar an bpolasaí maidir le conas a fheidhmeoidh an próiseas fiosrúcháin nua. Mar sin, tá cinneadh le déanamh fós i dtaca le cé a dhéanfaidh an próiseas fiosrúcháin agus tá grúpa oibre a churfidh an próiseas fiosrúcháin IPAS chun cinn fós le bunú. Den chuid is mó, is féidir an mhoill seo a mhíniú tríd an t-uallach atá curtha ar IPAS de bharr na freagartha ar an ngéarchéim Coivd-19.<br><br>Tá sé tábhachtach a lua go n-aistreofar go luath an fhreagracht maidir le cosaint idirnáisiúnta a thabhairt d'iarratasóirí chuig an Roinn nua Leanaí, Comhionannais, Míchumais, agus Lánpháirtíochta, agus is ar an Roinn sin a bheidh an fhreagracht an próiseas fiosrúcháin nua a cheapadh agus a chur chun cinn mar chuid d'aistriú feidhmeanna. Cibé acu ar IPAS, ar IPPS nó ar réimse polasaí sa Roinn sin a bheidh an fhreagracht, tá an cinneadh sin fós le déanamh, agus ní féidir achar ama a sholáthar maidir le cén uair a tharlóidh Gníomh 3.2.3 'Grúpa oibre a chruthú chun fiosrúchán neamhspleách a chur i bhfeidhm' agus an mbainfear amach an gharsprioc faoi dheireadh na bliana. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.2**<br>**Tacú le cóiríocht oiriúnach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach.** | A.3.2.4.<br>Moltaí ar leith a dhéanamh maidir le rochtain ar an gcóiríocht chuí do theaghlaigh an Lucht Siúil a bhfuil naíonáin agus leanaí óga acu, agus aird ar obair an tSainghrúpa a bunaíodh le déanaí ar leagadh an tasc orthu scrúdú agus moltaí a dhéanamh ar bheartas, straitéis agus cur i bhfeidhm cóiríochta don Lucht Siúil, athbhreithniú a dhéanamh, ina measc sin, ar Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 agus an reachtaíocht go léir eile a imríonn tionchar ar chóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar agus a chur ar fáil. | Ceannasaí:<br>An RTPRÁ | Cleachtadh soláthair phoiblí tosaithe chun cóiríocht agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar do dhaoine sa phróiseas cosanta, tríd an tsamhail mhaireachtála neamhspleách. | X | | | | Tá gach comórtas ag dul ar aghaidh nó críochnaithe anois agus is dócha go mbeidh conarthaí déanta faoi dheireadh na bliana. Comórtais réigiúnacha do na réigiúin a leanas críochnaithe – Thoir Theas, Lár Tíre, Lár-Oirthear. Réigiúin fós ar siúl – Lár-Iarthar, Thiar Theas, Thiar, Baile Átha Cliath, Réigiún Teorann.<br><br>Ní mór do gach tairgeoir rathúil cloí leis an múnla maireachtála neamhspleách agus go mbeidh ar chumas cónaitheoirí béilí a chócaráil dóibh féin agus go mbeidh seomraí suí ainmnithe ann do theaghlaigh. |
| | | | Tuarascáil an tSainghrúpa a sheoladh ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar chóiríocht a sholáthar go sonrach don Lucht Siúil. | X | | | | Cuireadh Athbhreithniú an Ghrúpa Saineolaithe ar Chóiríocht do Thaistealaithe faoi bhráid an Aire i mí Iúil 2019. Sa tuarascáil tá 32 moladh thar na ceithre thopaic a rinneadh scrúdú orthu, Seachadadh mar Fhreagairt ar Riachtanais, Pleanáil, Acmhainn agus Acmhainní, agus Rialachas. Cuimsítear go háirithe athruithe ar nósanna imeachta nó polasaithe, agus bonnathrú ar reachtaíocht i gcúrsaí pleanála.<br><br>De bharr líon na bpáirtithe leasmhara, an t-ionchur atá riachtanach agus an tionchar leathan a bheidh mar thoradh ar an gcuid is mó de na moltaí, tá Clár Tionscadal á bhunú ag an Roinn chun na moltaí comhaontaithe a chur chun cinn. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 3.3<br>A chinntiú go gcuirtear riachtanais agus cearta naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach san áireamh, nuair a bhíonn bonneagar fisiciúil agus sóisialta á dhearadh agus á fhorbairt ionas go dtacaíonn pobail ina mbeirtear ar leanaí agus ina dtógtar aníos iad, le luathfhorbairt dhearfach. | A.3.3.1.<br>Treoirlínte a fhorbairt ar phobail a thacaíonn le leanaí a phleanáil agus a fhorbairt d'údaráis áitiúla. Díreoidh na treoirlínte ar phobail inbhuanaithe a thógáil a chinnteoidh go mbíonn timpeallachtaí sábháilte ag leanaí le súgradh, fiosrú agus foghlaim iontu. Áireofar leo seo moltaí faoi spás conláiste, scála cuí, bealaí siúil agus rothaíochta, agus spásanna poiblí, spásanna súgartha agus timpeallachtaí nádúrtha ina measc. | Ceannasaí: An RTPRÁ<br><br>Comhpháirtí: An RLGÓ | Athbhreithniú ar threoirlínte reatha críochnaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. | X | | | | Athbhreithniú ar threoirlínte reatha críochnaithe ag RTRÁ, in éineacht le RLGÓ. |
| | A.3.3.2<br>Tabhairt faoi chleachtadh léarscáilithe ar an mbeartas, cleachtas agus soláthar reatha súgartha, agus díriú ar an luath-óige agus moltaí a dhéanamh ar bhonn na dtorthaí do ghníomhartha amach anseo. | Ceannasaí: An RLGÓ | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC A

**Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla**

# CUSPÓIR 3

**Tacófar le teaghlaigh agus le pobail an t-ábhar riachtanach agus na hacmhainní praiticúla a sholáthar do leanaí chun go spreagfaí forbairt dhearfach sna luathbhlianta.**

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.3**<br>**A chinntiú go gcuirtear riachtanais agus cearta naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach san áireamh, nuair a bhíonn bonneagar fisiciúil agus sóisialta á dhearadh agus á fhorbairt ionas go dtacaíonn pobail ina mbeirtear ar leanaí agus ina dtógtar aníos iad, le luathfhorbairt dhearfach.** | A.3.3.3.<br>Infheistiú a dhéanamh i leabharlanna mar mhoil phobail, fud fad na tíre, agus díriú ar leith ar leanaí óga agus a dtuismitheoirí (grúpaí tuismitheoirí agus naíonán, ábhair do thuismitheoirí, rannóg leanaí a fhorbairt), ar aon dul leis an straitéis nua leabharlainne a chur i bhfeidhm. | Ceannasaí:<br>An RFTP<br><br>Comhpháirtithe:<br>RLGÓ, Udaráis Áitiúla, Forbairt Leabharlann, GBRÁ | A fhiosrú chun seirbhísí struchtúracha litearthachta leabharlainne agus tacaíochta um fhorbairt léitheoireachta a thabhairt isteach do naíonáin agus leanaí óga faoin gclár 'An Ceart chun Léitheoireachta'. | X | | | | Chomhaontaigh an Grúpa Stiúrtha Ceart chun Léimh bearta a chuirfidh leis an tacaíocht leabharlainne struchtúrtha atá an do leanaí. Tá moill curtha ar an gcur i bhfeidhm de bharr COVID-19 ach, i gcomhpháirt le háiseanna luathfhoghlama agus cúraim atá cláraithe leis an RLGÓ, tógfar na chéad chéimeanna i R4 2020 thar seirbhísí leabhlainne na n-údarás áitiúil, lena n-áireofar timpeallachtaí luathfhoghlama agus cúraim a mhapáil le leabharlanna. |
| | | | Tá tionscadail leabharlainne cistithe faoin gClár Infheistíochta Caipiteal Leabharlainne, an Ciste um Fhorbairt agus Athghiniúint Tuaithe, agus an Ciste um Fhorbairt agus Athghiniúint Uirbeach ar aon dul leis an straitéis leabharlainne poiblí náisiúnta agus le Caighdeáin agus Tagarmharcanna Leabharlainne Poiblí, spásanna oiriúnacha agus mealltacha a sholáthar ina measc do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh. | X | | | | Is próiseas é seo atá ag dul ar aghaidh. Tá dhá thionscadal leabharlainne, áfach, (Sráid Chaoimhín agus Baile Átha Í) ina bhfuil spásanna oiriúnacha agus mealltacha le haghaidh leanaí agus a dteaghlaigh, agus tá ceann eile, i gCluain Dolcáin Thuaidh a bheidh ag oscailt i R4 2020.<br><br>Lena chois sin, d'fhaomh an Roinn Tuaithe agus Forbartha Pobail beagnach €800k de chistiú a bheidh mar thoradh air ná go soláthrófar áiseanna agus acmhainní a bhfuil géarghá leo i leabharlanna poiblí roimh dheireadh na bliana. Rachaidh sé seo chun sochar mórán leanaí a bhfuil an tseirbhís seo riachtanach dóibh. |

# SPRIOC B
# SLÁINTE FHISICIÚIL AGUS MEABHAIRSHLÁINTE OPTAMACH



# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.1.<br>Leanúint le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an spriocráta maidir le cothú cíche a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chothú Cíche (i.e. méadú bliantúil 2% ar rátaí faid cothaithe cíche i gcaitheamh na tréimhse 2016-2021). Chun an sprioc seo a bhaint amach:<br>a) leanúint ag tacú le máithreacha chun cothú cíche a dhéanamh trí sheirbhís an ASP,<br>b) beartais chaighdeánaithe chothaithe cíche a chur i bhfeidhm agus<br>c) poist speisialtóra chliniciúil a sholáthar i gcúram príomhúil agus in ospidéil mháithreachais de réir phríomhghníomhartha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chothú Cíche. Déanfar síntí ar an sprioc seo a bhreithniú ag deireadh athbhreithniú bhliain a trí ar Na Chéad 5 in 2021. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | a) Clár oiliúna cothaithe cíche foghlaim chumaisc forbartha. | X | | | | Tá an ghné ríomhfhoghlama den chlár oiliúna le fáil ar HSELand. Tá Modúl 1 críochnaithe ag 1,570 agus tá Modúl 2 críochnaithe ag 1, 463. Tá an oiliúint scil-bhunaithe á fobairt faoi láthair. |
| | | | Acmhainní ar líne agus clóite ar fáil do mháithreacha agus ASPanna. | X | | | | Rinneadh an leabhrán 'Tús Maith sa Saol – An Beathú Cíche' a uasdátú agus a athfhoilsiú.<br><br>Bhog Breastfeeding.ie go dtí an t-ardán mychild.ie agus déantar an t-ábhar atá ann a uasdátú go leanúnach. |
| | | | b) Beartais chothaithe naíonáin d'ospidéil/aonaid mháithreachais agus foirne cúraim phríomhúil forbartha agus curtha i bhfeidhm. | X | | | | Comhaontaíodh Polasaí Náisiúnta um Chothú Naíonán FSS. Polasaí agus póstaer a ghabhann leis deartha agus dáilte amach do na Seirbhísí Máithreachais agus Naíonán.<br><br>Polasaí Náisiúnta um Chothú Naíonán FSS le haghaidh Foirne Cúraim Phríomhúil agus CHO uasdátaithe agus scaipthe. |
| | | | Beartas agus treoir FSS don fhoireann maidir leis an gCód Margaíochta d'ionadaigh Bhainne Cíche ar fáil. | | | X | | Polasaí dréachtaithe agus próiseas comhairliúcháin críochnaithe; curtha i láthair don Fhoghrúpa ar an gComhchomhairle Náisiúnta FSS um Pholasaithe agus Nósanna Imeachta; treoir maidir le bheith ag obair laistigh den chód agus den pholasaí forbartha don fhoireann FSS; plean feidhmithe dréachtaithe. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.1.<br>Leanúint le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an spriocráta maidir le cothú cíche a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chothú Cíche (i.e. méadú bliantúil 2% ar rátaí faid cothaithe cíche i gcaitheamh na tréimhse 2016-2021). Chun an sprioc seo a bhaint amach:<br>a) leanúint ag tacú le máithreacha chun cothú cíche a dhéanamh trí sheirbhís an ASP,<br>b) beartais chaighdeánaithe chothaithe cíche a chur i bhfeidhm agus<br>c) poist speisialtóra chliniciúil a sholáthar i gcúram príomhúil agus in ospidéil mháithreachais de réir phríomhghníomhartha an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chothú Cíche. Déanfar síntí ar an sprioc seo a bhreithniú ag deireadh athbhreithniú bhliain a trí ar Na Chéad 5 in 2021. | Ceannasaí: FSS<br>Comhpháirtí: An RS | Caighdeáin an Tionscnaimh a Thacaíonn le Naíonáin tugtha chun críche. | X | | | | Dréachtchaighdeáin Naíonán-bháúil forbartha ag FSS agus comhairliúchán críochnaithe le FSS agus le páirtithe leasmhara deonacha, pobail agus idirnáisiúnta. Iniúchadh náisiúnta um Chothú Naíonán déanta le 18/19 ospidéal/aonad. |
| | | | Beartas cothaithe cíche don fhoireann a oibríonn sa tseirbhís sláinte poiblí forbartha. | | | X | | Tá na próisis chomhairliúcháin riachtanacha inmheánacha agus AD réitithe ag an bpróiseas. Plean feidhmithe á dhréachtú. |
| | | | c) Athbhreithniú ar sholáthar reatha poist speisialtóra chliniciúil críochnaithe. | X | | | | Athbhreithniú críochnaithe ag an nGrúpa Feidhmithe um Chothú Cíche. |
| | | | Aighneacht déanta do phoist bhreise tríd an bpróiseas meastachán agus ag brath ar chistiú. | X | | | | Tá 3 post comhairliúcháin um lachtadh á maoiniú in 2020 tríd an gClár Náisiúnta um Shláinte Ban agus Naíonán. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.2.<br>Feabhas a chur ar thacaíocht maidir le baint den chíoch a thabhairt do thuismitheoirí tríd an gClár Náisiúnta Óige Sláintiúla. | Ceannasaí:<br>An RS<br><br>Comhpháirtí:<br>FSS | Faisnéis fhianaisebhunaithe ar bhaint den chíoch ar fáil do gach tuismitheoir i measc ardáin éagsúla. | X | | | | Le fáil trí mychild.ie agus an leabhar Mo Leanbh: 0 to 2 bliain a thugtar do gach tuismitheoir a théann tríd an tseirbhís PHN. |
| | B.4.1.3.<br>Rochtain a sholáthar ar sheirbhísí cuimsitheacha pleanála clainne agus cúram sláinte atáirgeacha, faisnéis agus comhairle ina measc do dhaoine atá ag machnamh faoi thoircheas (e.g. scor ón tobac) agus tabhairt faoi fheachtas faisnéise náisiúnta chun an tábhacht a bhaineann le sláinte réamhghiniúna a chur chun cinn. | Ceannasaí:<br>An RS<br><br>Comhpháirtí:<br>FSS | An Straitéis Náisiúnta Máithreachais a chur i bhfeidhm go leanúnach, faoi mar a leagtar amach sa phlean um chur i bhfeidhm. | | | X | | Cé go bhfuil an Straitéis á cur i bhfeidhm go leanúnach, cuireadh moill ar roinnt gníomhartha. Dá bharr sin, agus faoi mar atá molta ag HIQA ina thuarascáil ar an gclár monatóireachta níos luaithe i mbliana in aghaidh na gCaighdeán Náisiúnta do Chúram Máithreachais Níos Fearr, Níos Sábháilte, is gá féachaint arís ar an bPlean Feidhmithe bunaidh chun stádas an Fheidhmithe i gcoitinne a mheas agus chun amlínte uasdátaithe a sholáthar maidir leis na moltaí a chur i bhfeidhm. Tá an obair seo á cur chun cinn ag an NWIHP. |
| | | | Treoirlínte a dhréachtú chun andúil tobac a shainaithint, a dhiagnóisiú agus a chóireáil scaoilte le haghaidh comhairliúcháin. | | | X | | Seoladh na treoirlínte seo le haghaidh comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2020. |

# SPRIOC B

Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.4.<br>Meicníochtaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar aigéad fólach a iontógáil i measc na mban go léir atá ar aois atáirgeach. | Ceannasaí:<br>An RS<br><br>Comhpháirtí:<br>FSS | Tuarascáil ar fhorlíonadh aigéid fhólaigh a fhoilsiú. | | | X | | Moill curtha ar an nGníomh de bharr COVID-19 ach táthar ag súil leis an Tuarascáil a fhoilsiú in 2020. |
| | | | Treoirlínte ón gColáiste Obstatraice agus Gínéiceolaíochta a scaipeadh. (Clár Ban Mná agus Naíonán). | X | | | | Sheol RCPI/FSS treoirlínte náisiúnta ar an gCothú le linn Toirchis ina n-áiríodh treoirlínte maidir le méid comhaontaithe d'aigéad fólach. |
| | | | Leanúint le feachtais feasachta Safefood. | X | | | | Tá feachtais feasachta Biaslán ar na meáin dhigiteacha ag leanúint orthu úsáid forlíontaí cothaitheacha a chur chun cinn. |
| | B.4.1.5.<br>Faisnéis chuimsitheach inrochtana a fhorbairt agus a chothabháil do thuismitheoirí ar gach gné de shláinte agus folláine a linbh trí láithreán gréasáin nua tuistithe agus sláinte agus folláine leanaí lena dtacaíonn na meáin shóisialta. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtí:<br>An RS | Plean cumarsáide chun www.mychild.ie a chur chun cinn curtha i bhfeidhm. | X | | | | Críoch curtha in 2019 le plean cumarsáide chun acmhainní Mo Leanbh a chur chun cinn. Ina measc bhí:<br>• pasáistí promóisin do phríomhpháirtithe leasmhara a dhearadh agus a phriontáil<br>• agallaimh mheáin le Ireland AM, Pat Kenny ar Newstalk, ailt nuachtáin agus postálacha ar na meáin shóisialta<br>• pacáistí promóisin a scaipeadh go dtí dochtúirí teaghlaigh agus ionaid sláinte. |
| | | | Ábhar nua forbartha agus seolta ar an láithreán gréasáin. | X | | | | Déantar ábhar an suímh gréasáin mychild.ie website a nuashonrú go leanúnach. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.6.<br>Treoirlínte a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh faoi iompar do naíonáin agus leanaí óga:<br>a) Bia Sláintiúil Treoirlínte do Leanaí 1-5 Bliain d'Aois,<br>b) Treoirlínte do Ghníomhaíocht Choirp don Luath-Óige, agus Treoirlínte ar Iompar Neamhghníomhach, Treoirlínte ina measc ar Am Scáileáin don Luath-Óige,<br>c) Treoirlínte ar Shláinte Bhéil, Cuairteanna Fiaclóra agus Taos Fiacla a Úsáid sa Luath- Óige. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS<br><br>Comhpháirtí: Safefood | **Bia sláintiúil:**<br>Leanúint le feachtas START a sholáthar chun tacú le tuismitheoirí stíleanna maireachtála sláintiúla a chur i bhfeidhm i dteaghlaigh, teachtaireacht bhia shláintiúil ina measc. | X | | | | Is feachtas meáin leanúnach é an feachtas TÚS agus in 2019 díríodh ar bhia só. |
| | | | Treoirlínte nua maidir le Bia Sláintiúil a fhorbairt do Leanaí 1-5 Bliana d'Aois. | | | X | | Fuarthas moltaí eolaíochta ó FSAI agus táthar ag tabhairt obair ar Bhia Sláintiúil chun críche, agus tá acmhainní á ndearadh anois. Seoladh treoirlínte agus acmhainní ar 1 Deireadh Fómhair 2020. |
| | | | **Gníomhaíocht fhisiciúil:**<br>Leanúint le feachtas START a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le tuismitheoirí stíleanna maireachtála sláintiúla a chur i bhfeidhm i dteaghlaigh, ina gcuimsítear gníomhaíocht choirp, iompar neamhghníomhach teachtaireacht am scáileáin ina measc. | X | | | | San fheachtas TÚS is í an teachtaireacht maidir le gníomhaíocht coirp ná 3 uair in aghaidh an lae do leanaí faoi bhun 5 bliain d'aois, briste suas i ngiotaí beaga.<br><br>Is feachtas leanúnach é an feachtas TÚS agus in 2020 dírítear ar an t-am a chaitear ar scáileán a laghdú. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.6.<br>Treoirlínte a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh faoi iompar do naíonáin agus leanaí óga.<br>a) Bia Sláintiúil Treoirlínte do Leanaí 1-5 Bliain d'Aois,<br>b) Treoirlínte do Ghníomhaíocht Choirp don Luath-Óige, agus Treoirlínte ar Iompar Neamhghníomhach, Treoirlínte ina measc ar Am Scáileáin don Luath-Óige,<br>c) Treoirlínte ar Shláinte Bhéil, Cuairteanna Fiaclóra agus Taos Fiacla a Úsáid sa Luath- Óige. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS<br>Comhpháirtí: Safefood | **Sláinte bhéil:** Smile agus Sláinte – an Beartas Náisiúnta Sláinte Bhéil a sheoladh. | X | | | | Smile agus Sláinte – Seoladh an Beartas Náisiúnta Sláinte Béil in Aibreán 2019. |
| | | | Cuntas a thabhairt ar an bhfeachtas faisnéise a forbraíodh chun an fháil atá ar phacáistí coisctheacha a chur in iúl – féach an gníomh thíos. | X | | | | Bhí sraith d'ailt nuachtáin, de chláir theilifíse agus d'agallaimh raidió ann le linn na bliana 2019 agus go luath sa bhlain 2020.<br>Bhí 3 lá páirtithe leasmhara ann ag deireadh 2019 agus tuairiscíodh orthu in 2020, chun an cur i bhfeidhm a phlé i measc gairmithe.<br>Bhí ceardlanna ann le FSS, le dhá Scoil Fiaclóireachta agus leis an gComhairle Fiaclóireachta ag deireadh 2019 agus go luath in 2020.<br>Bhi laethanta eolais ann agus seisiún ceisteanna agus freagraí do Mhic Léinn Fiaclóireachta go luath sa bhlain 2020.<br>Beidh tuilleadh rannphairtíochta ann mar aon le feachtais eolais nuair a sheolfar na pacáistí. |
| | | | Tús curtha le measúnú bonnlíne ar thaos fiacla fluairíde a úsáid/treoirlíne a sholáthar do chomhlíonadh i measc leanaí óga. | X | | | | Tá an staidéar Fluairíd agus Cúram d'Fhiacla Leanaí á fhoilsiú. Rinneadh measúnú ar úsáid bonnlíne de thaos fiacla i leanaí faoi bhun 6 bliain d'aois. Taispeánadh go raibh an comhlíonadh maidir leis na treoirlínte lag agus go raibh 80% de leanaí faoi bhun 2 bliain d'aois ag baint úsáide as taos fiacla le fluairíd ann, rud nach dtagann leis an treoir. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.1**<br>**Iompar dearfach sláinte a chur chun cinn agus tacú leo i measc mná torracha, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | B.4.1.7.<br>Plean náisiúnta um chosc ar chraiceann ailse a fhorbairt le naíonáin agus leanaí óga sainaitheanta mar ghrúpa a dtugtar tús áite dó. | Ceannasaí:<br>An RS<br><br>Comhpháirtithe:<br>Comhpháirtithe Náisiúnta Rialaithe Ailse, Grúpa umChur ibhFeidhm na bPáirtí Leasm-hara | Plean um Chosc ar Ailse Chraicinn a sheoladh. | X | | | | Seoladh an Plean um Ailse Chraicinn a Chosc ar 27 Bealtaine 2019. Bunaíodh Grúpa Feidhmithe in éineacht le fo-ghrúpaí le haghaidh Oibrithe Faoin Aer, Leanaí, Cumarsáide agus Taighde. Tá an Grúpa Feidhmithe tar éis nascadh le NCCA agus Tús Níos Fearr sa chomhthéacs acmhainní a fhorbairt le haghaidh Aistear agus Síolta. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.2 Tacaíochtaí agus seirbhísí iompar sláinte a chomhtháthú isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí agus sa phobal i gcoitinne. | B.4.2.1. Soláthar Clár Tús Cliste Éire Shláintiúil (HISS) a athbhreithniú agus a fheabhsú, ag oibriú le suíomhanna LFC chun tacú le sláinte agus folláine leanaí a fhorbairt, trí fhairsingiú céimnithe an Chláir seo chuig gach suíomh LFC agus an Clár seo a chur ar fáil do leanaí faoi thrí bliana. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtithe: An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise, An RS, An RLGÓ | Leanúint leis an gClár reatha HISS a thabhairt isteach i suíomhanna LFC. | X | | | | Comhaontaíodh le NCN plean oibre chun an plean a sheachadadh agus tuilleadh forbartha a dhéanamh air in 2020. |
| | | | Tús a chur leis an athbhreithniú ar an gClár HISS. | X | | | | Foilsíodh Iarratas ar phróiseas Tairisceana don athbhreithniú seo agus bronneadh conradh. Tosaíodh ar an athbhreithniú i R1 2020. |
| | B.4.2.2. Na Cláir Phobalbhunaithe Chothaithe agus Chócaireachta a shíneadh. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Samhail leasaithe chun Cláir Chócaireachta Pobail a sholáthar ag FSS arna forbairt. | X | | | | In 2020, forbróidh gach CHO plean ag leibhéal CHO chun scála agus inmharthanacht an chláir Bia Sláintiúil go hÉasca (clár cócaireachta pobail) a mhéadú.<br><br>Tá athbhreithniú déanta ar na hacmhainní atá ann don chlár Bia Sláintiúil go hÉasca agus tá siad á nuashonrú in 2020. Faomhadh múnla oiliúna agus comhaontaíodh ceardlanna chun tacú leis an gcur i bhfeidhm. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.2**<br>**Tacaíochtaí agus seirbhísí iompar sláinte a chomhtháthú isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí agus sa phobal i gcoitinne.** | B.4.2.3.<br>Bearta a thabhairt isteach le dul i ngleic le bochtaineacht bhia, an méid seo a leanas go sonrach:<br>• Triail phíolótach a bhaint as clár béilí i suíomhanna LFC.<br>• Triail phíolótach a bhaint as clár nua béilí teo do bhunscoileanna DEIS. | **Béilí in LFCanna**<br>Ceannasaí: An RLGÓ<br>Comhpháirtithe: An RS, FSS, Tusla, CCLCCanna<br>**Béilí teo i scoileanna**<br>Comh-Cheannasaithe: An RGFCS agus an ROS | **Béilí in LFCanna**<br>Budget submission made to secure funding for 20/21 programme year. | X | | | | Sa Bhuiséad in 2020 leithdháileadh €160,000 chun an clár píolótach um bhéilí a chur chun cinn in ELC. |
| | | | **Béilí teo i scoileanna**<br>Tosófar an clár píolótach ó Mheán Fómhair 2019 (36 bunscoil agus 7,200 scoláire). Buiséad €2.5m curtha ar fáil do 2019/20. | X | | | | Tosaíodh ar an tionscnamh béilí teo i scoileanna ar bhonn píolótach i suas go dtí 36 scoil (ag freastal ar os cionn 6,000 leanaí) ó Mheán Fómhair 2019. |
| | B.4.2.4.<br>Triail phíolótach a bhaint as snáithe Scéim Bainne Scoile Scéim Scoile an AE a chur ar fáil do shuíomhanna chúram agus oideachas na luath- óige, samhail shaincheaptha a fhorbairt don scéim a chuireann riachtanais ar leith leanaí sna suíomhanna siúd san áireamh. De bhreis ar mheastóireacht a dhéanamh ar an gclár píolótach agus faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, breithniú a dhéanamh ar an scéim seo a chur ar fáil do níos mó suíomhanna. | Ceannasaí: An RTBM<br>Comhpháirtithe: An RLGÓ, An ROS, An RS, An Chomhairle Náisiúnta Déiríochta, Tusla, CCLCCanna | Sainghrúpa Oibre a bhunú le heagraíochtaí páirtithe leasmhara. | X | | | | Bunaíodh Grúpa Oibre in 2019. |
| | | | Soláthraithe Seirbhíse LFC a roghnú. | X | | | | Roghnaíodh soláthróirí seirbhíse ELC i R4 2019. |
| | | | Acmhainní cuí oideachais a fhorbairt do LFC. | X | | | | Forbraíodh acmhainní oideachais in 2019 a bheadh oiriúnach do ELC agus bhí siad réidh le priontáil i R1 2020. |
| | | | Samhail shaincheaptha phíolótach sainithe. | X | | | | Sainmhíníodh an múnla píolótach Bespoke in 2019. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.2 Tacaíochtaí agus seirbhísí iompar sláinte a chomhtháthú isteach i suíomhanna a fhreastalaíonn ar leanaí agus sa phobal i gcoitinne. | B.4.2.4. Triail phíolótach a bhaint as snáithe Scéim Bainne Scoile Scéim Scoile an AE a chur ar fáil do shuíomhanna chúram agus oideachas na luath- óige, samhail shaincheaptha a fhorbairt don scéim a chuireann riachtanais ar leith leanaí sna suíomhanna siúd san áireamh. De bhreis ar mheastóireacht a dhéanamh ar an gclár píolótach agus faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, breithniú a dhéanamh ar an scéim seo a chur ar fáil do níos mó suíomhanna. | Ceannasaí: An RTBM<br><br>Comhpháirtithe: An RLGÓ, An ROS, An RS An Chomhairle Náisiúnta Déiríochta, Tusla, CCLCCanna | Comhaontú déanta ar chostálacha agus buiséad an chláir phíolótaigh. | X | | | | Comhaontaíodh costáil agus buiséad don chlár píolótach in 2019. Deimhneofar costáil dheiridh nuair a bheidh críoch leis an gclár píolótach. |
| | B.4.2.5. Caighdeáin Náisiúnta Bhia a fhorbairt agus a fhoilsiú do Shuíomhanna LFC, sraith straitéisí ina measc do chur i bhfeidhm. | Comhpháirtí: An RS<br><br>Comhpháirtithe: FSS, An RLGÓ, Tusla | Tús a chur le Caighdeáin Chothaithe a fhorbairt do LFCanna (ar feitheamh go bhfoilsítear Treoirlínte maidir le Bia sláintiúil do Leanaí 1-5 Bliana d'Aois). | | | X | | Forbrófar Caighdeáin Chothaithe nuair a fhoilseofar na Treoirlínte do Bhia Sláintiúil le haghaidh leanaí 1 – 5 bliain d'aois (féach gníomh B.4.1.6). |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail glacadh le hiompraíochtaí sláinte dearfacha agus iad a chur chun cinn i measc naíonáin agus leanaí óga, ag tosú leis an am roimh an nginiúint.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.3 Sábháilteacht leanaí a chur chun cinn agus cosc a chur naíonáin agus leanaí óga a ghortú go neamhbheartaithe.** | B.4.3.1.<br>a) Cur i bhfeidhm iomlán an Chláir nuashonraithe Sábháilteachta Leanaí a chinntiú, agus<br>b) Ag cur leis an gClár seo, a chinntiú go ndéantar teachtaireachtaí sábháilteachta leanaí a chomhtháthú isteach i ngach suíomh LFC (agus cúram leanaí ar aois scoile) agus sa phobal i gcoitinne. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtithe: An RS, An RLGÓ, Tusla | a) Clár Sábháilteachta Leanaí FSS nuashonraithe. | X | | | | Dearadh lámhleabhar nua um shábháilteacht leanaí agus scaipeadh iad ar na hAltraí Sláinte Poiblí (PHN) atá ag soláthar an chláir sláinte leanaí. |
| | | | b) Acmhainní nua ar fáil do thuismitheoirí agus gairmithe. | X | | | | Tugtha do thuismitheoirí ag na PHN. |
| | | | c) Oibreoidh FSS leis an RLGÓ agus Tusla chun na príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt chun sábháilteacht leanaí a chur chun cinn i ngach suíomh LFC. | X | | | | D'oibrigh Tusla le FSS chun an Creat Rialála Cáilíochta maidir le sábháilteacht leanaí a fhorbairt. |
| | B.4.3.2.<br>Plean cuimsitheach um chosc ar ghortú leanaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Ceannasaí: An RS | Ní raibh aon Phríomhgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |
| | B.4.3.3.<br>I gcomhthéacs na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 agus, ag cur leis an gcaighdeán oiliúna 'Cycle Right' a fhorbairt, triail phíolótach a bhaint as clár na rothar oiliúna chun scileanna rothaíochta a thabhairt isteach in aoisghrúpaí réamhscoile agus naíonán beag/mór. | Ceannasaí: Rothaíocht Éireann | Triail phíolótach as clár na rothar oiliúna ar bun. | X | | | | |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1**<br>**Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.1.<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus scóip na Scéime Cúram Máithreachais agus Naíonán, an scrúdú sláinte sé seachtaine iarbhreithe don mháthair agus an scrúdú sláinte sé seachtaine don naíonán a chaighdeánú (mar chuid den Scrúdú Cliniciúil ar Naíonáin Nuabhreithe) agus breithniú a dhéanamh ar chuimsiú na scéime seo a shíneadh, chun comhairliúchán réamhghiniúna agus scrúdú sláinte iarbhreithe i ndiaidh sé seachtaine a dhéanamh ar an máthair a chur san áireamh. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Téarmaí Tagartha forbartha agus Grúpa Athbhreithnithe bunaithe. | | | | X | Ní raibh ar chumas NWIHP an tionscadal seo a chur chun cinn in 2020 de bharr COVID-19 agus athlonnú leanúnach de bhaill foirne NIWHP do shruthanna oibre náisiúnta a bhaineanna le COVID-19. |
| | | | Foireann tionscadail i bhfeidhm agus scóipeáil a déanamh ar an bplean um chur i bhfeidhm tosaithe don tseiceáil sé seachtaine ar an naíonán. | | | | X | Ní raibh ar chumas NWIHP an tionscadal seo a chur chun cinn in 2020 de bharr COVID-19 agus athlonnú leanúnach de bhaill foirne NIWHP do shruthanna oibre náisiúnta a bhaineanna le COVID-19. |
| | | | Comhaontú déanta ar an bplean um chur i bhfeidhm. | | | | X | Ní raibh ar chumas NWIHP an tionscadal seo a chur chun cinn in 2020 de bharr COVID-19 agus athlonnú leanúnach de bhaill foirne NIWHP do shruthanna oibre náisiúnta a bhaineanna le COVID-19. |
| | B.5.1.2.<br>De réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil, fáil níos fairsinge ar an gcuairt a thugann an Altra Sláinte Poiblí ar mháithreacha atá ag súil le leanbh ar aon dul le riachtanas. | Ceannasaí: FSS | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1 Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.3. An úsáid a bhaintear as cúram réamhbhreithe a mhéadú sa chéad ráithe, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |
| | B.5.1.4. An glacadh le vacsaínithe i rith toirchis a mhéadú trí vacsaín an fhliú a chur chun cinn i rith toirchis, feasacht a mhúscailt ar thábhacht vacsaín an treacha i rith toirchis agus meicníochtaí a fhiosrú i rith toirchis chun dáileadh na vacsaíne a chur i bhfeidhm. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | **FSS:** Vacsaín an fhliú – triail phíolótach a bhaint as ríomhphoist spriocdhírithe a sheoladh chuig mná torracha i gcaitheamh shéasúr an fhliú. | X | | | | Tús curtha leis in 2019 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh in 2020. |
| | | | **FSS:** Ábhair a fhorbairt do chnáimhseacha agus DGanna le vacsaíní a chur chun cinn do mhná torracha. | | X | | | Ábhar á fhorbairt ó Nollaig 2019 agus tá sé le críochnú agus le scaipeadh faoi dheireadh R2 2020. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1**<br>**Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.5.<br>Feabhas a chur ar sceideal imdhíonta curtha ar fáil faoi réir Chlár Imdhíonta Luath- Óige (PCIP) i gcomhréir leis an ndea-chleachta idirnáisiúnta agus moltaí ón gCoiste Comhairleoireachta um Imdhíonadh Náisiúnta, agus leanúint den dul chun cinn chun aidhm náisiúnta 90% iontógála sa PCIP a bhaint amach, agus comhleanúnachas níos mó a fháil san iontógáil sa tír. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | **FSS:**<br>R-phoist dírithe a fhorbairt do thuismitheoirí gach leanaí díreach roimh gach coinne sa PCI. | X | | | | Ríomhphoist seolta dírithe ar mháithreacha de naíonáin atá 11 mí agus 16 mí. Tús curtha leis seo i Nollaig 2019 agus leanfar leis in 2020. |
| | | | **FSS:**<br>Gníomhaíocht níos mó sna meáin sóisialta ar PCI. | | X | | | Postálacha ar mheáin shóisialta forbartha le húsáid le linn 2020. |
| | | | **FSS:**<br>Ríomhfhoghlaim buntúis ar imdhíonadh d'altraí forbartha chun feabhas a chur ar mhuinín i gcur chun cinn vacsaín. | | X | | | Seoladh an Bonnchlár Imdhíonta i R2 2020. |
| | | | **An RT:**<br>Athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta, chun na hidirghabhálacha is cuí a aithint ar féidir leo baint le hÉirinn chun iontógáil a choinneáil agus a chur in airde. | X | | | | Tugadh isteach an vacsaín HPV do bhuachaillí agus an vacsaín MenACWY do bhuachaillí agus do chailíní.<br><br>Bunaíodh Comhaontas Vascaíne chun (i) an vacsaíniú a chur chun cinn ar feadh an tsaoil, agus béim faoi leith a chur ar an gclár imdhíonta leanaí; agus (ii) gach iarracht a dhéanamh ráta iontógála vacsaíne a mhéadú, go háirithe na vacsainí atá sa chlár imdhíonta do leanaí. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1 Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.6. Tomhais a thabhairt ar iontógáil ar chárta cuairte saor GD do pháistí faoi bhun 6, lena n-áirítear iontógáil gach Measúnú Tréimhsiúil ag aois a dó agus a cúig agus bearta a chur i bhfeidhm chun iontógáil a chur in airde más gá. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | Ceannasaíocht Fhoireann Sinsearach FSS a dheimhniú do rialachas ginearálta filleadh GD. | | | | | Socruithe rialachais maidir le leanaí faoi bhun 6 á meas i gcomhthéacs athbhreithnithe a dhéanamh ar an gconradh agus tuilleadh rolladh amach a dhéanamh air, i.e. leathnú ar incháilitheacht. Ní féidir amlíne a leagan amach maidir le garspriocanna. |
| | | | Faisnéis maidir le scóip agus dearadh agus córais anailísíochta chun freagairt do fhilleadh GD, lena n- áirítear páistí faoi bhun 6. | | | | | |
| | | | Staidéar scóipe agus dearadh ar anailís sonraí agus réiteach a thaispeáint, i gcomhréir le hacmhainní ar fáil. | | | | | |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1**<br>**Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.7.<br>Dul chun cinn a choinneáil chun a chinntiú go bhfuil tráthúlacht agus inneachar an chláir scagthástála agus faireachas comhleanúnach leis an mbunús fianaise agus caighdeánaithe trasna na tíre. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | Bunús fianaise i gcomhair scagthástála agus faireachas don aois óg athbhreithnithe agus an clár nuashonraithe. | X | | | | Tá roinnt tionscadal i bhfeidhm chun an an gharsprioc seo a bhaint amach:<br>1. Forbraíodh lámhleabhar um Mheasúnú Sláinte Leanaí do PHN agus scaipeadh ar gach PHN sláinte leanaí iad i R1 2020.<br>2. Taifead nua, caighdeánaithe, comhtháithe um shláinte leanaí do gach ceantar CHO, a bheidh á úsáid ag PHN agus dochtúirí leighis. Bhí moill ann maidir leis an taifead nua a chur i bhfeidhm de bhar COVID-19. Tosaíodh leis an gcur i bhfeidhm i R3 agus tá sé ag dul ag aghaidh anois i R4 2020.<br>3. Forbraíodh agus seachadaíodh 4 modúl ríomhfhoghlama.<br>4. De bharr COVID-19, rinneadh athfhorbairt ar chlár oiliúna lae amháin aghaidh ar aghaidh a bhí pleanáilte. Anois is éard atá i gceist leis an oiliúint Athbhreithniú ar Scileanna Cliniciúla ná gné ar líne agus seisiún 2 uair aghaidh ar aghaidh. Tá an clár á seachadadh faoi láthair (ag teacht le srianta COVID-19). |
| | B.5.1.8.<br>Cur i bhfeidhm iomlán a chinntiú go náisiúnta ar an samhail athbhreithnithe scagthástála i gcomhair diospláise corróige ó bhroinn. | Ceannasaí: An RS<br><br>Comhpháirtí: FSS | Plean gníomhaíochta a fhorbairt chun an samhail athbhreithnithe scagthástála a chur i bhfeidhm i gcomhair scagthástála DDH, ag brath ar mhaoiniú. | | | | X | Beidh gá le cistiú breise chun cinnte a dhéanamh de go leanfar le hoiliúint a chur ar bhaill foirne cliniciúla ábhartha, acmhainní breise a sholáthar chun tacú leis an gcosán cóireála agus le dearbhú cáilithe an chláir. |
| | | | Clár ultrafhuaim dírithe, le haghaidh naíonáin ardriosca, i bhfeidhm. | X | | | | Forbraíodh clár scagthástála ultrafhuaime dírithe agus chuir an Clár Cliniciúil Nua-naíochta i bhfeidhm é, i gcomhpháirtíocht leis an gClár Náisiúnta um Shláinte don Óige. |
| | | | Rialachas i gcóireáil neamh-mháinliachta igcomhair DDH forbartha. | | | X | | Cuireadh críoch leis an suirbhé bonnlíne don tionscadal seo. Tá moill shuntasach ann maidir leis an tionscadal a chríochnú toisc gur athlonnaíodh baill foirne sláinte poiblí go dtí foirne sláinte poiblí COVID-19. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1**<br>**Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.9.<br>Pacáiste sláinte fiacla uilíoch a fhorbairt do pháistí faoi bhun a sé, le tacaíocht ó chlár scagthástála/faireachais chun díriú ar phríomh- aoiseanna agus grúpaí leochaileacha. | Ceannasaí:<br>An RS | Seoladh Smile agus Sláinte - Polasaí Sláinte Béil Náisiúnta. | X | | | | Smile agus Sláinte – Seoladh an Polasaí Náisiúnta um Shláinte Béil in Aibreán 2019. |
| | | | Tairiscint chostáilte forbartha chun an phróisis meastacháin chun pacáistí chúram sláinte béil coisctheacha a chur ar fáil do pháistí faoi bhun a sé. | X | | | | Plean Feidhmithe curtha isteach.<br><br>Socruithe conartha le críochnú agus pacáistí coisc um chúram sláinte béil le tabhairt isteach le haghaidh leanaí faoi bhun sé bhliain d'aois.<br><br>Tús curtha le dréacht deiridh den chlár measúnaithe sláinte béil do leanaí cúig bliana d'aois. |
| | | | Plé tosaithe le gníomhaireachtaí comhpháirtithe lena n- áirítear conraitheoirí féideartha chun pacáistí chúram sláinte béil coisctheacha a chur ar fáil do pháistí faoi bhun a sé. | X | | | | Go déanach sa bhliain 2019 bhí 3 lá páirtithe leasmhara ann le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear gairmithe fiaclóireachta, agus cuireadh isteach tuarascálacha go luath in 2020.<br><br>I gceist leis an bhforbairt ar threoirlínte cliniciúla beidh páirtithe leasmhara mar aon le conraitheoirí ag déanamh plé ar an treoir is cuí – tá tús curtha leis an bpróiseas seo.<br><br>Plé tosaithe in 2019 agus 2020 le FSS agus RCS – an dá phríomhghníomhaireacht. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1**<br>**Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.10.<br>Príomhshrúthú agus measúnú leanúnach a chinntiú ar fheabhsú tionscnaíochtaí cáilíochta tosaithe faoi réir an Chláir Cothaithe - Leas agus Sláinte Naíonáin. | Ceannasaí: FSS | Foinsí faisnéise suas-chun-dáta ar fáil do gach tuismitheoirí. | X | | | | Forbraíodh na cláir nua ríomhfhoghlama seo a leanas:<br>1. Tacaíocht don Chothú Cíche<br>2. Na Dúshláin a bhaineann leis an gCothú Cíche<br>3. Sábháilteacht Leanaí sa Bhaile agus Taobh Amuigh<br>4. Sábháilteacht Leanaí ar an bhfeirm, sa chlinic agus i measc an phobail<br>5. Scagthástáil Spota Fola Naíonán Nuabheirthe<br>6. Monatóireacht ar an bhFás<br>7. Cothú - Ailléirgí a aithint agus a bhainistiú sa phobal<br>8. Cothú - Réamhghiniúint & toircheas<br>9. Cothú – Cothú le Bainne Foirmle<br>10. Cothú – Bia teaghlaigh a thabhairt isteach<br>11. Cothú – Na Dúshláin a bhaineanna le naíonáin 0 – 12 mí a chothú<br>12. Cothú – Leanaí Beaga a Chothú<br>13. Cothú – Meáchan Sláintiúil do Leanaí<br>14. An Chuairt Phríomhúil (72 uair) Measúnú Sláinte Leanaí<br>15. Measúnú Sláinte Leanaí ag 3 mí<br>16. Measúnú Sláinte Leanaí ag 9-11 mí<br>17. Measúnú Sláinte Leanaí ag 21-24 / 46 – 48 mí |
| | | | Acmhainní traenála cumaisc agus caighdeánaithe i bhfeidhm do gach soláthraí seirbhíse sláinte leanaí. | X | | | | |
| | | | Páipéir cúlra forbartha maidir le hinbhuanaitheacht. | X | | | | Rinneadh forbairt ar Phlean Inmharthanachta agus comhaontaíodh é. Leagann an plean amach riachtanais na dtionsnaimh forbartha/tacaithe faoin gClár um Chothú maidir le hinmharthanacht. Is clár €10 milliún é seo atá á maoiniú ag The Atlantic Philanthropies ó 2015 go dtí 2019, agus a dhíríonn ar sheirbhísí a neartú le linn an toichis agus suas to dtí tríú breithlá an linbh.<br><br>Ag na Dámhachtainí um Fheabhas FSS 2020, aithníodh an Clár um Chothú mar Bhuaiteoir Catagóire sa chatagóir Feabhas a Chur ar Shláinte Leanaí. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.1**<br>**Acmhainní a chur ar fáil do agus tacú le cur i bhfeidhm, fairsingiú agus barrfheabhsú an Chláir Náisiúnta Óige Sláintiúla lena chinntiú go dtéann sé i ngleic níos fearr le riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, a chumasaítear trí lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.11.<br>Athbhreithniú ar sheirbhís/clár sláinte scoile agus é a athbhreithniú i gcomhréir leis an bhfianaise agus cleachta is cuí. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.2**<br>**Foráil teiripe agus liachta a chur ar fáil do leanaí agus páistí óga ar bhonn leanúnach, cothromasach agus tráthúil.** | B.5.2.1.<br>Cur i bhfeidhm a thosú ar Shamhail Cúraim do Sheirbhísí Chúram Sláinte Péidiatracha, le béim ar dtús ar:<br>• Fairsingiú i líon na bpéidiatraithe comhairleacha, le béim díreach ar phéidiatraic ghinearálta, péidiatraic éigeandála agus sláinte leanaí an phobail.<br>• Fairsingiú ar róil d'altraí gairmiúla casta, saineolaithe altra cliniciúla, agus gairmithe chúram sóisialta agus sláinte.<br>• Na haonaid péidiatrice géara réigiúnacha a fhorbairt chun réimse seirbhísí réigiúnacha cuí a sholáthar. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | Críochnú ar chur i bhfeidhm pleain FSS agus socraíochtaí rialachais gaolmhara le haghaidh Samhail Cúraim Péidiaitrice. | | | X | | Moill Air ach táthar ag súil go mbainfear amach faoi dheireadh R4 2020 é. Faoi láthair tá cur chuige ardleibhéil á fhorbairt maidir le pleanáil le haghaidh cur i bhfeidhm Múnla Cúraim do Sheirbhísí Sláinte Péidiatraiceach, lena n-áirítear na feabhasuithe riachtanacha ar sheirbhísí mar ullmhúchán d'oscailt an NCH in 2023. Sa chur chuige seo áireofar ullmhúchán ar shonraíocht seirbhíse a úsáidfear mar bhonn eolais chun an tseirbhís a sheachadadh, agus tabharfar tús aite d'aighneachtaí sa Phlean Seirbhíse Bliantúil. |
| | | | Tús a chur le cur i bhfeidhm Samhail Cúraim Péidiaitrice, ag earcú foirne bhreise péidiaitrice, altra agus liachta HSCP in Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ospidéal Ollscoile Luimní (UHL), i gcomhréir leis an Samhail Cúraim Péidiaitrice. | X | | | | Bunaithe ar líon na bpost faofa sna trí ospidéal atá i gceist: Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Ospidéil na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéil na hOllscoile, Luimneach.<br>HSPC: 15<br>Leigheas:10<br>Altranas:11 |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.2 Foráil teiripe agus liachta a chur ar fáil do leanaí agus páistí óga ar bhonn leanúnach, cothromasach agus tráthúil.** | B.5.2.2. Leanúint ag tacú le hathshocrú na seirbhísí do leanaí le míchumas i gcomhréir leis an gclár um Dhul Chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Pháistí agus Daoine Óga. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | Críochnú an phróisis earcaíochta do na Foirne Bainisteoirí chun Gréasáin Míchumais. | X | | | | Cuireadh críoch den chuid is mó leis an bpróiseas earcaíochta in 2019. Rinneadh gach ceapachán, seachas líon an-bheag. Bhí sé riachtanach na ceapachán nár líonadh a fhógairt arís. Líonfar iad seo chomh luath is a ar féidir críoch a chur leis an bpróiseas. |
| | | | Ceapadh ar an méid thuas. | X | | | | |
| | | | Athshocrú ar na Foirne eile. | | | X | | Is próiseas leanúnach é seo a tharlóidh le linn 2020 agus beidh foirne difriúla ag teacht le chéile ag amanna difriúla i rith na bliana. |
| | B.5.2.3. Liostaí feithimh leanaí a laghdú i gcomhair cúraim aois óga agus idirghabhála luath, lena n-áirítear agaí feithimh. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | Feidhmiú céimnithe ar 100 post teiripe. | X | | | | Tá 100 post nua in áit, agus in éineacht leis na gníomhartha eile, curfidh siad le laghdú diaidh ar ndiaidh sna liostaí feithimh le linn 2020 agus sna blianta ina dhiaidh sin. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Ghasprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.2**<br>**Foráil teiripe agus liachta a chur ar fáil do leanaí agus páistí óga ar bhonn leanúnach, cothromasach agus tráthúil.** | B.5.2.4.<br>Leanúint le rochtain ar thacaíochtaí a fhorbairt do pháistí le míchumas/moill forbartha trí shocruithe a fhreastalaíonn ar pháistí (m.s. AIM, i dTionscadal Taispeána Teiripe sa Scoil agus Naíonra, foráil tacaíochtaí altra i socruithe ELC agus scoileanna do pháistí le riachtanais casta). | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Baill Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Trasearnála do AIM | Cur i bhfeidhm leanúnach AIM, lena n- áirítear: Maoirseacht don tríú bhliain cláir oideachais LINC. Plean don fhoráil traenála agus tacaíochta sa todhchaí do INCOs (tar éis an ceathrú bhliain LINC). | X | | | | In 2019, bhí 912 duine cláraithe ar an gclár ardoideachais LINC do 2019/20. Lena chois sin, chríochnaigh 877 cleachtóirí réamhscoile an clár ardoideachais 2018/19 Ceannasaíocht um Ionchuimsiú (LINC) agus eisíodh RfT le haghaidh tuilleadh oiliúna agus tacaíochta do INCO. |
| | | | Feidhmiú céimneach a fhorbairt agus a thosú ar Straitéis Chumarsáide do AIM. | | | X | | Ullmhaíodh Straitéis Chumarsáide agus Treoirlínte Cumarsáide do AIM. Tá an rolladh amach le tosú in 2020 agus tá suíomh gréasáin nua AIM á fhorbairt. |
| | | | Tacaíochtaí AIM a fhorbairt, lena n-áirítear feidhmiú céimneach ar thraenáil Próiseála Braistintí. | X | | | | Rolladh amach an clár Ríomhfhoghlama um Phróiseáil Chéadfach (SPEL) in 2019. Chríochnaigh os cionn 400 cleachtóir an cúrsa in 2019. |
| | | | Samhail tacaíochta a fhorbairt do leanaí naíonra a bhfuil riachtanais liachta casta acu agus cur i bhfeidhm a thosú ann. | | | | X | Forbraíodh múnla trialach agus tosaíodh ar i Meán Fómhair 2019. Cuireadh moill ar an triail mar thoradh ar COVID-19. Tá athbhreithniú pleanáilte do R2 2021 sula ndéantar cinneadh maidir le tuilleadh cur i bhfeidhm. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 5

## Tá rochtain ag naíonáin agus ag leanaí óga ar shainseirbhísí cúraim sláinte príomhúla atá sábháilte, ar ardchaighdeáin, bunaithe ar fhianaise, comhtháite agus coisctheach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.2**<br>**Foráil teiripe agus liachta a chur ar fáil do leanaí agus páistí óga ar bhonn leanúnach, cothromasach agus tráthúil.** | B.5.2.5.<br>Feabhas a chur leis an bpróiseas Measúnaithe Riachtanais (AON) chun rochtain tráthúil a chinntiú chuig na seirbhísí chuí. | Comh-Cheannasaithe: An RS agus FSS | Comhaontú agus cur i bhfeidhm nós imeachta Oibriúcháin Caighdeánaigh nua do AON. | X | | | | Cuireadh SOP nua i bhfeidhm go náisiúnta ar 15 Eanáir 2020 le haghaidh Measúnaithe Riachtanas. |
| | B.5.2.6.<br>Dul chun cinn ar bhunú ospidéil nua na bpáistí chun seirbhísí treasach agus ceathartha do pháistí ar fud na hÉireann. | Comh-Cheannasaithe: An RS and FSS | Earcaíocht ar fhoireann ábhartha don Ionad Cúraim Práinneach agus Othair Seachtraigh Péidiaitrice ag Uí Chonghaile. | X | | | | Tá dóthain ball foirne i Connolly chun freastal ar na huaireanta oscailte reatha sna Clinicí Othar Seachtracha agus san Aonad Cúraim Práinne araon. Tá an earcaíocht ag dul ar aghaidh agus cuirfear leis na huaireanta oscailte i Sláinte Leanaí Éireann (CHI) i Connolly de réir mar a earcaítear tuilleadh Comhairleach i sainréimsí faoi leith. Tá comhráite ag dul ar aghaidh agus tá sé i gceist na huaireanta a mhéadú i R3 2020. |
| | | | Ionad Cúraim Práinneach agus Othair Seachtraigh a oscailt ag Uí Chonghaile i 2019. | X | | | | Osclaíodh aonad Othar Seachtrach Péidiatrach agus Aonad Cúraim Práinne ag CHI Connolly ar 31 Iúil 2019. |
| | | | Tús a chur le fairsingiú ar fhórsa oibre seachadta ag comhairleoir don ospidéal nua na bpáistí, le hearcaíocht do phostanna comhairleacha tosaíochta seirbhíse. | X | | | | Tá dúshláin earcaíochta ann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i speisialtachtaí áirithe ar nós Raideolaíocht Phéidiatrach agus Leigheas Éigeandála. Aithníonn CHI na dhúhsláin seo agus tá earcaíocht ar siúl go gníomhach. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 6

## Téann an dea-shláinte mheabhrach chun leasa naíonán agus leanaí óga agus a dtuismitheoirí.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **6.1**<br>**Feabhas a chur ar aithint luath d'fhadhbanna meabharshláinte i measc leanaí, páistí óga agus teaghlaigh.** | B.6.1.1.<br>Faisnéis agus treorú a thabhairt chun meabharshláinte dhearfach a chur chun cinn i measc na mban torrach, leanaí, páistí óga agus teaghlaigh agus feachtas faisnéise poiblí a heagrú chun feasacht a thabhairt maidir le tábhacht a bhaineann le forbairt shóisialta-mothúcháin a chur chun cinn, mar aon le meabharshláinte dhearfach agus laghdú ar thionchar trauma luath-óige i leanaí agus páistí óga. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Feachtas faisnéise poiblí forbartha. | X | | | | Áiríodh teachtaireachtaí maidir le meabhairshláinte naíonán i bhfeachtas eolais poiblí a ritheadh ó Iúil go Nollaig 2019 mar chuid den fheachtas cumarsáide foriomlán mychild. |
| | | | Faisnéis chaighdeánach do ghairmithe meabharshláinte forbartha. | X | | | | Áiríodh teachtaireachtaí maidir le meabhairshláinte naíonán in acmhainní nua a forbraíodh d'altraí sláinte poiblí agus dochtúirí leighis pobail.<br><br>Clár foghlama chumaisc á fhorbairt. |
| | B.6.1.2.<br>Feabhas a chur le hiarrachtaí chun meabharshláinte dhearfach a chur chun cinn i measc na mban torrach, leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh i ngach acmhainní agus teagmhálacha seirbhísí ach síneadh a chur le Making Every Contact Count: Creat um Athrú Iompair Sláinte agus Cur i bhFeidhm Pleain do Ghairmithe Meabharshláinte i Seirbhís Sláinte na hÉireann chun meabharshláinte a chur san áireamh. | Ceannasaí: FSS | Leanúint le plean um chur i bhfeidhm an MECC a chur i bhfeidhm don tréimHSE 2017-2020. | X | | | | Tá obair ag dul ar aghaidh chun tacú le cur i bhfeidhm Making Every Contact Count (MECC) ar fud an chórais.<br><br>Tá forbairt déanta ar ábhar feabhsaithe le haghaidh ceardlanna aghaidh ar aghaidh, a reáchtálfar i dtimpealleachtaí máithreachais in 2020.<br><br>Críochnófar faisnéisiú do thraenálaithe MECC i R1 2020 ar an ábhar feabhsaithe seo a bhaineann go sonrach le máithreachas chun tacú le comhsheasmhacht agus le seachadadh caighdeánaithe. Tús áite tugtha do shuíomhanna gréasáin máithreachais mar shuíomhanna feidhmithe do MECC sa phlean oibre 2020.<br><br>Níor cuireadh tús fós le hobair chun plé a dhéanamh ar ábhar breise a fhorbairt ina n-áireofar an mheabhairshláinte, agus tosófar air i R4 2020 ag brath ar an acmhainn atá ann. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 6

## Téann an dea-shláinte mheabhrach chun leasa naíonán agus leanaí óga agus a dtuismitheoirí.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 6.1 Feabhas a chur ar aithint luath d'fhadhbanna meabhairshláinte i measc leanaí, páistí óga agus teaghlaigh. | B.6.1.3.<br>Feabhas a chur ar dhiagnóis agus seirbhísí do mhná le fadhbanna meabharshláinte bainteach le toircheas. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Cur i bhfeidhm MOC FSS do SPMHS a chuirfidh feabhas le diagnóis do mhná le fadhbanna a bhaineann la MS. Traenáil ar leith do chnáimhseaithe agus foireann príomh-chúraim in aithint agus bheith feasach ar bhealaí atreoraithe do SPMHS. | | | X | | An phríomhthosaíocht a bhí ann in 2019 ná na 6 suíomh Mol a bhúnú agus Bean Chabhrach MH a sholáthar i ngach ceann de na 19 suíomhanna mol agus spóca*.<br><br>D'eagraigh na foirne Mol Oiliúint um Mheabhairshláinte Imbhreithe do dhisciplíní ar nós GP, Mná Cabhrach, PHN agus disciplíní eile.<br><br>Forbraíodh an Aip SPMHS don fhoireann cúram sláinte agus seoladh i mí na Nollag 2019 í – tá sí íoslódáilte anois ag os cionn 1000 ball foirne cúraim sláinte MDT, dochtúirí teaghlaigh, mná cabhrach agus altraí sláinte poiblí san áireamh.<br><br>Seoladh 11 bileog um Mheabhairshláinte Imbhreithe d'Othair i mBealtaine 2020. Clúdaíonn siad gach gné ábhartha den mheabhairshláinte imbhreithe. Tá an-tóir orthu agus tá siad le athfhoilsiú anois.<br><br>Leanadh le cruinnithe gach dhá mhí den Ghrúpa Náisiúnta um Fheidhmiú Maoirseachta agus bunaíodh piarghrúpaí a bhaineann go sonrach le meabhairshláinte imbhreithe do gach disciplín ábhartha sa tseirbhís (CNSMH, MH Mná Cabhrach, Síciatraithe Imhbheithe, Obair Shóisialta um Mheabhairshláinte, Síceolaíocht).<br><br>Tuilleadh naisc á fhorbairt idir suíomhanna Mol agus Spóca, lena n-áirítear naisc le foirne síciatrachta idirchaidrimh, mar aon le lámhleabhar do mná cabhrach um mheabhairshláinte.<br><br>(*Amhail Samhain 2020 tá 3 ball foirne MDT in áit sa suíomh Mol i nGaillimh. Beidh baill foirne eile ag dul i mbun oibre sa suíomh mol go luath chomh luath is a chuirear maoiniú a bhaineann le am a spáráil ar fáil). |
| | B.6.1.4.<br>Síneadh a chur le scagthástáil dúghalair iarbhreithe ag PHNs do gach máthair, ag úsáid cur chuige caighdeánaithe bunaithe ar fhianaise. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Ní raibh aon Phríomh-ghharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 6

## Téann an dea-shláinte mheabhrach chun leasa naíonán agus leanaí óga agus a dtuismitheoirí.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 6.1<br>**Feabhas a chur ar aithint luath d'fhadhbanna meabharshláinte i measc leanaí, páistí óga agus teaghlaigh.** | B.6.1.5.<br>Feidhmiú céimneach ar uirlis scagthástála d'fhorbairt sóisialta-mothúcháin - Ceistneoir Céimeanna agus Aoiseanna (ASQ) - do gach aon pháiste ag an seiceáil forbartha dhá bhliana. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Plean um Chur i bhFeidhm do thús scagthástála forbartha ASQ-3 teagmhála sláinte do pháiste 21-24 mí d'aois forbartha. | X | | | | Is uirlis í an Ceistneoir Céimeanna agus Aoiseanna (ASQ-3™), le comhlánú ag an tuismitheoir, a aithníonn, ar bhealach ar féidir brath air, leanaí atá mí amháin d'aois go dtí 5½ bliain d'aois agus a bhfuil moill forbartha acu. Déanann an ASQ-3™ forbairt linbh a thomhas agus a thaifeadadh ag pointe áirithe agus is féidir le sraith de ASQ monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an linbh.<br><br>Forbraíodh agus seachadaíodh cúrsa creidiúnaithe NMBI Oiliúint don Oiliúnóir.<br><br>Tá an cúrsa creidiúnaithe NMBI ríomhfhoglama críochnaithe ag os cionn 1,300 ball foirne sa Chúram Príomhúil de chuid FSS.<br><br>Tá ceadúnais ar fáil do gach altra sláinte poiblí chun ASQ-3TM a úsáid. |
| | | | Clár traenála forbartha agus seachadta. | X | | | | |
| | B.6.1.6.<br>Tacú le rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar Mheabharshláinte Luath- Óige dóibh sin a oibríonn le leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh i gcomhréir le forbairt an Tionscnaíochta Fhórsa Oibre Páistí (féach beart D.3.B.5). | Ceannasaí: FSS | Clár traenála foghlama cumaisc i meabharshláinte naíonáin forbartha. | X | | | | Tá sé i gceist 2 mhodúl ríomhfhoghlama um mheabhairshláinte naíonán a sheoladh i R4 2020.<br><br>Tá sé mar aidhm ag an gcéad mhodúl an fhoireann chúraim sláinte a chumasú chun go dtacóidh siad le tuismitheoirí agus le cúramóirí, caidreamh muiníneach a chruthú lena naíonán agus lena lapadán chun dea-shláinte agus folláine a chur chun cinn ar feadh an tsaoil.<br><br>An aidhm atá ag an dara modúl ná an fhoireann chúraim sláinte a chur ar an eolas maidir leis na straitéisí difriúla um mheabhairshláinte do naíonáin atá ann ionas go n-úsáidfidh siad iad chun tacú leis an gcaidreamh tuismitheora-naíonáin.<br><br>Cuireadh moill ar na modúl seo a thabhairt chun críche agus ar iad a sheoladh de bharr COVID-19. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 6

## Téann an dea-shláinte mheabhrach chun leasa naíonán agus leanaí óga agus a dtuismitheoirí.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **6.2**<br>**Rochtain a fheabhsú ar thacaíochtaí agus seirbhísí meabharshláinte do leanaí, páistí óga agus teaghlaigh, le béim ar leith i dtionscnaíochtaí a dhéanann comhcheangal idir tacaíochtaí agus seirbhísí meabharshláinte i socruithe chun freastal ar pháistí agus ar an bpobal mór.** | B.6.2.1.<br>An Samhail Náisiúnta um Chúram i gcomhair meabharshláinte Imbhreithe Speisialaithe a chur i bhfeidhm le hacmhainniú leanúnach. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Earcaíocht iomlán le haghaidh sé fhoireann Hub. Bailiúchán sonraí gníomhaíochta i bhfeidhm. Tús curtha le comh-phleanáil ar an Aonad Náisiúnta Máthair agus Leanaí (MBU) le eastáit CHO6, MHS, SVUH agus FSS. | | | X | | Tá Síciatraí Imbhreithe Comhairleacha i ngach ceann de na 6 Mholshuíomh. Tá tacar sonraí á bhailiú ó gach Molshuíomh agus ó gach Cnáimhseach Meabhairshláinte (MS) i suíomhanna Spoke.<br><br>Tá cás gnó maidir le hAonad Máithreacha agus Leanaí (AML) forbartha agus nach mór comhaontaithe idir Seirbhís Imbhreitshe FSS, CHO6 SVUH agus Eastáit. Tá aonad 10 Leaba beartaithe do champas SVUH i Lána Nutley. Ní raibh aon chruinnithe ann le SVUH chun an méid sin a chur chun cinn mar gheall ar moillithe de bharr COVID-19.<br><br>*Tá 83% de na foirne Moil SPMHS earcaithe anois; bhí moill ann maidir le 6 TS Sinsearacha, Síceolaí Sinsearach Amháin agus roinnt poist ar an bhFoireann Ildisciplíneach a earcú mar gheall ar cinneadh bainistíochta a rinneadh I ndáil le Sábhálacha Bunaithe ar Am le haghaidh CHOanna. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 6

## Téann an dea-shláinte mheabhrach chun leasa naíonán agus leanaí óga agus a dtuismitheoirí.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 6.2<br>Rochtain a fheabhsú ar thacaíochtaí agus seirbhísí meabharshláinte do leanaí, páistí óga agus teaghlaigh, le béim ar leith i dtionscnaíochtaí a dhéanann comhcheangal idir tacaíochtaí agus seirbhísí meabharshláinte i socruithe chun freastal ar pháistí agus ar an bpobal mór. | B.6.2.2.<br>Cinntiú go dtugtar áit tosaíochta do riachtanais leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh in Refreshed Vision for Change agus plean náisiúnta um chur chun cinn meabharshláinte. | Ceannasaí:<br>An RS | Polasaí meabharshláinte úr a fhorbairt agus a fhoilsiú i gcomhair Refreshed Vision for Change. | | X | | | Comhfhís: Beartas Meabhairshláinte do Chách, atá mar chomharba ar 'Fís don Athrú' arna fhoilsiú i R2 2020. |
| | B.6.2.3.<br>Tairiscintí a fhorbairt agus a chostáil chun síneadh a chur leis an Seirbhís Shíceolaíoch Oideachasúil Náisiúnta (NEPS) do ELC. | Ceannasaí:<br>An ROS<br><br>Comhpháirtithe:<br>NEPS, An RLGÓ | An RLGO agus An ROS le scóip a fhiosrú i gcomhair samhla féideartha do NEPS in ELC. | | | | X | Bhí pléití tosaigh ann idir RLGÓ agus ROS in 2019 maidir le múnla costáilte don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) i ndáil le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Leanfar le tuilleadh pléití scóipe in 2020/2021. |
| | | | Prótacal comhaontaithe a aithint i gcomhair tacaíochta eachtra criticiúil. | | | | X | Tá Grúpa Oibre curtha ar bun chun prótacal teagmhais chriticiúla a fhorbairt le haghaidh sheirbhísí fhoghlaim agus chúram na luath-óige. |

# SPRIOC B

## Sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte optamach

# CUSPÓIR 6

## Téann an dea-shláinte mheabhrach chun leasa naíonán agus leanaí óga agus a dtuismitheoirí.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.A**<br>**Caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i gcomhair tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige.** | D.2.A.2.<br>Treoir agus tacaíocht a fhorbairt d'Ionaid Acmhainne Teaghlaigh (FRC) chun seachadadh an chláir FRC a dhaingniú. | Ceannasaí: Tusla<br><br>Comhpháirtí: An RLGÓ | Bogfaidh an tAonad Náisiúnta um Choimisiúnú agus PPFS Áitiúil chun athbhreithnithe ar Chomhaontú Seirbhíse chun seachadadh seirbhíse a mholadh chun ailíniú le riachtanais áitiúla lena n-áirítear tacaíochtaí luath-óige agus seirbhísí coisctheacha. | X | | | | Ag fanacht le cead ón bhFoireann Náisiúnta Bainistíochta Oibriúcháin. |
| | | | Athbhreithniú ar struchtúir maoirseachta an chláir FRC le bainistíocht ó PPFS. Tairiscintí a dhéanamh i gcomhair maoirseachta feabhsaithe agus tacaíochtaí chun cuidiú le hailíniú seirbhíse a chloíonn le riachtanais luath-óige. | X | | | | Páipéar ullmhaithe chun é seo a chur i bhfeidhm ag fanacht le cead ón bhFoireann Náisiúnta Bainistíochta Oibriúcháin. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.A Caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i gcomhair tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige.** | D.2.A.3. Athbhreithniú a dhéanamh ar uirlisí scagthástála do leanaí, páistí óga agus teaghlaigh, go háirithe iad sin a bhfuil riachtanais tacaíochta breise acu, chun obair comhoibríochta a éascú thar bhealaí sláinte agus gairmithe chúraim sóisialta agus atreoraithe éifeachtacha. Cinntiú go gcuirtear iad sin i bhfeidhm go comhleanúnach ar fud na tíre. | Ceannasaí: An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe: gach Roinn an Rialtais agus Gníomhaireachtaí an Stáit | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |
| | D.2.A.4. Creat curaclaim caighdeánaithe, creidiúnaithe a fhorbairt i gcomhair oideachais réamhbhreithe do thuismitheoirí. | Ceannasaí: FSS | Caighdeáin Oideachais Réamhbhreithe críochnaithe. Cuir i bhfeidhm áitiúil ar na caighdeáin tosaithe le seirbhísí máithreachais agus pobail. Clár Oidí Réamhbhreithe forbartha agus feidhmiú céimneach tosaigh tosaithe. | | X | | | Foilsíodh na Caighdeáin Náisiúnta um Oideachas Réamhbhreithe in Éirinn i Márta 2020. Forbraíodh clár oiliúna d'oideoirí réamhbhreithe agus cuirfear ar fáil é in 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.A**<br>**Caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i gcomhair tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige.** | D.2.A.5.<br>Caighdeáin cáilíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhair cúraim páistí in aois scoile. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>Tusla | Comhairleoireacht poiblí ar chaighdeáin cáilíochta agus rialacháin cuimsitheacha do chúram páistí in aois scoile. | X | | | | Thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí ar dhréacht-threoirlínte cáilíochta agus rialacháin chuimsitheacha le linn 2019. Foilsíodh an tuarascáil chomhairliúcháin i Meán Fómhair 2020. |
| | | | Tús oibre ar dhréacht agus ailíniú rialacháin cuimsitheacha agus caighdeáin cáilíochta. | | | X | | Foilsíodh Treoirlínte Náisiúnta Cáilíochta i Meán Fómhair 2020. Tá tús curtha le pleanáil do rialacháin chuimsitheacha, agus bunófar grúpa comhairleach um chúram leanaí ar aois scoile i R4 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.A Caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i gcomhair tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige.** | D.2.A.6.<br>Tríd an tionscnaíocht Náisiúnta Síolta Aistear (NSAI), plean náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhair curtha i bhfeidhm tacaithe agus comhuaineacha Síolta, an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus Aistear, an Creat Curaclaim Luath- óige, i ngach socrú ELC do leanaí agus páistí óga, chun cur i bhfeidhm na gcreataí sin a dhéanamh riachtanach de réir conartha le scéimeanna maoinithe An RLGO agus thar tréimFSS, smaoineamh ar riachtanas reachtúil a dhéanamh as cloí leis an gcreat. Thar saolré athbhreithniú ar na Chéad 5 Aistear agus Síolta. | Comh-Cheannasaithe: An ROS agus An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe: Tús Feabhsaithe agus NCCA | An tAthbhreithniú ar an samhail seachadta do NSAI foilsithe in 2018 a chur i bhfeidhm. | X | | | | Rinneadh athbhreithniú ar an tsamhail seachadta don NSAI agus tacaítear le roinnt tairiscintí oiliúna agus meantóireachta tríd an tsamhail seo. |
| | | | Oifig Chur i bhFeidhm NSAI a bhunú in Tús Níos Fearr. | X | | | | Tá oifig an NSAI ag feidhmiú laistigh de Tús Níos Fearr. Tá struchtúir i bhfeidhm chun tacú leis an obair seo trí chomhoibriú leis an ROS, RLGÓ, NCCA agus Tús Níos Fearr. |
| | | | Clár oibre 2019 faofa ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta a chur i bhfeidhm. | X | | | | Cuireadh plean oibre 2019 i bhfeidhm lena n-áirítear obair bhunaidh ar Síolta agus Aistear, tús a chur le hoiliúint Aistear agus Súgradh, agus cur chun feidhme QAP Síolta. |
| | | | Tús a chur le hathbhreithniú Aistear, lena n-áirítear foilseachán cáipéis scóipe. | | | | X | Mar thoradh ar mhoilleanna COVID-19, cuireadh tús an athbhreithnithe ar Aistear ar athló go dtí 2021. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 2.A<br>Caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm i gcomhair tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige. | D.2.A.7.<br>Le Coistí Seirbhíse do Leanaí agus Daoine Óga (CYPSCanna) agus Gréasáin Seirbhíse do Leanaí agus Teaghlaigh (CFSNs), agus gaolta le forbairt na Tionscnaíochta um Fhórsa Oibre do Pháistí, cuir triail i gcrích ar fhorbairt an bheartais "No Wrong Door" do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht chuí d'aon duine atá ag iarraidh cúnaimh agus seirbhísí ó na gairmithe ábhartha ina bpobal féin duine ag lorg cuidithe agus seirbhísí ag na gairmithe ábhartha ina bpobal féin. Tabharfaidh forbairt treoirphlean athbhreithnithe CYPS agus Gréasáin Tacaíochta do Theaghlaigh agus forbairt an tionscnaíochta seo. | Ceannasaí: An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí: Tusla | Tabharfaidh foilsiú treoirphleain i gcomhair Forbartha CYPSC breac-chuntas ar chomhtháthú feabhsaithe idir CYPSCs agus CFSNs. | X | | | | Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLD) Comhfhís, Na Chéad Chéimeanna Eile 2019 - 2024, a thagann i ndiaidh an Treoirphlean. Le gníomh i gComhfhís Na Chéad Chéimeanna Eile, ceanglaítear ar Tusla agus RLGÓ oibriú le chéile chun an caidreamh idir Líonraí Tacaíochtaí do Leanaí agus do Theaghlaigh agus CSLD a chur ar bhonn foirmiúil ar leibhéal straitéiseach chun tacú le gach tionscnamh um chosc agus idirghabháil luath faoi stiúir an Rialtais a leabú. |
| | | | Píolóta ar Chreat Seachadta Seirbhíse Comhtháite sa Tionscnaíocht Ionchathrach Oirthuaiscirt chun éifeachtaí a thabhairt don choincheap "No Wrong Door". | | | X | | Tá Foghrúpa 6 mar chuid de Thionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC) ag obair go dlúth leis an Rannán Luathbhlianta i RLGÓ agus le Coiste Cúraim Leanaí Chathair Bhaile Átha Cliath (CCCBÁC) chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna in earnáil an ELC agus SACanna a bhaineann le soláthar seirbhíse, liostaí feithimh agus rialachas agus maoirseacht ar sheirbhísí. Mar gheall ar mhéadú ar chóiríocht do dhaoine gan dídean san NEIC, tá brú breise ar sheirbhísí le liostaí feithimh fada do leanaí a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí ELC agus SAC. Tá RLGÓ ag obair le CCCBÁC chun iarracht a dhéanamh cuid de na saincheisteanna seo a mhaolú. Éileoidh sé seo comhordú agus comhoibriú ó gach seirbhís ELC agus SAC san NEIC a mbeidh bealach oibre níos comhtháite mar thoradh air chomh maith le seirbhísí a ailíniú tuilleadh. Tá an próiseas seo ar siúl cheana féin ach tógfaidh sé tamall measúnú riachtanas ar an gceantar a chur i gcrích agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun réitigh fhéideartha a chur ar aghaidh. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.B**<br>**Athchóiriú de réir a chéile ar chórais rialála agus iniúchta ELC (agus cúram páistí iarscoile) agus ráthú caighdeáin a neartú, le béim athnuaite ar fhéin-mheasúnú.** | D.2.B.1.<br>Ar feadh saolré na Chéad 5, athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Seirbhísí Luath-óige 2016 agus a ghabhann leis an gCreat Rialála agus Cáilíochta bunaithe ar fhianaise ar cad a chuidíonn níos fearr le cáilíocht eispéiris na bpáistí. Beidh bunleibhéil rialála cáilíochta san áireamh i limistéir áirithe chun breathnóireachta, riachtanais spáis allamuigh agus istigh, cóimheas daoine fásta-páistí agus tomhais grúpa. Athruithe breisíocha ar riachtanais cáilíochta a mbeidh measúnaithe freisin mar chuid den Phlean Forbartha Fhórsa Oibre (féach Bloc thógála 3). Beidh scóip na Rialachán san áireamh freisin i gcomhair socruithe difriúla, go háirithe, socruithe bunaithe sa bhaile, chun rialachán comhréireacha a chinntiú. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>Tusla | Cur i bhfeidhm píolóta ar an gCreat Cáilíochta agus Rialála mar bhunús chun iniúchta faoi na Rialacháin Seirbhísí Luath- óige 2016. | X | | | | Tugadh faoi phíolótach de chigireachtaí bunaithe ar an gCreat Rialála Cáilíochta (CRC) go luath in 2019. Tar éis an phíolóta rathúil, chuir Tusla tús le rolladh amach cigireachtaí bunaithe ar CRC go déanach in 2019 agus leanfaidh sé ag tabhairt an fhormáid seo isteach i gcigireachtaí in 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.B Athchóiriú de réir a chéile ar chórais rialála agus iniúchta ELC (agus cúram páistí iarscoile) agus ráthú caighdeáin a neartú, le béim athnuaite ar fhéin-mheasúnú.** | D.2.B.2. Rialacháin a thosú do Chúram páistí in Aois Scoile agus síneadh a chur leis an rialachán chuig gach gairmí feighlí linbh íoctha, neamh-mhuinteartha. Beidh plean Gníomhaíochta i gcomhair Feighlí Linbh leagtha amach chun bogadh chun tosaigh i dtreo rialachán agus tacaíochta do ghairmithe feighlí linbh thar shaolré na Straitéise, ag tógáil ar thuarascáil an Ghrúpa Oibre 2018. | Ceannasaí: An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí: Tusla | Rialacháin tosaigh (clárúcháin) do pháistí in aois scoile a chur i bhfeidhm. | X | | | | Tháinig Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile) 2018 i bhfeidhm i mí Feabhra 2019, ag ligean do sheirbhísí cúram leanaí ar aois scoile clárú le Tusla agus ina dhiaidh sin páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. |
| | | | Comhairleoireacht poiblí ar rialacháin cuimsitheacha agus caighdeáin cuimsitheacha do chúram páistí in aois scoile. | X | | | | Thug an Roinn faoi chomhairliúchán poiblí ar dhréacht-threoirlínte cáilíochta agus rialacháin chuimsitheacha le linn 2019. Foilseofar an tuarascáil chomhairliúcháin in 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.B**<br>**Athchóiriú de réir a chéile ar chórais rialála agus iniúchta ELC (agus cúram páistí iarscoile) agus ráthú caighdeáin a neartú, le béim athnuaite ar fhéin-mheasúnú.** | D.2.B.3.<br>Smaoinigh faoi na roghanna atá ann maidir le hathchóiriú an chlárúcháin agus na cigireachta ar ELC, lena n-áirítear feighlithe leanaí (agus cúram do leanaí ar aois scoile), chun deimhniú go mbeidh réimeas leordhóthanach i réim agus go mbeidh cur chuige níos comhtháite i leith an ELC ann. I measc na céad chéimeanna atá ann cuimsítear go gcuirfear leis na ceangaltais um cháilíochtaí atá ann le bheith i do chigire luathbhlianta Tusla, agus triail a dhéanamh ar na cigireachtaí oideachasbhunaithe a bheith sínte amach le bheith déanta ar leanaí faoi thrí bliana d'aois. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>An ROS (An Chigireacht)<br>Tusla | Tá an chéad chohórt de chigirí luathbhliana Tusla a bhfuil ceangaltais níos leithne maidir le cáilíochtaí chun tús a chur leis an obair. | X | | | | Tarraingíonn Tusla cigirí nua anois ó raon níos leithne cúlraí, lena n-áirítear luathfhoghlaim agus cúram. An chéad chohórt le cáilíochtaí níos leithne i bhfeidhm anois. |
| | | | Athbhreithniú ar an ábhar agus comhairliúchán ar chigireachtaí oideachasúla den ELC do leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois (lena n-áirítear leanaí níos óige ná trí). | X | | | | Léirmheasanna litríochta agus comhairliúchán tosaigh curtha i gcrích. Dréachtú ar chreat cigireachta a rinneadh in 2020, mar ullmhúchán don chomhairliúchán ar an dréachtchreat. |
| | | | Comhoibriú idir Cigireacht Luathbhlianta Tusla agus Cigireacht ROS maidir le cigireacht ar thimpeallachtaí ELC chun cur leis an gcomhordanáidiú agus leis an fhoghlaim chomhroinnte. | X | | | | Tá comhoibriú ar siúl i gcónaí. Déantar comhordú a athbhreithniú agus a neartú go rialta tríd an nGrúpa Ailínithe Oibríochtaí agus Córais (OSAG). Tionóladh comhchomhdháil bhliantúil den dá chigireacht in 2019. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.B**<br>**Athchóiriú de réir a chéile ar chórais rialála agus iniúchta ELC (agus cúram páistí iarscoile) agus ráthú caighdeáin a neartú, le béim athnuaite ar fhéin-mheasúnú.** | D.2.B.4.<br>Modhanna oiriúnacha a fhorbairt agus a úsáid ionas go léireofar tuairimí na leanaí agus na dtuismitheoirí sa chigireacht a dheántar san ELC agus sa chúram do leanaí ar aois scoile. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS<br><br>Comhpháirtí: Tusla | Déanfaidh Tusla taighde chun samhail a fhorbairt chun teacht ar cad iad tuairimí na tuismitheoirí sa chigireacht a dhéantar ar thimpeallachtaí ELC i gcigearachtaí Tusla. | X | | | | Tá taighde déanta ag Tusla agus tá samhail á forbairt aici chun dearcadh na dtuismitheoirí a fháil san iniúchadh ar shuíomhanna ELC. |
| | | | Déanfaidh an ROS taighde ar conas is fearr tuairimí tuismitheoirí a bhailiú ar éifeachtúlacht scoileanna agus réamhscoileanna ar leith i gcigireachtaí oideachais.<br><br>Déanfaidh an ROS scrúdú ar mhodhanna chun faisnéis a bhailiú ó leanaí agus iad i mbun cigireachta oideachais a dhéanamh. | X | | | | D'fhorbair an Chigireacht sa ROS raon acmhainní chun tacú le rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus tuismitheoirí ina raon iomlán gníomhaíochta cigireachta lena n-áirítear suíomhanna ELC. Tá na hábhair seo faoi bhun trialach faoi láthair agus tá siad le cur i bhfeidhm i R1 2021. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 2

## Réisím láidir maidir le fiosrúchán agus dearbhú cáilíochta chun caighdeáin a chur i bhfeidhm agus iad a ardú.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **2.B Athchóiriú de réir a chéile ar chórais rialála agus iniúchta ELC (agus cúram páistí iarscoile) agus ráthú caighdeáin a neartú, le béim athnuaite ar fhéin-mheasúnú.** | D.2.B.5. Creat féinmheastóireachta athchóirithe don ELC le bheith curtha isteach in ionad an Chláir Ráthuithe Caighdeáin atá ann faoin am seo, Síolta, ionas gur féidir le soláthraithe measúnú a dhéanamh ar conas a d'fheidhmigh siad iad féin agus a mheas cárbh lonnófar iad ar an speictream cáilíochta, idir comhlíonadh agus sármhaitheas. | Comh-Cheannasaithe: An ROS agus An RLGÓ<br>Comhpháirtithe: Tús Feabhsaithe Tusla | Obair scóipe le bheith déanta ag Cigireacht na ROS agus ag Oifigeach Forbartha Síolta, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha eile (lena n-áirítear Tusla), chun creat féin-mheastóireachta a fhorbairt le haghaidh timpeallachtaí éagsúla agus chun féachaint ar thacaíocht gréasán-bhunaithe le haghaidh timpeallachtaí chun an creat a úsáid. | | | | X | Rinne cigirí ROS agus Tusla an obair scóipe tosaigh in 2019. Tionólfaidh an RGLÓ meitheal chun dul chun cinn a dhéanamh le linn 2020/2021. |
| | D.2.B.6. Ailínigh an infreastruchtúr feabhsaithe um cáilíochtaí náisiúnta timpeall ar an tSeirbhís um Fhorbairt Cháilíochta Tús Feabhsaithe a oibríonn ar fud na tíre. Cuir struchtúr réigiúnach leis sin agus cuir leis an tacaíocht don earnáil trí sheirbhís speisialtórtha feabhsaithe a chuireann dlúth-chóitseáil, oiliúint agus comhairle ar fáil ar conas an cleachtas gairmiúil a fheabhsú. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS<br>Comhpháirtithe: Tús Feabhsaithe CNCM Comhairlí Contae agus Cathrach eagraíochtaí náisiúnta um an cúram leanaí deonach | Cuir leis an maoirseacht ar Thús Feabhsaithe, lena n-áirítear tús a chur le hathbhreithniú ar an tsamhail seachadta um Thús Feabhsaithe. | X | | | | Tá cruinnithe maoirseachta ráithiúla ar bun anois idir Tús Níos Fearr agus an RGLÓ. Tá teimpléad tuairiscithe faoi athbhreithniú. Bronnadh conradh chun tabhairt faoi mheastóireacht ar Tús Níos Fearr i mí Mheán Fómhair 2020. |
| | | | Comhcheangail soláthar an clár CPD nua Aistear agus Súgradh leis an tsamhail atá ag Tús Feabhsaithe chun an monatóireacht agus an oiliúint a chur ar fáil. | X | | | | Tá Aistear agus Súgradh CPD comhtháite anois sa tairiscint CPD Tús Níos Fearr. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.A**<br>**Na riachtanais atá de dhíth don fhoireann chun tacaí agus seirbhísí a sholáthar a shainaithint agus iad a chur i bhfeidhm.** | D.3.A.1.<br>Forbair fórsa saothair tiomnaithe do shláinte leanaí ar aon dul leis na prionsabail atá leagtha amach in Sláintecare, ag cur le cur chuige atá dírithe ar na daoine atá ann, agus atá dírithe ar dtús ar cheantair ina bhfuil ard-dluas daonra nó míbhuntáiste ann, agus é coimeádta i gcuimhne go mbeidh tuilleadh acmhainní de dhíth chucu siúd. | Ceannasaí:<br>An RS<br><br>Comhpháirtithe:<br>An RLGÓ agus Ranna agus Gníom-haireachtaí eile le deimhniú nu-air a bhunófar an grúpa stiúrtha. | Grúpa stiúrtha a bhunú agus tús a chur leis an bpróiseas óna n- eascraíonn samhail chleachtais a fhorbairt a bhuntacaíonn le lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí, (a fhad agus a bhíonn na hacmhainní ar fáil). | X | | | | Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha i mí na Nollag 2019. Tionóladh cruinnithe an 21 Eanáir agus an 4 Márta 2020 agus ullmhaíodh dréacht-aighneacht chuig an mBord Bainistíochta agus ullmhaíodh Réamhdhoiciméad Scópála. Cuireadh obair ar an nGrúpa ar fionraí mar gheall ar COVID-19 ach tá sé beartaithe an dá dhoiciméad a thabhairt chun críche le linn R4 2020. |
| | D.3.A.2.<br>Forbair plean straitéiseach ilbhliantúil Tusla ar an bhfórsa oibre, lena ndíreofar ar bealaigh nuálaíoch de chur chuige i leith na hearcaíochta agus i leith oibrithe sóisialta agus cleachtóirí sochair theaghlaigh a choimeád. Mar chuid de seo beidh scéim thrialach ann de spáránaithe maoinithe do mic léinn den Lucht Siúil agus den Phobal Roma le bheith ina n-oibrithe sóisialta nó ina n-oibrithe cúraim le Tusla. | Ceannasaí:<br>Tusla | Plean straitéiseach ilbhliantúil don fhórsa oibre Tusla a fhorbairt. | X | | | | Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm Plean Forfheidhmithe an Fhórsa Saothair 2019–2020 trí 7 bPunann oibre: Earcaíocht, Soláthar, Coinneáil, Cumas, Dearadh Eagraíochta, Próisis Phleanála WF agus Rialachas, chun na príomhghníomhartha agus na táirgí insoláthartha don phlean seo a ghabháil agus bhí an phríomhbhéim in 2019 ar earcaíocht agus coinneáil. Ag tógáil ar an obair a rinneadh in 2019 beidh an béim in 2020 ar phróifíl soiléir 'Íoc & Uimhreacha' a bhunú do gach seirbhís a chabhróidh ina dhiaidh sin le bainistíocht níos tráthúla ar shaincheisteanna d'acmhainní a bhainenn leis an bhfórsa saothair. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.A**<br>**Na riachtanais atá de dhíth don fhoireann chun tacaí agus seirbhísí a sholáthar a shainaithint agus iad a chur i bhfeidhm.** | D.3.A.3.<br>Raon bearta a thabhairt isteach ionas go mbeidh, faoi 2028:<br>• beidh ceanglas íoscháilíochta a bheith ag na feighlithe leanaí rialálaithe go léir (an leibhéal ar leith le bheith socraithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi dheireadh 2019 tar éis tabhairt amach Thuarascáil an Shainghrúpa). Cuirfear tréimhse ama oiriúnach ar fáil chun an ceangaltas seo a shásamh;<br>• beidh ceanglas íoscháilíochta a bheith ag na baill foirne cúraim leanaí do leanaí ar aois scoile rialálaithe go léir (an leibhéal ar leith le bheith socraithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi dheireadh 2019). Cuirfear tréimhse ama oiriúnach ar fáil chun an ceangaltas seo a shásamh; agus<br>• beidh fórsa saothair san ELC ina mbeidh tosaíocht tugtha do chéimithe, agus cáilíocht oiriúnach ar leibhéal céime ar a laghad 50% de na baill foirne (i.e. na ceannairí seomra go léir, agus na bainisteoirí cúnta agus bainisteoirí go léir) a bheidh ag obair duine-le- duine i dtimpeallachtaí ELC ionad-bhunaithe agus go mbeidh comhordaitheoirí ag tabhairt tacaíocht le obair na bhfeighlithe leanaí (agus tús-sprioc de 30% bainte amach faoi 2021). | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Féach na garspriocanna uileghabhálacha don Phlean don Fhórsa Oibre (gníomh D.3.A.4). | | | | | Féach an nuashonrú ar Ghníomh D.3.A.4.<br><br>NÓTA: tá cinntí ar riachtanais oiliúna/cháilíochta maidir le feighlíocht leanaí agus cúram leanaí in aois scoile le glacadh faoi dheireadh 2020 i gcomhthéacs fhorbairt thuarascáil chéim 1 den Phlean Forbartha Fórsa Oibre. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.A**<br>**Na riachtanais atá de dhíth don fhoireann chun tacaí agus seirbhísí a sholáthar a shainaithint agus iad a chur i bhfeidhm.** | D.3.A.4.<br>Fhórsa Oibre, a chuirfear leis le samhail réamhaisnéise forbartha ag an Gasra Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, chun deimhniú go mbeidh líon leordhóthanach foirne don ELC agus don fhoireann cúraim do leanaí ar aois scoile ag gach uile ghrád san earnáil. Tabharfaidh an Plean Forbartha um an Fhórsa Oibre tacaíocht chun na spriocanna thuasluaite a bhaint amach. Chomh maith leis sin, sa Phlean Forbartha um an Fhórsa Oibre, leagfar amach pleananna chun níos mó airde a tharraingt ar ghairmí san ELC (agus san earnáil chúraim do leanaí ar aois scoile) agus cuirfear creat gairmeacha ann chomh maith le deiseanna forbartha ceannaireachta, agus dá bharr sin uile cuirfidh sé le fórsa oibre ina mbeidh níos mó éagsúlachta agus cothromaíocht inscne ann. Chomh maith leis sin cuirfear an fhórsa oibre níos leithne san ELC agus sa chúram do leanaí ar aois scoile, lena n- áirítear iadsan a oibríonn sa chigireacht, sa mheantóireacht agus i róil oiliúna agus tacaíochta dóibhsean a éascaíonn socrúcháin chleachtais. | Comh-Cheanna-saithe:<br>An RLGÓ agus An ROS<br><br>Comhpháirtithe:<br>Le bheith beartaithe agus an Plean Forbar-tha don Fhórsa Oibre á ullmhú | Tabhair Téarmaí Tagartha an Phlean um an Fórsa Oibre chun críche, agus cuir tús le Céim 1 d'fhorbairt an phlean. Mar chuid de Chéim 1 beidh sé i gceist fís a fhorbairt don fhórsa oibre todhchaíoch, agus treoir tugtha ag Céad 5 leis. Fágfaidh sé sin go mbeidh na príomhspriocanna agus na príomhchuspóirí le haghaidh Chéim 2 sainaithnithe. | X | | | | Foilsíodh Téarmaí Tagartha do Ghrúpa Stiúrtha an Phlean Forbartha Fórsa Oibre i mBealtaine 2019. Tionóladh cruinniú tionscnaimh an Ghrúpa Stiúrtha i mBealtaine 2019. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 3.B<br>Cuir leis an rochtain atá ann ar oiliúint tosaigh agus do Dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnaí chun deimhniú go mbíonn an fhoireann ag obair chun tacaí agus seirbhísí don luath-óige réitithe go huile is go hiomlán chun freastal ar an éileamh a bhaineann leis na róil ghairmiúla atá i gceist. | D.3.B.1.<br>Foilsigh critéir agus treoirlínte do cháilíochtaí ELC bhreisoideachais agus do cháilíochtaí ELC ardoideachais (agus don chúram leanaí ar aois scoile) lena n-áirítear riachtanais iontrála; an t-eolas agus an t-inneachar sna cláir agus conas a nascfar é sin leis an gcleachtas gairmiúil maoirsithe. Leis na caighdeáin agus na treoirlínte seo, tabharfar tacaíocht do chur i bhfeidhm Phlean Forbartha an Luchta Saothair trí chúnamh a thabhairt chun clár gnó comhroinnte a chruthú, agus cleachtas comónta agus tuiscint ar an ardchaighdeán, leis, (chun deimhniú go léirítear an chreata chleachta san oiliúint), agus lena seileofar na róil agus dualgais a bhíonn ag institiúidí oiliúna. | Comh-Cheannasaithe: An ROS agus An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe: Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, institiúidí breisoideachais agus ardoideachais | Foilsigh Critéir agus Treoirlínte agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe. | X | | | | Foilsíodh Critéir Dámhachtana Gairmiúla agus Treoirlínte don Oideachas Gairmiúil Tosaigh (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) Cláir Chéime don Earnáil ELC in Éirinn in Aibreán 2019. |
| | | | Bunaigh Bord Comhairleach um Cháilíochtaí Neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí ardoideachais (Leibhéal 7 agus 8) san ELC ar aon dul leis na Critéir agus leis na Treoirlínte. | | | | | Féach an nuashonrú ar Ghníomh D.C.3.1. |
| | | | Tá Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) chun tuairisceoirí dámhachtain ghairmiúla a fhoilsiú le haghaidh dámhachtain BOO don ELC go ndéanfar é a phlé roimh dó a bheith tugtha chun críche faoi dheireadh 2019. | X | | | | Rinne QQI comhairliúchán cúig mhí ar chaighdeáin nua dámhachtainí don ELC. Mar chuid den phróiseas seo, tionóladh imeacht chun na caighdeáin nua a mhíniú, chomh maith leis na jimpleachtaí d'fhorbróirí clár féideartha, comhordaitheoirí clár, baill foirne dearbhaithe cáilíochta agus de dhaoine eile a bhfuil baint acu le ELC. Dúnadh an comhairliúchán seo an 30 Meán Fómhair 2019. na Tuairiscitheoirí de Chineál Dámhachtana Gairmiúla ag Leibhéil NFQ 5-8: Foilsíodh iad siúd a bhí anótáilte do Dhámhachtainí QQI (ELC) i mí na Samhna 2019. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.B**<br>**Cuir leis an rochtain atá ann ar oiliúint tosaigh agus do Dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnaí chun deimhniú go mbíonn an fhoireann ag obair chun tacaí agus seirbhísí don luath-óige réitithe go huile is go hiomlán chun freastal ar an éileamh a bhaineann leis na róil ghairmiúla atá i gceist.** | D.3.B.2.<br>Ciste nua fóirdheontais náisiúnta a thabhairt isteach le haghaidh breis ELC agus ard-ELC (agus cúram do leanaí ar aois scoile) oideachais chun tacú le forfheidhmiú an Phlean Forbartha um an Fhórsa Oibre. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Féach na garspriocanna uileghabhálacha don Phlean don Fhórsa Oibre. | | | | | Féach an nuashonrú ar Ghníomh D.3.A.4. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 3.B<br>Cuir leis an rochtain atá ann ar oiliúint tosaigh agus do Dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnaí chun deimhniú go mbíonn an fhoireann ag obair chun tacaí agus seirbhísí don luath-óige réitithe go huile is go hiomlán chun freastal ar an éileamh a bhaineann leis na róil ghairmiúla atá i gceist. | D.3.B.3.<br>Forbair clár náisiúnta do na deiseanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) don fhórsa oibre ELC (agus don fhórsa oibre um chúram do leanaí ar aois scoile) a bheith curtha ar fáil tríd an tSeirbhís Forbartha Cáilíochta Tús Feabhsaithe. Déanfar naisc a fhorbairt leis an struchtúr náisiúnta do CPD do mhúinteoirí bunscoile sa bhealach seo le himeacht ama. Cuirfear deiseanna don soláthar de chláir CPD ar bhonn comhpháirteach ar fáil san áireamh, nuair a oireann sé sin. | Comh-Cheanna-saithe:<br>An RLGÓ agus An ROS<br><br>Comhpháirtithe:<br>Tús Feabhsaithe, comhpháirtithe eile le bheith bearthaithe le linn plean náisiúnta don Fhorbairt Gairmiúil Leanúnach a bheith forbartha | Sínfear amach an sásra maoiniúcháin don rannpháirteachas san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach trí íocaíochtaí a dhéanamh le seirbhísí a nglacann a mbaill foirne páirt in Aistear agus san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach Play. | X | | | | Cuireadh AIstear and Súgradh san áireamh sa scéim phíolótach íocaíochta FGL in 2019. Ghlac 341 cleachtóir ELC páirt san oiliúint seo in 2019. |
| | | | Déan taighde ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an tsásra maoiniúcháin thrialaigh don rannpháirteachas san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. | X | | | | Tá taighde ar an meicníocht mhaoinithe phíolótach curtha i gcrích, agus tá torthaí á mbreithniú. |
| | | | Déan athbhreithniú ar struchtúr an Aonaid Fhoghlama agus Fhorbartha in Tús Feabhsaithe, agus ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil dó (lena n-áirítear na riachtanais TF atá aige). | | | | X | Tabharfar faoi athbhreithniú ar an Aonad Foghlama agus Forbartha i dTús Níos Fearr agus a riachtanais i gcomhthéacs na meastóireachta ar Tús Níos Fearr agus forbairt an Phlean Forbartha um Lucht Oibre. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.B**<br>**Cuir leis an rochtain atá ann ar oiliúint tosaigh agus do Dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnaí chun deimhniú go mbíonn an fhoireann ag obair chun tacaí agus seirbhísí don luath-óige réitithe go huile is go hiomlán chun freastal ar an éileamh a bhaineann leis na róil ghairmiúla atá i gceist.** | D.3.B.4.<br>Déanfar athbhreithniú ar na roghanna agus na riachtanais atá ann maidir le gairmithe a oibríonn i gcuideachta babaithe, le leanaí óga agus a dteaghlaigh chun deimhniú go bhfuil an oiliúint speisialta atá de dhíth ar fáil, lena n- áirítear oiliúint a oireann don luath-óige go sonrach agus chun deimhniú go dtugtar tacaíocht dóibhsean a bhfuil babaithe agus leanaí óga acu chun tabhairt fúthu CPD a fháil ar bhonn rialta. | Comh-Cheannasaithe:<br>Na Ranna Rialtais atá ábhartha uile | Ní raibh aon Phríomh-ghgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.B**<br>**Cuir leis an rochtain atá ann ar oiliúint tosaigh agus do Dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnaí chun deimhniú go mbíonn an fhoireann ag obair chun tacaí agus seirbhísí don luath-óige réitithe go huile is go hiomlán chun freastal ar an éileamh a bhaineann leis na róil ghairmiúla atá i gceist.** | D.3.B.5.<br>Tionscnaíocht um Fhórsa Oibre Luath-Óige a fhorbairt. Sa tionscnaíocht seo cuimseofar an fórsa oibre um shláinte agus um chúram sóisialta agus an fórsa oibre luathfhoghlama, lena n- áirítear foireann ELC agus múinteoirí bunscoile, i measc grúpaí eile. Leis an Tionscnaíocht um Fhórsa Oibre Luath-Óige, déanfar deiseanna do ghairmithe a oibríonn i gcomhar le babaithe, le leanaí óga agus a dteaghlaigh chun foghlaim le chéile agus chun slite cur chuige comhoibríoch a fhorbairt, ar aon dul leis na forbairtí sa Tionscnamh um Fhorbairt Cáilíochtaí agus sa Chlár Náisiúnta um Páistí Folláin. Cuirfidh an tionscnamh oiliúint réamhsheirbhíse comhpháirtí ar aghaidh, agus modúil foghlamtha, leis, maidir le príomhcheisteanna atá ábhartha thar fhórsa oibre na luath-óige lena n-áirítear an fhorbairt leanaí, an nascadh agus an gean, an súgradh, an obair le tuismitheoirí, an obair chomhpháirteach, an foréigean teaghlaigh agus conas dul i ngleic leis an míbhuntáiste. Chomh maith leis sin, forbrófar córais chun an fhoghlaim agus an obair comhoibríoch a aithint leis an Tionscnamh um Fhórsa Oibre Luath-Óige (mar shampla tionscnaíochtaí dála Meitheal agus AIM ina bhfuil an béim ar an fhoireann a bheith dírithe ar an leanbh). | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha uile | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 3.C<br>Sásanna a fhorbairt chun stádas na n-oibrithe ELC agus SAC agus stádas na bhfostaithe tacaithe a mhéadú ionas go gcuirfear leis na coinníollacha oibre atá acu chun baill foirne a mhealladh ionas go gcoimeádfar iad. | D.3.C.1.<br>Forbair moltaí chun athbhreithniú a struchtúrú agus chun an comhlíonadh a mhaoirsiú le caighdeáin agus treoirlínte nua do na cláir breisoideachais agus ardoideachas maidir le ELC agus SAC, agus cuir clár i mbun den fhórsa oibre san ELC (agus sa chúram do leanaí ar aois scoile). Leis an struchtúr seo, le himeacht ama, féadfar leanúint i dtreo comhlachta caighdeáin gairmiúla chun an ghairm san ELC a chur chun cinn agus a rialú. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Bord Comhairliúcháin Neamhspleách um Cháilíochtaí le bheith bunaithe chun critéir agus treoirlínte nua a fheidhmiú le haghaidh dámhachtain ardoideachais san ELC. | | X | | | Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Bord Comhairleach um Cháilíochtaí (QAB) i gcomhpháirt ar bhonn neamhreachtúil chun Cláir Chéime Oideachais Ghairmiúil Tosaigh (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) a athbhreithniú d'Earnáil na Luathfhoghlama agus an Chúraim (ELC). |
| | D.C.3.2.<br>Ag féachaint don Phlean Forbartha Fórsa Oibre, agus ar aon dul le tabhairt isteach samhail nua maoinithe don ELC (agus don chúram do leanaí ar aois scoile), scrúdaigh an féidearthacht atá ann go dtógfar isteach breis rialaitheoirí caighdeáin (mar shampla, sín amach íocaíochtaí caipitíochta ardaithe) laistigh den chreat a chuireann an ACS ar fáil ionas gur féidir na dreasachtaí oiriúnacha a chur ar fáil chun baill foirne a mhealladh agus chun iad a choimeád, céimithe go háirithe, chun a bheith ag obair le leanaí de gach aon aois. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Measúnú polasaí dírithe ar íocaíochtaí caipitíochta arda le bheith foilsithe. | | | X | | Foilsíodh an measúnú beartais spriocdhírithe ar íocaíochtaí caipitíochta níos airde i R3 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 3

## Fórsa saothair gairmiúil inbhuanaithe agus oilte go cuí, atá á dtacú agus a léiríonn éagsúlacht na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **3.C**<br>**Sásanna a fhorbairt chun stádas na n-oibrithe ELC agus SAC agus stádas na bhfostaithe tacaithe a mhéadú ionas go gcuirfear leis na coinníollacha oibre atá acu chun baill foirne a mhealladh ionas go gcoimeádfar iad.** | D.3.C.3.<br>Tabhair faoi athbhreithniú a dhéanamh ar na cineálacha de coinníollacha oibre fabhracha a bhféadfar iad a hacmhainniú chun baill foirne a mhealladh agus a choimeád ag obair i lonnaíochtaí ELC mar gníomh príomhúil san fhorbairt samhla maoinithe nua (a gcuirfear síos níos sonraíochta uirthi níos faide). Mar chuid den athbhreithniú seo, féachfar ar cad é an tréimhse ama is fearr chun breathnú, machnamh, pleanáil, obair foirne agus obair a dhéanamh i gcomhar a chéile le tuismitheoirí. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ | Páipéar oibre a chur ar aghaidh ar choinníollacha oibre san ELC agus san SAC. | X | | | | Coimisiúnaíodh ullmhú páipéar oibre - Athbhreithniú ar Dhálaí Oibre d'fhoireann ELC agus SAC - ag deireadh 2019. Tá an páipéar seo á ullmhú ag Frontier Economics i ról na Comhpháirtíochta Taighde chun tacaíocht taighde a sholáthar don Shanghrúpa a tionóladh chun samhail nua maoinithe a fhorbairt do ELC agus SAC. Tá an páipéar oibre seo le foilsiú i R4 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.A**<br>**Leanúint ar aghaidh ag cur tacaíocht ar fáil don taighde a bheith déanta ar an saol atá babaithe agus do leanaí óga.** | D.4.A.1.<br>Tacaigh leis an leanúnachas agus an úsáid de Ag Fás Aníos in Éirinn (GUI) agus, tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí príomhúla, féach don luach féideartha cohórt nua a chur i mbun. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>An Phríomh-Oifig Staidrimh<br>An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | Síneadh trí bliana churtha leis an gconradh GUI reatha déanta leis an gconraitheoir. | X | | | | Shínigh RGLÓ agus ESRI comhaontú foirmiúil chun Céim 2 de GUI a shíneadh ar feadh trí bliana breise (2020-2022) an 14 Samhain 2019. |
| | | | Pleanáil le haghaidh GUI ó 2023 curtha ar aghaidh agus ceannaireacht tugtha dó ag an ngrúpa pleanála tríphháirteach ar a bhfuil ionadaíocht ón RLGÓ, an bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón ESRI. | X | | | | Sa chomhaontú a shínigh RGLÓ agus an an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta an 14 Samhain 2019 foráiltear don suirbhé GUI a aistriú chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh ó 2023. |
| | | | Mar chuid den phleanáil seo, déanfar machnamh maidir leis an treoir le haghaidh dearadh don chéad chéim eile agus do luach a chuirfear le cohórt nua breithniúcháin. | X | | | | Cuireadh tús leis an obair phleanála tosaithe agus tá sé ar siúl. |
| | | | Tús curtha le Tionscadal Pathfinder GUI a dhéanfaidh nasc idir sonraí de chuid GUI agus sonraí riaracháin atá coimeádta san ADC na Príomh-Oifige Staidrimh. | X | | | | Tá Cóip den tuarascáil, 'Scoping review of literature: Best international practices in linking administrative and longitudinal study data', leis an Dr Sinead Hanafin le foilsiú in 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.A Leanúint ar aghaidh ag cur tacaíocht ar fáil don taighde a bheith déanta ar an saol atá babaithe agus do leanaí óga. | D.4.A.2. Cuir an Tionscnamh What Works i bhfeidhm chun tacú le príomhshruthú slite cur chuige um chosc agus um luath-idirghabháil ar fud na seirbhísí do leanaí. | Ceannasaí: An RLGÓ | Beidh an clar agus na hacmhainní ar líne de chuid na Tionscnaimh What Works forbartha, lena n-áirítear moil fianaise agus sonraí. | X | | | | Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ardán agus acmhainní ar líne an Tionscnaimh What Works i mí an Mheithimh 2019. |
| | | | Cuirfear Creat Foghlama What Works agus na tionscadail dá cuid i bhfeidhm. | X | | | | Cuireadh deiseanna foghlama agus forbartha What Works ar fáil suas go dtí R2 2020. Mar thoradh ar chur isteach de bharr COVID-19 cuireadh siar roinnt gníomhaíochtaí ar ceal. Áirítear leis seo cuid de chlár tacair foghlama gníomhaíochta ar fud na tíre a chealú, agus ath-thosaíocht a thabhairt d'obair i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh. Faoin gcomhpháirtíocht seo, táthar ag súil go seachadfar roinnt clár ceannaireachta feidhmiúcháin idir R3 2020 agus R2 2021, agus leanfar den obair chun acmhainní foghlama ar líne a fheabhsú ar an suíomh gréasáin What Works. Níos déanaí i mbliana, tá sé beartaithe ag an Roinn sraith seimineár gréasáin a óstáil ag iniúchadh ábhar ról an stáit i gcosc agus idirghabháil luath, le tacaíocht ó What Works. |
| | | | Bearta maoiniúcháin What Works chun tacú leis an líonrú agus an nuálaíocht curtha i gcrích. | X | | | | Tionscadail chríochnaithe Maoinithe Nuálaíochta tugtha chun críche. Beart Maoinithe Tacaíochta Líonra curtha i gcrích. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.A Leanúint ar aghaidh ag cur tacaíocht ar fáil don taighde a bheith déanta ar an saol atá babaithe agus do leanaí óga.** | D.4.A.3.<br>Bunaigh faireachlann taighde Chéad 5 chun taighde ar bhabaithe, ar leanaí óga agus ar a dteaghlaigh thar na réimsí uile dá saol, a bhailiú, a eagrú, agus a bhainistiú, agus ansin é a chur ar fáil. | Ceannasaí: An RLGÓ | Ní raibh aon Phríomh-ghgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |
| | D.4.A.4.<br>Forbair clár taighde agus meastóireachta Céad 5 chun cur leis an feidhmiú tacaíochta straitéise agus cur leis an méid fianaise a úsáidtear chun seachadadh seirbhíse nuálaíoch agus comhtháite a dhearadh. | Ceannasaí: An RLGÓ | Plean Taighde agus Meastóireachta an Chéad 5 forbartha agus foilsithe. | | | X | | Tá Plean Taighde agus Meastóireachta don Chéad 5 dréachtaithe agus foilseofar é faoi dheireadh 2020. |
| | | | Creatl Taighde agus Meastóireachta an Chéad 5 bunaithe. | | | | X | Dréachtaíodh an tIarratas ar Thairiscintí agus foilseofar é in 2020. Samhlaítear go mbeidh an Creat i bhfeidhm go luath i 2021. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.B<br>**Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte.** | D.4.B.1.<br>Forbair córais riaracháin sonraí ar fud seirbhísí sláinte leanaí, leasa leanaí, cosaint leanaí, agus seirbhísí ELC, agus leathaigh amach iad sin. Ina measc, áirítear: Córas Bainistíochta Cliniciúil Máithreachais agus Nuabhreithe (MN-CMS) ar fud ospidéil/aonad máithreachais ar bhonn céimithe. Le himeacht ama, agus de réir mar is inacmhainne, sín amach an MN-CMS go seirbhísí pobail. Cuirfidh sé seo leis an soláthar de sheirbhísí is fearr do máithreacha agus do bhabaithe tar éis don bhreith. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | An phleanáil maidir le leathadh amach Chéim 2 d'fheidhmiú an MN- CMS a chur ar aghaidh thar ospidéil/aonaid mháithreachais bhreise. | X | | | | Bhí sé mar aidhm ag tionscadal MN-CMS Gínéiceolaíochta EHR a rolladh amach chuig na ceithre shuíomh beo in 2019 agus baineadh an sprioc sin amach tar éis dul beo in NMH, CUMH, UHK agus sa Rotunda. Tá an obair fós ar bun le linn 2020. |
| | D.4.B.2.<br>An Córas Náisiúnta um Fhaisnéis Imdhíonta (NIIS) (Céim 1) agus Córas Náisiúnta um Fhaisnéis Sláinte Leanaí (Céim 2) chun tacú leis an soláthar agus an comhcheangal de sheirbhísí sláinte leanaí ar fud seirbhísí pobail, cúraim príomhúil agus ospidéil. Le himeacht ama, ba cheart go mbeadh teacht ar fáil ar na córais seo ag tuismitheoirí. Chomh maith leis sin, cuirfidh na córais faisnéise seo leis an doiciméadúchán agus leis an anailís de shonraí ar thorthaí. | Ceannasaí: FSS<br><br>Comhpháirtí: An RS | Céim 1 - Cuir aontas an Aonaid Mhaoirseachta don Rialtas Digiteach (DGOU) i bhfeidhm chun na riachtanais agus an praghas don NIIS a bhailiú. | X | | | | Comhaontú DGOU chun an riachtanas a fuarthas in 2019 a bhailiú agus obair ag tosú anois ar an tionscadal seo. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Ghársprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.B**<br>**Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte.** | D.4.B.3.<br>An Córas Faisnéise Náisiúnta don Chúram Leanaí (NCCIS) i seirbhísí leasa leanaí agus cosanta leanaí i dTusla. Le himeacht ama, agus de réir mar is inacmhainne, cuir leis an NCCIS chun sonraí a bhailiú ar iomlán an obair a dhéanann Tusla. | Ceannasaí: Tusla<br><br>Comhpháirtí: An RLGÓ | Seoladh Tairseach Tusla (“Doras Tosach Digiteach” Tusla) in 2018 chun tuairisceoir, páirtithe, gairmithe agus daoine den pobal chun dul i dteagmháil le Tusla trí thairseach ar líne daingean. Cuirfear leis an Tairseach sa bhreis air sin in 2019 chun tacú leis na seirbhísí seo a leanas: | X | | | | Tá Tairseach Tusla i bhfeidhm agus ag cur go mór le feabhas a chur ar oibriú éifeachtach de sheirbhísí Tusla. Tá os cionn 20,000 úsáideoir sa Tairseach agus anois tá níos mó ná 50,000 atreorú / aighneacht faighte ag Tusla, fuarthas na haighneachtaí seo roimhe seo mar fhoirmeacha páipéir phostáilte. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.B<br>Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte. | D.4.B.3.<br>An Córas Faisnéise Náisiúnta don Chúram Leanaí (NCCIS) i seirbhísí leasa leanaí agus cosanta leanaí i dTusla. Le himeacht ama, agus de réir mar is inacmhainne, cuir leis an NCCIS chun sonraí a bhailiú ar iomlán an obair a dhéanann Tusla. | Ceannasaí: Tusla<br><br>Comhpháirtí: An RLGÓ | Clárúchán Sheirbhísí Luathbhlianta, Clárúchán Sheirbhísí do Leanaí ar Aois Scoile, Clárúchán Feighlithe Leanaí; Seirbhísí Coimisiúnaithe ag tacú le hiarratais agus le haighneachtaí um phleananna seirbhísí ó pháirtithe seirbhíse leanaí agus teaghlaigh; tuairisciú ar Líomhaintí Iardhearchach maidir leis an Drochúsáid; Comhcheangail le córais tinrimh scoile chun tacú le bunscoileanna agus le meánscoileanna a Tuairisceáin Neamhláithreachta a chur isteach. | X | | | | Tá na seirbhísí go léir atá liostaithe ar fáil anois ar Thairseach Tusla. |
| | | | Tuairisciú Atreoraithe Leasa Oideachasúil. | | | X | | Rinneadh an tionscnamh seo a athsceidealú do mhí na Nollag 2020 agus cuirfear feabhas breise ar Thairseach Tusla chun ligean do scoileanna Atreoruithe Leasa Oideachais a chur isteach ar líne. De ghnáth faigheann Tusla thart ar 6,000 tuairisc leasa oideachais in aghaidh na bliana ó scoileanna ar fhoirmeacha páipéir. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.B**<br>**Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte.** | D.4.B.3.<br>An Córas Faisnéise Náisiúnta don Chúram Leanaí (NCCIS) i seirbhísí leasa leanaí agus cosanta leanaí i dTusla. Le himeacht ama, agus de réir mar is inacmhainne, cuir leis an NCCIS chun sonraí a bhailiú ar iomlán an obair a dhéanann Tusla. | Ceannasaí: Tusla<br><br>Comhpháirtí: An RLGÓ | Tuilleadh méadaithe a dhéanamh ar an gclár NCCIS chun an córas reatha a fheabhsú agus chun réitigh bainistíochta cásanna a sheachadadh maidir le Liomhaintí faoi Mhí-Úsáid Iardhearcacha agus le Seirbhísí Cúraim Chónaitheacha. | | | X | | Críochnaíodh uasghrádú feabhsúcháin NCCIS. Críochnaíodh ailíniú Comharthaí Sábháilteachta NCCIS i mí Iúil 2020. Cuireadh uasghrádú ar bhonneagar freastalaí i gcrích ag deireadh Lúnasa 2020. Tá Bainistíocht Cásanna do Chúram Cónaithe ar siúl.<br><br>Tá sé beartaithe go leanfaidh an clár oibre seo ar aghaidh go dtí 2021. Tá Bainistíocht Cásanna maidir le Líomhaintí um Mí-Úsáid Iarbhreathnaitheach ar siúl.<br><br>Rinneadh an dáta seachadta a athsceidealú go 2021 toisc gurb é Márta 2021 an dáta forfheidhmithe athbhreithnithe don bheartas nua anois. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.B<br>Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte. | D.4.B.4.<br>Bunachar Sonraí ELC chun cur le pleanáil agus forbairt ar sheirbhísí ELC, rud a chuirfidh leis an taithí atá ann as an Bunachar Ar Líne de Dhaltaí Bunscoile (POD). Ag féachaint don chosaint sonraí oiriúnach agus do shocruithe um chosaint sonraí oiriúnach, cuirfidh sé seo leis an monatóireacht ar dhul chun cinn leanaí agus iad ag aistriú ó ELC tríd an gcóras bunscoile agus ar aghaidh go dtí an mheánscoile agus siar thairis. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>Pobal | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |
| | D.4.B.5.<br>Déan tuilleadh forbartha ar an Mol Sonraí Náisiúnta um Thorthaí do Leanaí chun deimhniú go gcuirtear na táscairí ábhartha torthaí san áireamh agus bain tairbhe as i ndearadh agus i soláthar seirbhísí do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>Tusla | Cuir úsáid an mhol sonraí a chur chun tosaigh i measc na ngeallsealbhóir-Gníomhaireachtaí ábhartha agus sainaithin sraitheanna nua de tháscairí, agus cothabháil agus riarachán a dhéanamh ar an mbuiséad don thionscadal seo. | X | | | | Is tionscadal leanúnach é anois ó 2019 i leith. Seoladh "What Works" i mí an Mheithimh 2019. Chomhaontaigh an Meitheal Sonraí táscairí nua i mí na Samhna 2019 agus áireofar iad ar an mol in 2020.<br><br>Tionscadal arna mhaoiniú ag RLGÓ, buiséad iomlán arna tharraingt anuas ag TUSLA faoi dheireadh mhí na Nollag 2019. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 4.B<br>Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte. | D.4.B.6.<br>Smaoinigh, i bpáirtíocht leis na Ranna Rialtais ábhartha, ar roghanna éagsúla chun sonraí reatha, níos mionsonraithe, a fhorbairt agus a fhoilsiú faoin nádúr de chineálacha saoire, agus faoin ráta glactha maidir leis, dála saoire máithreachais, saoire atharthachta agus saoire thuismitheoireachta agus socruithe oibre solúbtha lena n-áirítear anailís ar sonraí Eurostat ar an fhórsa saothair, suirbhé an CSO ar líonta tí agus bealaí eile chur chuige. | Ceannasaí: An RLGÓ | Dul sa tóir ar roghanna chun anailís a dhéanamh ar shonraí a bhailíonn an Phríomh- Oifig Staidrimh ar bhonn cáis aonuaire maidir leis an gcúram agus an cothrom idir an saol oibre agus an gnáthshaol in 2018. | X | | | | Statistical Spotlight #3, The Reconciliation of Work and Family Life was published in December 2019 and is available from www.gov.ie. |
| | | | Foilsigh na torthaí. | X | | | | |
| | | | Cás Gnó curtha faoi bhráid na Príomh-Oifige Staidrimh/ An Bhoird Náisiúnta Staidrimh le bheith curtha le ceisteanna i gceann dá suirbhéanna lín tí ar bhonn rialta. | X | | | | Tá cás gnó curtha isteach agus faoi réir díospóireachtaí leanúnacha leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. |
| | | | Féachaint chuig an acmhainneach atá ann scrúdú a dhéanamh ar sonraí faoi íocaíochtaí le linn na saoire máithreachais trí nascadh sonraí. | X | | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.B**<br>**Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte.** | D.4.B.7.<br>Feidhmiú i gcomhar le Ranna Rialtais príomhúla chun measúnú cén shonraí a bhaineann le babaithe agus le leanaí óga a bhailítear agus cad é an fhormáid ina mbailítear é. Ag brath ar an toradh air sin, cuirfear bunaíocht grúpa teicniúil san áireamh, de réir na Struchtúr Feidhmithe BOBF, ag a bhfuil an bhfreagracht na moltaí a dhéanamh maidir le:<br>• armónú agus ailíniú a dhéanfar ar na sonraí a bhailítear (mar shampla, taifead a dhéanamh de dháta breithe an linbh seachas a aois nó an aoisraon ina bhfuil sé) chun anailís agus comparáid níos éifeachtach a cheadú;<br>• úsáid a bhaint as na rianairí oiriúnacha, lena n-áirítear an míchumas agus rianairí eitneachta, nuair atá sé sin ábhartha, agus<br>• an roinnt sonraí a chur chun tosaigh ar aon dul leis an bPlean um Athnuachan na Státseirbhíse, lena gcuardaítear feabhsaithe ar conas a dhéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a roinnt. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ | Beidh teagmháil déanta leis na Ranna príomhúla. | | | X | | Cuirfear an gníomh seo chun cinn in 2020; déanfar teagmháil le RCPA i gcomhthéacs an ghealltanais catalóg sonraí Rialtais a fhorbairt. |
| | | | Cruthófar clár de na sonraí a bhaileofar. | | | X | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.B**<br>**Forbair agus cur le córas sonraí riaracháin do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht agus chun cur leis an soláthar de thacaíochtaí agus seirbhísí comhcheangailte.** | D.4.B.8.<br>Forbair slite beachta cur chuige ar conas sonraí maidir le torthaí a bhailiú maidir le babaithe agus leanaí óga ag céimeanna forbartha príomhúla thar córais sláinte leanaí agus luath-óige. Go háirithe, féach ar an acmhainneacht atá ann do shonraí anaithnid ó uirlisí caighdeánaithe atá ann roimhe seo le húsáid don anailís, mar shampla Ceistiúchán Ages and Stages [Aoiseanna agus Céimeanna] a thugann Altraí Sláinte Poiblí ag an tástáil dhá-bhliain. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Na Ranna Rialtais atá ábhartha uile | Ní raibh aon Phríomh-ghgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.C**<br>**Cuir córais láidre monatóireachta agus measúnaithe i bhfeidhm trasna an Rialtais.** | D.4.C.1.<br>Ag tagairt do na táscairí a bhaineann le haois sa tacar táscairí BOBF agus don fhorbairt ghaolmhar leis sin de chreat tuairiscithe rialta, déanfar tacar de táscairí don luath-óige a chur le chéile agus a thuairisciú.<br>Tá seans ann go gcuirfear táscairí breise leis a bhaineann le Céad 5 [an Chéad 5] a chuirfear san áireamh. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ | Foilseachán luachanna uasdátaithe don tsraith táscairí BOBF, lena n-áirítear foilseachán luachanna. | | | X | | Cuireadh tús leis an obair in 2019, agus tá roinnt táscairí BOBF ar fáil i mbunachar sonraí RLGÓ, a óstáiltear ar bhunachar sonraí Statbank na Príomh-Oifige Staidrimh. Tá obair ar siúl chun a chinntiú go bhfuil tacar iomlán táscairí BOBF ar fáil agus cothrom le dáta. |
| | | | Imdhealaithe do na táscairí. | | | | X | Cuireadh moill ar an obair mar gheall ar athrú sealadach ar chúinsí foirne. |
| | D.4.C.2.<br>Cuir an fhorbairt de cur chuige modheolaíochta ar aghaidh chun tacú le haon freagra leathan Rialtais don gCoiste NA um Chearta an Linbh agus do na moltaí a rinne sé gur cheart don Stát Éireannach "... measúnacht tionchair ar chearta leanaí a chur sa chreat don measúnacht tionchair shóisialta chun deimhniú go gcomhlíonann cinntí buiséadacha le hoibleagáidí faoin Choinbhinsiúin." | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtí:<br>RCPA | Ní raibh aon Phríomh-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháir-tithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.C**<br>**Cuir córais láidre monatóireachta agus measúnaithe i bhfeidhm trasna an Rialtais.** | D.4.C.3.<br>Forbair creat náisiúnta measúnuithe agus meastóireachta don ELC, ag féachaint siar ar Chreat Cáilíochtaí don ECEC den AE, lena n-áirítear sainaithint sraith de tháscairí beartaithe ar an gcáilíocht, agus ar an gcainníocht sa soláthar, agus foilsiú rialta tuarascála monatóireachta náisiúnta. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Fiosraigh an acmhainneacht atá ann chun ann an tuarascáil tíre ar Éirinn faoin tionscadail Cáilíochtaí Thar Rialacháin de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) a ailíniú le Creat Caighdeáin don ECEC de chuid an AE (féach gníomh D.4.C.4.). | X | | | | Déanfar Tuarascáil d'Éirinn um Cúlra Tíre ECFE um Cháilíocht thar Rialacháin a choimisiúnú i R1 2020 de réir Threoirlínte an ECFE maidir le Tuarascálacha Cúlra Tíre don Athbhreithniú ar Bheartas: Quality Beyond Regulations in ECEC. |
| | D.4.C.4.<br>Forbair uirlis tomhais chun cáilíocht seirbhísí luath-óige a mheasúnú, agus chun tús a chur leis sin, úsáid a bhaint as uirlis chun cáilíocht an chleachtais i lonnaíochtaí ELC a thomhas agus a mhonatóiriú. Déanfar staidéar bonnlíne náisiúnta lena mbainfear tairbhe as an uirlis, agus é d'aidhm aige sin athbhreithnithe d'ardchaighdeáin a dhéanamh go rialta chun an dul chun cinn atá déanta maidir le méadú na gcaighdeáin cháilíochta a mheasúnú. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Déan scrúdú ar fhorbairt uirlise chun caighdeán an chleachtais a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhthéacs forbairt de chreat féinmheastóireachta. | | | | X | Breithneofar é seo i gcomhthéacs creat féinmheastóireachta a fhorbairt. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 4

## Infreastruchtúr láidir náisiúnta don taighde agus do shonraí, a úsáidfear mar bhonn eolais do pholasaí agus don chleachtadh in éineacht le clár leanúnach monatóireachta agus measúnaithe.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **4.C**<br>**Cuir córais láidre monatóireachta agus measúnaithe i bhfeidhm trasna an Rialtais.** | D.4.C.4.<br>Forbair uirlis tomhais chun cáilíocht seirbhísí luath-óige a mheasúnú, agus chun tús a chur leis sin, úsáid a bhaint as uirlis chun cáilíocht an chleachtais i lonnaíochtaí ELC a thomhas agus a mhonatóiriú. Déanfar staidéar bonnlíne náisiúnta lena mbainfear tairbhe as an uirlis, agus é d'aidhm aige sin athbhreithnithe d'ardchaighdeáin a dhéanamh go rialta chun an dul chun cinn atá déanta maidir le méadú na gcaighdeáin cháilíochta a mheasúnú. | Comh-Cheannasaithe: An RLGÓ agus An ROS | Teacht ar comhaontú ar mhaoiniúchán agus ar shocruithe le haghaidh an rannpháirteachas sa tionscadal Caighdeán Thar Rialacháin de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus béim dírithe ar pholasaithe chun cur le cáilíocht an phróisis, go háirithe polasaithe maidir le forbairt an fhórsa oibre. Trí chomhaontas a dhéanamh maidir leis an rannpháirteachas, féachaint ar an acmhainneacht atá ann chun an raon a ailíniú le Creat Caighdeáin don ECEC de chuid an AE (féach gníomh D.4.C.3). | X | | | | In 2019, lorg an ECFE tíortha chun páirt a ghlacadh sa tionscadal QBR, a fhéachann le tuiscint a fháil ar bheartais ar féidir leo cáilíocht phróisis a fheabhsú, go háirithe beartais forbartha fórsa saothair. I dteannta a chéile, thairg an Coimisiún Eorpach (CE) tacaíocht do thíortha a thugann faoi Athbhreithniú Beartais ECFE iomlán de chuid an ECEC D'aontaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna páirt a ghlacadh. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.A**<br>**Méadaigh an caiteachas poiblí ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá Dteaghlaigh.** | D.5.A.1.<br>Cuir leis an infheistíocht phoiblí in ELC d'ardchaighdeán (agus i gcúram do leanaí ar aois scoile d'ardchaighdeán) do gach uile bhabaí agus leanbh óg chun an cháilíocht a mhéadú agus chun déileáil le cheist na hinacmhainneachta den soláthar seirbhísí do theaghlaigh, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal. Faoi 2028 beidh an méid infheistíochta poiblí in ELC (agus i gcúram do leanaí ar aois scoile) tar éis a bheith dúbailte. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ | Feachtas meastachán rathúil bunaithe ar sonraí ardchaighdeáin agus ar fhianaise ar an gá atá ann d'infheistíocht bhreise san ELC. | X | | | | I gCáinaisnéis 2019, leithdháileadh €89m sa bhreis ar fhoghlaim agus cúram na luath-óige agus ar chúram leanaí ar aois scoile - sin níos mó ná 18% den sprioc infheistíochta poiblí. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i gCáinaisnéis 2020 (i.e. leithdháileadh €64m sa bhreis nó 31% carnach den sprioc infheistíochta poiblí). Leithdháileadh €638m do ELC agus SAC in 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.A**<br>**Méadaigh an caiteachas poiblí ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá Dteaghlaigh.** | D.5.A.2.<br>Soláthar infheistíocht chaipitiúil tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta chun an infreastruchtúr córais luath- óige a fhorbairt, lena n- áirítear foráil don cúram ELC agus do leanaí ar aois scoile, an Ospidéal Leanaí nua agus Aonaid um Chúram Práinneach, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais agus an Clár Tógála um Ionaid Chúraim Phríomhúil. | Ceannasaí:<br>An RS | An Ospidéal Leanaí Nua: Na hoibreacha tógála de Chéim A tugtha chun críche (na hoibreacha fostruchtúrtha ar an bpríomhláithreán). | X | | | | Críochnaíodh oibreacha tógála Chéim A in 2019. |
| | | | An Ospidéal Leanaí Nua: Tús curtha leis na hoibreacha Céim B (oibreacha 7-urlár d'airde) curtha ar aghaidh. | X | | | | Tugadh treoir d'oibreacha Chéim B go luath in 2019. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an obair thógála ar an ospidéal nua leanaí. Ar fud an láithreáin 12 acra tá an tochailt, an tíliú, agus an fráma struchtúrach go dtí an t-íoslach faoi thalamh le haghaidh bainistíocht saoráidí ar fud an champais, an t-ionad fuinnimh, agus an carrchlós le míle spás faoi thalamh curtha i gcrích. |
| | | | An Ospidéal Leanaí Nua: Roinn na nOthar Seachtrach (OPD) Aonaid Chúraim Phráinne Chonghaile críochnaithe, go praiticiúil, in earrach 2019. | X | | | | Osclaíodh Ionad Cúraim Éigeandáil Péidiatraice agus Othar Seachtrach Péidiatraice ag CHI Uí Chonghaile an 31 Iúil 2019. |
| | | | An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais: Tabharfar na hoibreacha scinceála ar an mbloc cógaslanna agus ar an gcarr clós chun críche. | | | X | | Taispeánann nuashonrú ar an tionscadal seo go bhfuiltear ag súil go mbeidh na hoibreacha seo críochnaithe faoi R4 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.A**<br>**Méadaigh an caiteachas poiblí ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá Dteaghlaigh.** | D.5.A.2.<br>Soláthar infheistíocht chaipitiúil tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta chun an infreastruchtúr córais luath- óige a fhorbairt, lena n- áirítear foráil don cúram ELC agus do leanaí ar aois scoile, an Ospidéal Leanaí nua agus Aonaid um Chúram Práinneach, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais agus an Clár Tógála um Ionaid Chúraim Phríomhúil. | Ceannasaí:<br>An RS | Clár Tógála Ionaid Chúraim Phríomhúil: Ag deireadh 2018, tá 127 ionad cúraim phríomhúil i bhfeidhm agus tá 17 gcinn eile atá beartaithe le hoscailt in 2019.<br>Ba trí phróiseas soláthair na chéad Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí de chuid an FSS ar osclaíodh 14 de na hIonaid Phríomhchúraim a osclaíodh iad le déanaí. | | | X | | De réir Nuashonruithe Ráithiúla ó R4 2019 b'ionann an seasamh ag deireadh 2019 agus 129 ionad ag feidhmiú agus bhí 18 gcinn eile le hoscailt níos déanaí i 2020. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 5.B<br>Forbair níos mó bealach chun cur chuige maidir le maoiniú tacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil. | D.5.B.1.<br>I gcomhthéacs samhla nua de thacaithe tuismitheoireachta, glac le caighdeáin cháilíochta chun taca a chur faoi an maoiniúchán poiblí a dhéantar ar thacaithe tuismitheoireachta chun bonn níos straitéisí, comhsheasmhaí agus inbhuanaithe don obair seo, agus creat follasach, leis, le hacmhainní a leithdháileadh. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Tusla, an FSS agus an earnáil dheonach | Ní raibh aon Phríom-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |
| | D.5.B.2.<br>I gcomhthéacs an Cur Chuige Oil-Rialtais chun Déileáil leis an mBochtaineacht Leanaí, lean ar aghaidh ag cinneadh cad é an dearadh is fearr d'fhorlíonadh ioncam teaghlaigh chun a n- éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a uasmhéadú chun an mbochtaineacht leanaí a híoslaghdú, agus chun cur le dreasachtaí chun fostaíochta ag an am céanna. Lean ar aghaidh ag forbairt cur chuige iltoiseacha chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht leanaí, chun cur leis na polasaithe um fhorlíonadh ioncam teaghlaigh. | Ceannasaí:<br>RGFCS | Tá an ceathrú tuarascáil bhliantúil ar an BOBF, don tréimhse Aibreán 2017 go deireadh 2018, le bheith críochnaithe. Cuideoidh sé sin dúinn breithiúnacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo cur chuige uile- rialtais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht leanaí. | X | | | | Thug Buiséad 2020 roinnt beart isteach, a mbeidh tionchar díreach dearfach acu ar bhochtaineacht leanaí. Áirítear orthu seo:<br>• Tiocfaidh méadú ar thairseacha Íocaíochta Teaghlaigh Oibre le €10 in aghaidh na seachtaine do theaghlaigh le 1, 2 nó 3 leanbh. Meastar go mbainfidh 55,000 teaghlach leas as, ar chostas de €19 milliún ó mhí Eanár 2020<br>• Neamhaird tuillimh do thuismitheoirí aonair atá ag obair agus a fhaigheann Íocaíocht Teaghlaigh Aon Tuismitheora nó Íocaíocht Aistriúcháin Cuardaitheora Poist le méadú faoi € 15 go € 165 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir 2020 - 16,900 teaghlach chun leas a bhaint as an modhnú.<br>• Méadú de €3 ó €37 go €40 in aghaidh na seachtaine do leanaí 12 bliana d'aois agus méadú de €2 ó €34 go €36 in aghaidh na seachtaine do leanaí suas go 12 bliana d'aois i ngach íocaíocht sheachtainiúil.<br>• Scéim Béilí Scoile Te - le leathnú do suas le 35,000 leanbh scoile breise. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| **5.B**<br>**Forbair níos mó bealach chun cur chuige maidir le maoiniú tacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil.** | D.5.B.3.<br>Forbair samhail mhaoinithe nua don ELC, agus tabhair an tsamhail sin isteach a chuirfidh leis an gcáilíocht soláthair feabhsaithe gan an inbhuanaitheacht do sholáthraithe ná an inacmhainneacht do thuismitheoirí a chur i mbaol. | Ceannasaí: An RLGÓ | Sainghrúpa ainmnithe. | X | | | | Bunaíodh Grúpa Saineolaithe chun Múnla Maoinithe nua don Luathfhoghlaim agus Cúram (ELC) agus Cúram Leanaí Aois Scoile (SAC) a fhorbairt i Meán Fómhair 2019. Tionóladh cruinniú tionscnaimh den Shain-Ghrúpa i mí Dheireadh Fómhair 2019. Tá cathaoirleacht neamhspleách ar an Sain-Ghrúpa agus tá sé comhdhéanta de shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le saineolaithe beartais ó na Ranna Gnóthaí Leanaí agus Óige, Oideachas agus Scileanna agus Caiteachas agus Athchóiriú Poiblí.<br><br>Ceapadh Frontier Economics go déanach in 2019 agus tá roinnt doicméid oibre á dtáirgeadh aige chun tacú le hobair an tSain-Ghrúpa.<br><br>D'fhonn an an obair seo a threorú, tá clár comhairliúcháin agus rannpháirtíochta beartaithe don tíre uile chun tuairimí tuismitheoirí, foirne, soláthraithe agus na n-eagraíochtaí earnála níos leithne a chloisteáil.<br><br>Meastar go rithfidh forbairt samhail nua maoinithe Shainghrúpa go 2021 agus go gcuirfear moltaí an Ghrúpa faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus chuig an Rialtas sa deireadh. Tá an cháipéisíocht a bhaineann le gach cruinniú den Shain-Ghrúpa ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail: www.first5fundingmodel.gov.ie. |
| | | | Plean tionscadail mionsonraithe aontaithe. | X | | | | |
| | | | Comhpháirtíochtaí um Taighde bunaithe. | X | | | | |
| | | | Páipéir oibre céadchéime curtha ar aghaidh. | X | | | | |
| | | | Comhaontas déanta maidir le bealach/ bealaí de chur chuige i leith rannpháirteachas páirtithe leasmhara (mar shampla fóram comhairliúcháin, comhairliúchán pobail etc.). | X | | | | |
| | D.5.B.4.<br>Déan forbairt bhreise ar an gcreat comhlíonta agus ar na treoirlínte airgeadais chun taca a chur faoi mhaoiniúchán poiblí ar an ELC agus ar an gcúram do leanaí ar aois scoile (SAC), agus córas beartaithe chun an maoiniúchán a aisbhaint ó lonnaíochtaí nach sásaíonn na ceangaltais atá ann (maidir le caighdeán nó coinníoll eile). | Ceannasaí: An RLGÓ | Obair leanúnach ar fheidhmiú an chreat comhlíonta ag féachaint do rialacha na gclár maoiniúcháin de chuid na RLGÓ, go háirithe maidir le ceisteanna airgeadais. | X | | | | Rinneadh gach conradh do chláir mhaoinithe RGLÓ (NCS, ECCE, CCE agus CCSP) a nuashonrú don bhliain cláir 2020/2021 chun na moltaí ó thuarascáil chomhairleoirí neamhspleácha ar threoirlínte airgeadais a áireamh, maidir leis na rialacha maoinithe le béim ar leith ar chur i bhfeidhm iomchuí den Imlitir RCPA 13/14 de réir mar a bhaineann sé leis na cláir mhaoinithe seo. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 5.B<br>Forbair níos mó bealach chun cur chuige maidir le maoiniú tacaíochtaí do bhabaithe, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil. | D.5.B.4.<br>Déan forbairt bhreise ar an gcreat comhlíonta agus ar na treoirlínte airgeadais chun taca a chur faoi maoiniúchán poiblí ar an ELC agus ar an gcúram do leanaí ar aois scoile (SAC), agus córas beartaithe chun an maoiniúchán a aisbhaint ó lonnaíochtaí nach sásaíonn na ceangaltais atá ann (maidir le caighdeán nó coinníoll eile). | Ceannasaí:<br>An RLGÓ | Béim a chur ar na socrúcháin rialachais faoin Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí - treoirlínte airgeadais le heisiúint. | | | X | | Chuir an tuarascáil ó chomhairleoirí neamhspleácha ar na socruithe rialachais don NCS roinnt ábhar oiliúna ar fáil chun tacú le treoirlínte airgeadais don earnáil. Tá RGLÓ ag obair i gcomhar le Pobal chun iad seo a rolladh amach mar chuid de shraith oiliúna chun tacú leis an earnáil, seachadadh i R4. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 5.C<br>**Forbair sásanna iomchuí chun dul chun cinn ar an infheistíocht phoiblí sa luath-óige a rianú.** | D.5.C.1.<br>Forbair táscairí, ag féachaint siar ar obair atá déanta roimhe seo, chun infheistíocht poiblí sa luath- óige a aithint go beacht thar réimsí príomhúla caiteachais agus chun bonnlíne a chur i gcrích gur féidir an dul chun cinn a thomhas leis. Chomh maith le rianú a dhéanamh ar an méid iomlán de chaiteachas poiblí a chaitear ar an luath-óige, forbair táscairí breise airgeadais agus neamhairgeadais, agus déan monatóireacht orthu siúd, chun an dul chun cinn ar fhorbairt córas éifeachtach luath-óige a rianú, mar shampla an méid (sa mheán) den ioncam teaghlaigh a chaitear ar ELC (agus ar cúram do leanaí ar aois scoile), spriocanna maidir leis an mbochtaineacht leanaí, rátaí glactha de theidlíochtaí dála saoire thuismitheoireachta, rátaí pá san ELC. | Ceannasaí:<br>An RLGÓ | Ní raibh aon Phríom-hgharspriocanna ann do 2019. | | | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOC TÓGÁLA 5

## Cistiú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí / Comhpháirtithe | Príomh-Gharsprioc 2019 | Dul chun cinn Gharspriocanna 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Bainte Amach | Bainte Amach R2 2020 | Le Baint Amach R4 2020 | Moill | Insint ar dhul chun cinn do Gharspriocanna 2019 |
| 5.C<br>**Forbair sásanna iomchuí chun dul chun cinn ar an infheistíocht phoiblí sa luath-óige a rianú.** | D.5.C.2.<br>Lean ar aghaidh ag tabhairt faoi Measúnachtaí Tionchar Sóisialta ar an infheistíocht sa luath-óige, agus mar thús leis sin déan athbhreithniú ar an tionchar sóisialta atá ag athraithe ar conas a mhaoinítear an ELC agus an cúram do leanaí ar aois scoile le déanaí. | Comh-Cheannasaithe:<br>Na Ranna Rialtais atá ábhartha uile | Páipéir foilsithe go tréimhsiúil mar chuid den tSraith Measúnacht Tionchair Sóisialta. | X | | | | Foilsíodh measúnú iarmharta sóisialta ar Chláir Spriocdhírithe Cúraim Leanaí faoin Sraith Measúnachta Tionchair Shóisialta. |

# AGUISÍN
# TÉARMAÍ TAGARTHA DO GHRÚPA IDIR-RANNACH NA CHÉAD 5




## Cúlra

Foilsíodh Na Chéad 5, an Straitéis Uile-Rialtais do Naíonán, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh, i mí na Samhna 2018 agus ina diaidh sin foilsíodh plean feidhmithe mionsonraithe trí bliana i mBealtaine 2019. Ba é an Grúpa Idir-Rannach a rinne maoirseacht ar an obair seo agus is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bhí ina cathaoirleach.

Is straitéis deich mbliana é Na Chéad 5 a dhíríonn ar an tréimhse réamhbhreithe go dtí aois a 5, ach is comhstraitéis é de chuid Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 0 - 25 Bliain d'Aois (Better Outcomes, Brighter Futures, BOBF). Mar sin, tá na struchtúir fheidhmithe do Na Chéad 5 lonnaithe laistigh de chreat feidhmithe foriomlán BOBF. Trí na struchtúir seo tugtar le chéile páirtithe leasmhara sna Ranna Rialtais, sna Gníomhaireachtaí Stát, agus sna hearnálacha pobail agus deonacha.

## Struchtúir Fheidhmithe Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile



Chomh maith leis na struchtúir fheidhmithe, bunaíodh Oifig Fheidhmithe do Na Chéad 5, sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ionas go mbeifí chun tosaigh maidir le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Na Chéad 5, agus chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-infreastruchtúr riachtanach i bhfeidhm chun tacú leis an gcur i bhfeidhm (e.g. Plean Meastóireachta agus Taighde Na Chéad 5, Straitéis Chumarsáide Na Chéad 5 agus Táscairí Na Chéad 5). Ina theannta sin, cuireadh le cuspóir, le ról agus le ballraíocht Grúpa Idir-Rannaigh Na Chéad 5.

## Cuspóir

Tá sé mar chuspóir ag Grúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 na nithe a leanas a bhaint amach:

- Feasacht agus úinéireacht a fhorbairt maidir leis Na Chéad 5 laistigh de agus thar Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stát agus i measc príomhpháirtithe leasmhara eile.
- Tacaíocht a thabhairt do agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Na Chéad 5 laistigh de agus thar Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stát agus i measc príomhpháirtithe leasmhara eile.
- Treoir agus comhairle a sholáthar d'Oifig Fheidhmithe Na Chéad 5 maidir le:
    - Cuir chuige monatóireachta agus tuairiscithe (e.g. Tuarascáil Bhliantúil Na Chéad 5, Táscairí Na Chéad 5),
    - An t-infreastruchtúr atá riachtanach chun tacú leis an gcur i bhfeidhm (i.e. Plean Meastóireachta agus Taighde Na Chéad 5, Straitéis Chumarsáide Na Chéad 5 agus Plean Bliantúil Na Chéad 5) agus
    - Saincheisteanna straitéiseacha, polasaí, reachtúla agus oibríochta a bhaineann leis Na Chéad 5 agus é a chur i bhfeidhm.
- Fóram a sholáthar chun ceisteanna feidhmithe a ardú agus chun réitigh a fhorbairt le haghaidh dúshlán a bhaineann leis an gcur i bhfeidhm, más ann dóibh.

## Ról na mball

Déanfaidh baill Ghrúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 na nithe a leanas:

- Beidh siad ina bpointe teagmhála idir Oifig Fheidhmithe Na Chéad 5 agus a Roinn/a nGníomhaireacht féin.
- Na Chéad 5 a chur chun cinn mar aon leis na gníomhartha a leagtar ar a Roinn/a nGníomhaireacht féin mar a bhaineann siad leis na Chéad 5. Rachaidh siad i mbun caidrimh le páirtithe ábhartha, nuair is gá, chun na garspriocanna bliantúla a bhaint amach.

- Éascóidh siad cruinnithe le hoifigigh eile ina Ranna/ina nGníomhaireachtaí féin mar is gá.
- Comhordóidh siad agus déanfaidh siad athbhreithniú ar ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm Na Chéad 5 mar a bhaineann sé lena Roinn/lena nGníomhaireacht féin. Rachaidh siad i mbun caidrimh le páirtithe ábhartha, nuair is gá (e.g. tuairisc ar dhul chun cinn dhá uair sa bhliain agus cur le forbairt a dhéanamh ar Thuarascáil Bhliantúil Na Chéad 5).
- Treoir agus comhairle a sholáthar d'Oifig Fheidhmithe Na Chéad 5 ar chúrsaí a bhaineann leis Na Chéad 5.

## Ballraíocht

Ceapfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Cathaoirleach a bheidh i gceannas ar Ghrúpa Idir-Rannach Na Chéad 5. Déanfar suas an chuid eile den Ghrúpa mar seo a leanas:

- Ionadaithe ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Ionadaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna
- Ionadaí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- Ionadaí ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- Ionadaí ón Roinn Sláinte
- Ionadaí ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Ionadaí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Ionadaí ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Ionadaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Ionadaí ó Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Áireofar Roinn an Taoisigh freisin nuair a bheidh páipéir de chuid an Ghrúpa Idir-Rannaigh á scaipeadh.

## Rúnaíocht

Cuirfidh Oifig Fheidhmithe Na Chéad 5 tacaíocht rúnaíochta ar fáil do Ghrúpa Idir-Rannach Na Chéad 5.

## Sceideal Cruinnithe

De ghnáth, buailfidh Grúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 le chéile 2 uair sa bhliain. D'fhéadfadh an Cathaoirleach cruinnithe breise a chur ar an gclár de réir mar a bheidh gá leo.

# TAGAIRTÍ



## Tagairtí


1. Buntacaíonn teoiric agus fianaise i leith na rudaí a n-éiríonn leo le Fís Na Chéad 5 chun córas éifeachtach luath-óige a bhaint amach. Cuireann obair ZERO TO THREE, eagraíocht dhomhanda atá dírithe ar fhorbairt an linbh, eolas ar fáil don chur chuige córasach. Tugann ZERO TO THREE taighdeoirí agus cliniceoirí ó dhisciplíní éagsúla le chéile agus cuireann sé acmhainní ar fáil do thuismitheoirí, gairmithe agus an lucht déanta beartas. Leagtar béim san obair a rinneadh ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe, agus cuireann beartais agus cláir sláinte mhaith, teaghlaigh láidre agus eispéiris foghlama dhearfacha chun cinn. Tá acmhainní agus eolas ar fáil ag: https://www.zerotothree.org/
2. Allen, G. (2011) *Early Intervention: The Next Steps*. Londain: Rialtas na Banríona.
3. Phillips, D.A., & Shonkoff, J.P. (Eagarthóirí) (2000) *From Neurons to Neighborhoods: The Science of Early Childhood Development*. Washington: National Academies Press.
4. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) (2003) *Pregnancy, Childbirth, Postpartum, and Newborn Care: A Guide for Essential Practice*. Geneva: WHO.
5. National Scientific Council on the Developing Child (2007) *The Science of Early Childhood Development*. Ar fáil ag: http://www.developingchild.net
6. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013) *Right from the Start: Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
7. Hall, D.M.B & Elliman, D. (2006) *Health for all Children (4ú heagrán leasaithe)*. Oxford: Oxford University Press.
8. Denyer, S. (2005) *Best Health for Children Revisited – Report from the National Core Child Health Programme Review Group to the Health Service Executive*. Baile Átha Cliath: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).
9. Epsing-Andersen, G. (1998) Equal Opportunities in an Increasingly Hostile World. Léachtaí Trois II. Sraith Léachtaí. Ar fáil ag: http://dcpis.upf.edu/~gosta-esping-andersen/ materials/equal_oportunities.pdf
10. Davies, C. & Ward, H. (2012) *Safeguarding Children Across Services: Message from Research*. Londain: Jessica Kingsley Publishers.
11. Jackson, K.M. & Nazar, A.M. (2006) Breastfeeding, the Immune Response, and Long-Term Health, *Journal of the American Osteopathic Association*, Imleabhar 106, lch 203-207.
12. Munro, E. (2011) *The Munro Review of Child Protection: Final Report*. A Child-Centred System. Londain: An Roinn Oideachais.
13. Allen, G. (2011) *Early Intervention: The Next Steps*. Londain: Rialtas na Banríona.
14. Frost, J.L., Wortham, S.C., & Reifel, R.S. (2001) *Play and Child Development*. Prentice Hall: Merrill.
15. Ruhm, C.J. (2004). Parental Employment and Child Cognitive Development. *Journal of Human Resources, 39*(1), lch 155–192.
16. Merriman, B., Greene, S., Doyle, E. & McDaid, R. (2013) *Report on the Qualitative Study of Infants and Their Parents at Wave 1 (Nine Months). Ag Fás Aníos in Éirinn: An Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha ar Leanaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
17. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013) *Right from the Start: Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.
18. Russell, H., McGinnity, F., Fahey, É. & Kenny, O. (2018) *Maternal Employment and the Cost of Childcare in Ireland*. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).
19. Urban, M., Vandenbroek, M., Lazzari, A., Peeters, J., & van Laere, K. (2011) *Competence Requirements in Early Childhood Education and Care (CoRe)*. A Study for the European Commission Directorate-General for Education and Culture. Londain agus Gent: Ollscoil Oirthear Londan, Ollscoil Ghent.
20. O'Kane, M. (2016) T*ransition from Pre-School to Primary School. Research Report No. 19*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).
21. Ibid.
22. Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) (2006) *Starting Strong II*: Oideachas agus Cúram na Luath-Óige Páras: OECD.
23. French, G. (2007) *Children's Early Learning and Development: A Background* Paper. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).
24. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013) *Right from the Start: Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin an Rialtais.

Na Chéad 5

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland